
IRIS SEANDÁLAÍOCHTA AN ÚBN
2012 Eagrán 7

NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

# seanda





6 Feidhmithe seandálaíocha de shonraí LiDAR ÚBN
34 An dóigh a ndearnadh gallán
46 Ag nochtadh lorg féideartha na Lochlannach, is dócha





# seanda

## clár ábhair

ICH


02 Nuacht

06 Ag teacht chuig an phointe

10 Na rudaí ina luí faoin talamh

12 An saol sa 'gharraí dhubh' san am a chuaigh thart

16 Ó scriosadh go hathdhéanamh

18 Broic thrioblóideacha agus an eolaíocht nua-aimseartha

22 Ó Loch Garman go Contae an Chláir i rith 5,600 bliain

24 Ag oibriú feirme agus ag troid ar an teorainn

28 Leacht cuimhne ag gluaiseacht

32 Aghaidh ón am a chuaigh thart

34 An dóigh a ndearnadh gallán

38 Cill Dara faoin talamh


42 Oidhreacht oibre

46 Lochlannaigh ag Fochaird Íochtarach

48 An tSeandálaíocht ó dheireadh an bhóthair

52 Ag cur droichid thar stair na Mí

56 Gluais

6

Ag teacht chuig an phointe

Léiríonn taighde nua feidhmeanna de shonraí LiDAR an ÚBN a coimisiníodh an chéad uair do mhapáil torainn ar scéimeanna bóithre náisiúnta.



24

Ag oibriú feirme agus ag troid ar an teorainn

Tá luach na dtochaltán ag Caisleán Charraig Mhaighin i gContae Áth Cliath theas, ó thaobh na heolaíochta de, ar tí a bheith tuigthe nuair atá an anailís iarthochaltáin ag teacht chun deiridh.



34

An dóigh a ndearnadh gallán

Fuarthas fionnachtain stairiúil ar leith i rith thochailte galláin ar an Bhóthair Ceangail N11 Inbhear Mór–Guaire i gContae Loch Garman.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

## Foireann Táirgeachta

FOIREANN EAGARTHÓIREACHTA
Michael Stanley (eagarthóir)
Rónán Swan
Sheelagh Hughes (eagarthóir cóipe, Editorial Solutions Ireland Teo)

TÁIRGEADH, LEAGAN AMACH AGUS DEARADH
LSD Teo

FOILSITHEOIR
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Teach Naomh Máirtín
Bóthar Waterloo
BÁC 4

SUÍOMH IDIRLÍN
Tabhair cuairt ar www.nra.ie/Archaeology/Seanda-NRAArchaeologyMagazine/ lena fheiceáil nó íoslódáil leagan PDF den iris seo agus de na heagráin uilig roimhe seo.

SÉANADH
Ní gá gur léiriú atá sna tuairimí a nochtar san fhoilseachán ar dhearcadh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta ach is tuairimí na n-údar féin atá iontu amháin.

© An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta 2012

Gach ceart ar chosaint. Níl cead cuid ar bith den iris seo a ath-chlóbhualadh nó a atáirgeadh nó a úsáid ar aon bhealach leictreonach meicniúil ná eile dá bhfuil ann anois nó dá n-airgfear ina dhiaidh seo, lena n-áirítear fótachóipeáil agus taifeadadh nó ar bhealach ar bith eile gan cead scríofa na bhfoilsitheoirí roimh ré nó gan ceadúnas a cheadaíonn cóipeáil shrianta in Éirinn arna eisiúint ag Gníomhaireacht na hÉireann um Ceadúnúchán Cóipchirt Teo., Lárionad na Scríbhneoirí, 19 Cearnóg Parnell BÁC 1

Íomhá chlúdaigh: Amharc ar Dhroichead Shláine, Contae na Mí, ag léiriú ceann de na háirsí meánaoiseacha le rinn, le háirse chiorclach ón18ú haois ar chúl. (Grianghraf: Rob Goodbody)

Liosta ábhar

Fáilte chuig an
# seachtú heagrán de *Seanda*

Feardorcha de Barra, Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta


Feardorcha de Barra

Mar is eol do léitheoirí rialta *Seanda*, ba é an t-eagrán deireanach an chéad cheann a bhí le fáil ar líne amháin, cionn is gur cuireadh deireadh leis an leagan clóbhuailte. Léiríonn aiseolas go dtí seo gur cuireadh fáilte roimh an leagan nua leictreonach den iris go ginearálta, agus rinne na léitheoirí trácht go dea-mheasúil ar an dóigh ar coinníodh suas an t-ardchaighdeán tairgthe, ar an dearadh leasaithe, agus ar áisiúlacht na ngnéithe nascleanúna feabhsaithe. Chaoin daoine áirithe an t-aistriú go foilseoireacht ar líne, dár ndóigh, ach bhí siad sásta, áfach, feiceáil go rachadh Seanda ar aghaidh i bhformáid nua. Táimid buíoch as na tuairimí seo, agus ba mhaith linn sibh a spreagadh chun leanúint ag léiriú bhur mbarúlacha maidir leis an cur chuige nua seo.

D'athraigh tréithe agus scála na scéimeanna bóthair nua go mór nuair a cuireadh obair ar na cúig príomhhótarbhealach idirchathracha (M1, M6, 7, M8 agus M9) i gcrích agus nuair a tháinig meath ar an mhaoiniú a bhí ar fáil do thionscnaimh bhonneagair. Ach, mar a léiríonn cuid de na hailt in Eagrán 7, is féidir le forbairtí measartha beag leithéidí ionaid seirbhísí ar an mhótarbhealach agus scéimeanna i dtaca le sábháilteacht ar an bhóthar fionnachtana seandálaíochta suntasacha a thabhairt. Tá cuma bheag bhídeach ar na tionscnaimh ar tugadh fúthu ar na mallaibh i gcomparáid leis na mótarbhealaí a tógadh sna deich mbliana roimhe, ach tá an cur chuige maidir le hoidhreacht sheandálaíoch a fhaightear ar na bóithre mar a bhí sé i gcónaí—cosúil lenár ndualgas torthaí an taighde seo a chur in iúl.


Cinnte, tá am de dhíth chun torthaí tochaltáin a chur i gcóimheas, chun anailís agus léirléamh a dhéanamh orthu . Is féidir blianta a chaitheamh chun an tuairisc ar an tochailt theicniúil a chríochnú. Chomh maith leis sin, is féidir le tionscnaimh ar tugadh fúthu roinnt blianta ó shin fionnachtana gan súil leo a ghineadh i rith chéim na hiarthochailte, chomh maith le teacht chun buaice leis na tuairiscí tochaltáin deiridh a thugann amhábhar do thaispeántais, ailt irise, páipéirí i bhfoilseacháin léinn, leabhair faoi scéimeanna ar leith, agus go mórthábhachtach, níos mó taighde. Tá scéalta nua le hinsint go fóill.






# Nuacht

## Tochaltáin ag Tulach Éide Neoiliteach foilsithe




Seoladh *Archaeological Excavations at Tullahedy, County Tipperary: Neolithic settlement in North Munster,* le Rose M Cleary agus Hilary Kelleher, i Leabharlann an Aonaigh ar 8 Nollaig 2011. Cuireann an leabhar, foilsithe ag The Collins Press, síos ar thochaltáin a rinne Coláiste Ollscoile, Corcaigh i 2006–7 roimh thógáil mótarbhealach an M7, An tAonach go Luimneach, ar son Chomhairle Contae Luimnigh agus an ÚBN. Cuireann sé síos ar cad chuige a raibh cónaí ar phobal Neoiliteach ag Tulach Éide, cóngarach do líne an chladaigh ag Loch Dearg, 6,000 bliain ó shin beagnach. Cuireann an flúirse cinn tua, reanna saighde, potaireachta, coirníní agus siogairlíní a fuarthas anseo, chomh maith leis an saibhreas eolais faighte ó anailísí timpeallachta, go mór leis an díolaim náisiúnta eolais ar an saol Neoiliteach.

Ba mhór an freastal ag an seoladh i measc lucht éisteachta na háite agus baill Chumann Staire Ormond agus Chumann Staire Chontae Thiobraid Árann. Seoladh an leabhar ag Leas Chathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, an Comhairleoir Damien Riedy, Méara an Aonaigh, labhair an Comhairleoir Virginia O'Dowd fosta ar an oíche, in éineacht leis an Ollamh William O'Brien agus Rose Cleary ó Roinn na Seandálaíochta, Coláiste Ollscoile, Corcaigh. *Tá Archaeological Excavations at Tullahedy, County Tipperary* ar díol sna siopaí leabhar ar €49.99 agus is féidir é a cheannach fosta ar líne ó shuíomh idirlín Collins Press (www.collinspress.ie/) ar €39.99.

*Richard O'Brien, Seandálaí ÚBN, an Fhoireann Theas.*

## Tuairiscí Tochaltán

Bíonn gach alt de chuid *Seanda* bunaithe, a bheag nó a mhór ar thorthaí tochaltáin seandálaíche. Ó bhí 2001 ann bhí breis agus 2,000 tochaltán ar scéimeanna bóthair, le scríobh tuairisce mar thoradh ar gach ceann acu agus, más féidir, ag insint scéal na ndaoine a mhair, a d'oibrigh agus a d'éag ann san am a chuaigh thart. Sa deireadh, is iad na tuairiscí seo an t-ábhar as a dtógtar cuid mhaith den taighde seandálaíoch. Bhí an ÚBN i gcónaí ar bior leis na tuairiscí tochaltán seo a fheiceáil in úsáid agus táthar den bharúil gur dóigh eile é seo le luach a fháil ar an mhór-chaiteachas phoiblí. Is iomaí taighdeoir a bhfuil cóipeanna de thuairiscí curtha ar fáil dóibh ag an ÚBN san am a chuaigh thart agus cuireadh tús ar na mallaibh le cóipeanna digiteacha de na tuairiscí seo a chur ar fáil do Séadchomharthaí Náisiúnta na hÉireann, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Sa Bhliain 2008 sheol an ÚBN bunachar ar líne a sholáthraíonn eolas ar chuid mhaith de na tochaltáin seo (féach www.nra.ie/Archaeology/NRAArchaeologicalDatabase/). I láthair na huaire tá muid ag foilsiú clár na dtuairiscí deireanacha tochaltán de chuid an ÚBN i bhfoirm PDF, le cur leis an bhunachar. Tá 1,300 tuairisc sa chlár faoi láthair agus déanfar uasdhátú air go rialta de réir mar a fhaightear tuairiscí úra (féach www.nra.ie/Archaeology/ExcavationReports/). Dá mba mhaith leat cóip dhigiteach de thuairisc ar leith atá liostaithe sa chlár déan teagmháil, le do thoil, le lbutler@nra.ie nó rswan@nra.ie. Má tá tú ag cuardú eolais ar thochaltán nach bhfuil ar an chlár faoi láthair déan teagmháil linn, le do thoil, agus is féidir linn tú a chur ar an eolas maidir lena stádas.

*Rónán Swan, Ceannaire na Seandálaíochta an ÚBN, Príomhoifig an ÚBN.*

## Foilseacháin New Midlands

I mí na Nollag 2011 sheol Cumann Staire agus Seandálaíochta Uíbh Fhailí an séú heagrán d'iris s'acu *Offaly Heritage*. San imleabhar is déanaí tá réimse alt staire agus seandálaíochta ann a bhaineann le Contae Uíbh Fhailí, le dhá cheann acu ag baint le fionnachtana a fuarthas ar Sheachród N52 i dTulach Mhór. Déanann Carmelita Troy agus Susan Lalonde scrúdú ar adhlacadh Cré-Umhaoiseach a fuarthas sa bhaile fearainn An Muclach, lena earraí uaighe iontacha, coirnín óir nó clúdach cnaipe de chineál Wessex agus meana déanta de bheann fia. Is fionnachtain shainiúil í an clúdach óir ó chomhthéacs na hÉireann agus bhí sé luaite in eagrán 2 agus 3 de *Seanda*. Pléann Tom Janes réimse iomlán na suíomh a aithníodh ar an scéim, a sholáthraigh fianaise ghníomhaíocht réamhstairiúil thart ar Thulach Mhór, fulachtaí fia Chré-Umhaoiseach agus miotalóireacht Iarnaoiseach ina measc. Déanann sé scrúdú fosta ar na suímh Iarmheánaoiseacha ón seachród, ina raibh áitreabh dúchasach agus suíomh d'oibreacha iarainn ar scála beag.

Tá *Offaly Heritage* Eagrán 6 ar fáil ó Chumann Staire agus Seandálaíochta Uíbh Fhailí, Cé Bury, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí. Tá tuairiscí deireanacha na dtochaltán ar Sheachród N52, Tulach Mhór ar fáil le híoslódáil ó shuíomh idirlín an Chumainn ag: http://www.offalyhistory.com/articles/448/1/N52-Tullamore-Bypass-Final-Reports-on-Archaeological-Excavations/Page1.html

Foilseoidh Comhairle Contae na hIarmhí *Settlement and Community in the Fir Tulach Kingdom: archaeological excavations on the M6 and the N52 road schemes* níos moille sa bhliain. Scríofa ag John Channing and Paul Stevens ó Valerie J Keeley Teo, tugann an leabhar seo cuntas an-suimiúil ar bheatha agus ar bhás sa Luath Mheánaois, ag déanamh scrúduithe ar an dúiche a raibh na Fir Tulach agus ríthe Chlann Cholmáin ina gcónaí ann i ré luath na Mí. Tá an foilseachán bunaithe ar thochaltán de shuíomh manachúil ag Cluain Fada, lena mhonarcha lámhchlog, reilg 'chaillte' Bhaile an Ghaill Mhóir agus an 'Ráth' ag Dimérin Rochefort.

*Orlaith Egan, NRA Archaeologist, Eastern Team.*



Liosta ábhar




# Fionnachtana Seandálaíocha ‘cois tSiúire’

Seoladh an t-ochtú monagraif scéim, *Cois tSiúire – Nine Thousand Years of Human Activity in the Lower Suir Valley. Excavations on the N25 Waterford City Bypass*, curtha in eagar ag James Eogan agus Elizabeth Shee Twohig, ag an Dr. Maurice Hurley ag fáiltiú de chuid Iarsmalann Seod Phort Láirge 6 Feabhra 2012.

Ag caint ag an seoladh, labhair an Comhairleoir Pat Hayes, Méara Phort Láirge faoin dóchas go “lasfar splanc suime i muintir na háite agus i gcuairteoirí an cheantair; agus iad a spreagadh le tuilleadh eolais a chuardú ar an 450 glúin a raibh cónaí orthu cois tSiúire”. Thug an Dr. Hurley ómós don ÚBN as struchtúir a chur in áit nár cinntíodh críochnú rathúil na dtochaltán amháin ach ardchaighdeán na hanailíse agus an taighde iarthochailte chomh maith. Mheabhraigh sé ar an fhrithchosúlacht nach mbeadh ann don leabhar ach ab é tógáil an tseachróid nua agus na fionnachtana atá mar chroí-ábhar an leabhair. Chríochnaigh an seoladh le ceol ón tsoprán áitiúil, Anna-Marie Doyle, ag canadh an amhrán tíre *Cailín ó chois tSiúire mé* le Maeve O’Callaghan ar an mhórphianó.

Scríobh an tOllamh Gabriel Cooney agus é ag scríobh léirmheasa do *The Irish Times*: “Soláthraíonn iomlánú na fianaise seandálaíche ar fad bonn ar a dtig linn cuntas áititheach stairiúil a scríobh ar an saol san am a chuaigh thart…tá dúshraith dhaingean curtha ar fáil ag na scríbhneoirí uilig ar a dtig linn tógáil.” I nuachtlitir Institiúid Sheandálaithe na hÉireann dúirt an Dr. Michael Ryan gur “ómós a bhí sa leabhar agus sa dlúthdhiosca ceangailte leis do scileanna na mbun-ealaíontóirí agus dearthóirí an leabhair le clóghrafaíocht den scoth, fíoracha soiléire agus léarscáileanna a dhéanann leanúint na dtéacsanna furasta agus tarraingteach”.

Foilsíodh *Cois tSiúire – Nine Thousand Years of Human Activity in the Lower Suir Valley* ag an ÚBN i mí na Nollag 2011 agus díoladh an t-iomlán ó cuireadh ar díol go ginearálta é sna siopaí leabhar.



Bronnann Feardorcha de Barra, Príomhfheidhmeannach ÚBN, cóip de *Cois tSiúire- Nine Thousand Years of Human Activity in the Lower Suir Valley* ar Pat Hayes, Méara Chathair Phort Láirge. (Grianghraf: John Power Photography)




*James Eogan, Seandálaí Sinsearach, an Fhoireann Theas.*

Liosta ábhar




# Nuacht

## *Turais thar ama*

Osclaíodh an Iarsmalann Contae is úire i mBaile Cheatharlaigh ar 11 Aibreán ag an Aire Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil Phil Hogan TD agus an Comhairleoir Tom O'Neill, Cathaoirleach Comhairle Bhaile Ceatharlaigh. Beidh an iarsmalann ag freastal ar riachtanais chultúrtha agus oideachasúla an phobail agus cuirfidh sé áis thurasóireacht oidhreachta taobh istigh a bhfuil ráchairt mhór uirthi ar fáil don chontae. Íocadh an chuid ba mhó de chostais an tionscnaimh as acmhainní na comhairle féin ach fuarthas cuidiú deontais ó Chomhairle na hOidhreachta, ón Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, an ÚBN, Carlow County Development Partnership agus Fáilte Ireland.

Cóiríodh Clochar na Foirbhirte mar a bhí ann ar Shráid an Choláiste don iarsmalann úr, séadchomhartha ar shuíomh den chéad scoth i lár an bhaile. Ní mór amharc ar chóiriú an chlochair i gcomhthéacs Cheathrú Cultúrtha Cheatharlaigh ar fad. Téann sé ó Shráid na Tulaí, fad Shráid an Choláiste go Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath ag glacadh isteach Leabharlann an Chontae, Cartlann, Oifig Turasóireachta, Ardeaglais Atógáil na Maighdine Muire, Coláiste Cheatharlaigh (an institiúid chaitliceach tríú-leibhéal is sine in Éirinn), Aonad Radhairc den Ealaín Chomhaimseartha, Amharclann George Bernard Shaw agus teach cúirte galánta Cheatharlaigh. Is é an iarsmalann an chuid dheireanach den Cheathrú Cultúrtha le hoscailt.

Tá ceithre sheomra taispeántais san iarsmalann, atá mar chuid de lárionad ina bhfuil Leabharlann an Chontae, Cartlann agus Oifig Turasóireachta cheana féin. Tá an bailiúchán buan suite sa dá sheomra is mó agus bainfear úsáid as an dá sheomra níos lú do thaispeántais shealadacha. Tá bailiúchán atá ag fás ag an iarsmalann cheana féin a léiríonn réimse leathan tréimhsí agus ábhar ina bhfuil iarsmaí de thábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá an chéad taispeántas sealadach, *Journeys in Time – the story of the M9 Carlow Bypass,* forbartha ag Iarsmalann Contae Cheatharlaigh in éineacht leis an ÚBN agus Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann. Tá achoimre sa taispeántas ar níos mó ná 60 suíomh seandálaíochta a tochlaíodh roimh thógáil sheachród Cheatharlaigh M9, a osclaíodh i 2008. Ba bhuaicphointí an taispeántais iad an chéad bhróiste fáinneach meánaoiseach de chuid Cheatharlaigh, piocóid bheann fia rua réamhstairiúil, éagsúlacht de chinn saighde sheirte, coirnín déanta de faience ón luath Cré-úmhaois, ceann tua cloiche déanta de phoircealláinít ón tréimhse Neoiliteach agus coirnín gloine 2mm ón Iarnaois, an iarsma is lú de chuid na hiarsmalainne.

As siocair gurbh iad seo na tochaltáin ba mhó a rinneadh sa chontae agus mar gheall ar thábhacht na bhfionnachtana beidh an taispeántas ann go dtí Aibreán 2013. Tá na déantúsáin seo uilig sa taispeántas ar iasacht ó Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann, an t-údarás atá freagrach as na déantúsáin sheandálaíocha ar fad. Tá Iarsmalann Contae Cheatharlaigh ainmnithe ag Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann mar cheann de na hiarsmalanna contae/cathrach as 12 a bhfuil cead acu fionnachtana a bhailiú agus a thaispeáint sa chontae ina bhfaightear iad.

D'uaireanta oscailte agus do léirmheas ar an iarsmalann chontae gabh chuig: www.carlowcountymuseum.com/ nó glac páirt sa chomhrá ar www.facebook.com/carlowcountymuseum agus twitter.com/carlowcountymus



Ag oscailt oifigiúil Iarsmalann Contae Cheatharlaigh: (ó chlé go deis) Coiméadaí Iarsmalann Cheatharlaigh, Dermot Mulligan, An tAire Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil, Phil Hogan TD agus Cathaoirleach Chomhairle Baile Cheatharlaigh, An Comhairleoir Tom O'Neill. (Grianghraif: Paul Curran, Comhairle Contae Cheatharlaigh)

*Dermot Mulligan, Coiméadaí Iarsmalainne, Iarsmalann Contae Cheatharlaigh.*



Cuid den taispeántas *Journeys in Time – the story of the M9 Carlow Bypass* forbartha ag Iarsmalann Contae Cheatharlaigh in éineacht leis an ÚBN agus Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann.



Liosta ábhar




# Duais taighde an ÚBN

Roghnaíodh James Bonsall, mac léinn PhD in Ollscoil Bradford, don bhabhta ceannais le taighde s'aige a chur i láthair ag an Chomhdháil mór le rá de chuid Airéana Taighde Iompair (TRA) a bhí in Aithin na Gréige 23–26 Aibreán 2012. Is é an TRA an imeacht is mó taighde iompair ar dhromchla san Eoraip, ag cruinniú le chéile na bpríomhchoiméadaithe geallta gach dhá bhliain. Ag an chomhdháil chuir James a athmheasúnú i láthair ar úsáid suirbhéanna geoifisiceacha ar scéimeanna bóthair in Éirinn, atá mar chuid nach beag de dhuais Chlár Comhaltachta an ÚBN, á stiúradh ag an Dr. Chris Gaffney agus ag an Ollamh Ian Armit (féach *Seanda*, Eagrán 6 [2011], lch 38–9). I ndiaidh cur i láthair dian agus agallamh bronnadh an bonn airgid i gcolún na timpeallachta ar James. Ba í Maire Geoghegan-Quinn, Coimisinéir Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta de chuid an AE a rinne an bronnadh.

Dúirt Rónán Swan, Ceannaire na Seandálaíochta an ÚBN: "Tá an-áthas ar an ÚBN go bhfuil bonn airgid bronnta ar James Bonsall do thaighde dochtúra s'aige ag comhdháil an TRA i mbliana. Tá taighde James ríthábhachtach, chan amháin do luathaithint shuíomh sheandálaíocha ar scéimeanna náisiúnta bóthair ar dhóigh neamhchostasach ach do chruthú, don chéad uair in Éirinn, tacar sonraí eimpíreach gur féidir leis cuidiú le haimsiú cá háit agus cá huair gur féidir suirbhéireacht gheoifisiceach sheandálaíoch a dhéanamh go rathúil."

Dúirt an Dr. Chris Gaffney: "Tá an-áthas orm gur tugadh tosaíocht chomh hard sin dá thaighde ag moltóirí Airéana Taighde Eorpach na n-Óg. Ba dhuine amháin é James a roghnaíodh as 30 don bhabhta ceannais ó níos mó ná 330 mac léinn taighde ar fud na hEorpa. Aithníonn an rogha seo an dóigh a ndeachaigh an tionscnamh seo i bhfeidhm taobh amuigh de phobal traidisiúnta na seandálaíochta."

*Michael Stanley, Seandálaí an ÚBN, Príomhoifig an ÚBN.*

# *Harvesting the Stars*

Is é ábhar *Harvesting the Stars* le hAidan O'Donnell, leabhar sa tsraith Monagraif Scéim an ÚBN atá le theacht amach roimh i bhfad, ná clós deasghnách Iarnaoiseach ar leith a tochlaíodh ag Lios Muilinn, Contae na Mí. Ba theampall págánach faoin aer é an clós le cuaillí ag Lios Muilinn suite i nGleann Gabhra atá faoi Theamhair, ach ní fios fáth a thógála agus cad chuige ar roghnaíodh an láthair neamhchoitianta seo? An é gur láthair a bhí ann do dheasghnátha iontacha na hoíche, ag impí ar dhéithe fómhar torthúil a chur?

Déantar scrúdú ar theoiricí éagsúla san fhoilseachán seo ar cheann de na fionnachtana is suntasaí a rinneadh ar scéim mótarbhealach an M3. Tá staidéar Frank Prendergast ar réalteolaíocht sheandálaíoch an tsuímh ina measc, a d'aithnigh ceangail idir ailíniú na hascaille ag dul isteach agus éirí chnuasach réaltaí Pleiades i spéir na hoíche san fhómhar. Meabhraíonn an staraí Anne Connon ar fhianaise logainmneacha do cheangal le cultas Lugh ('an té lonrach'), a bhfuil baint aige fosta le féile an fhómhair. Is é nochtadh, tochailt agus míniú an séadchomhartha Iarnaoisí seo, a ainmníodh mar shéadchomhartha náisiúnta i ndiaidh a nochta, croílár an leabhair ach cuirtear síos fosta ar ghníomhaíocht luath agus mhall ar an suíomh, meigilit Neoiliteach mhaisithe athúsáidte mar chloch dhín in uaimh thalún mheánaoiseach ina measc.


Athdhéanamh ealaíontóra den chlós le cuaillí ag Lios Muilinn, Contae na Mí (Íomhá: Phil Mac Darby)

Foilseofar *Harvesting the Stars: a pagan temple at Lismullin, Co. Meath* ag an ÚBN níos moille i 2012.

*Mary Deevy, Seandálaí Sinsearach an ÚBN, Foireann Thoir.*


# *Futures and Pasts*

Ó 11–15 Iúil chruinnigh taighdeoirí idirnáisiúnta, lucht déanta polasaí, ceannairí gnó agus meán cumarsáide an domhain in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath le páirt a ghlacadh i bhFóram Oscailte Eolaíocht na hEorpa (ESOF 2012). Comhdháil Eolaíochta nach bhfuil a leithéidí le fáil áit ar bith eile, bhí ESOF 2012 sainiúil sa dóigh is gur léirigh sé an teacht le chéile is mó d'eolaíochtaí, de dhaonnachtaí agus de chultúr san Eoraip i 2012 (tuilleadh eolais le fáil ag www.dublinscience2012.ie/). Leis an imeacht clúiteach idirnáisiúnta seo a cheiliúradh i mBaile Átha Cliath, Cathair na hEolaíochta 2012 bhí an clár imeachtaí agus gníomhmhaíochtaí, bainteach leis an eolaíocht, á reáchtáil i rith na bliana trasna oileán na hÉireann. Beidh Rannóg na Seandálaíochta de chuid an ÚBN ag cur le Clár Caidreamh Pobail Chathair na hEolaíochta, tríd a Sheimineár Náisiúnta Seandálaíochta a thoirbhirt don eolaíocht sheandálaíoch.

Beidh *Futures and Pasts: archaeological science on Irish road schemes* ann Déardaoin 23 Lúnasa ag Spás Balla na Cathrach, Ionad Ché an Adhmaid, Oifigí na Cathrach, Baile Átha Cliath 8. Dá mba mhaith leat áit a chur in áirithe don seimineár poiblí seo, atá saor in aisce, déan teagmháil le Lillian Butler (lbutler@nra.ie; +353 1 6602511). Le tuilleadh eolais a fháil féach www.nra.ie/Archaeology/NationalArchaeologySeminar/ArchaeologySeminar2012/

*Michael Stanley, Seandálaí an ÚBN, Príomhoifig an ÚBN.*

Liosta ábhar



Íomhá thríthoiseach den Chill, Contae Chill Dara déanta ó shonraí mhapáil tormáin lidar de chuid ÚBN (Íomhaí: Steve Davis)

# Ag teacht chuig an phointe

**Léiríonn taighde nua feidhmeanna de shonraí LiDAR an ÚBN a coimisiníodh an chéad uair do mhapáil torainn ar scéimeanna bóithre náisiúnta.**


*Le Stephen Davis, Léachtóir, Scoil na Seandálaíochta, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath*


Baintear úsáid as sonraí LiDar (Light Detection and Ranging) níos mó agus níos mó mar chuid de thionscnaimh taighde sheandálaíocha chomhtháthaithe le deich mbliana anuas. Cé gur leor uair amháin 'LiDar a bheith agat', tá na seandálaithe ag díriú airde níos mó agus níos mó ar an dóigh is fearr úsáid a bhaint as na tacair sonraí seo, ní amháin do thaiscéaladh seandálaíoch, ach le comhthéacs tírdhreacha a chur ar fáil do tionscnaimh taighde chomh maith. Is comhartha den fhorbairt seo an dul chun cinn ón acrainm LiDAR go dtí an úsáid choitianta den fhocal 'lidar' mar ainmfhocal nó eapainm.




Liosta ábhar

*Go simplí, is é LiDAR sonraí suirbhéireachta d'ardchaighdeán, faighte ó ardán léasair ar eitilt agus geo-thagartha, ag baint úsáide as chomhcheangal de chóras suite domhanda (Global Positioning System, GPS) agus aonad tomhais táimhe.*











Bun: scamall pointí tríthoiseach ag Ard Carna, Contae Roscomáin. Barr: scáiliú cnoic caighdeánach de thacar sonraí le fásra lomtha.

Liosta ábhar




Go simplí, is é LiDAR sonraí suirbhéireachta d'ardchaighdeán, faighte ó ardán léasair ar eitilt agus geo-thagartha, ag baint úsáide as chomhcheangal de chóras suite domhanda (Global Positioning System, GPS) agus aonad tomhais táimhe. Tá na costais atá bainteach le LiDAR a fháil ard go leor, den chuid is mó toisc go bhfuil sé de dhíth eitleán a chur san aer, agus is féidir leo a bheith an-éagsúil, ag brath ar an ghléineacht atá á hiarraidh. Tá sonraí de ghléineacht ard, leithéidí na suirbhéanna mar chuid den Chlár Fionnachtana ag Teamhair agus Sceilg Mhichíl, do-íoctha, tá scanóirí suite i héileacaptar de dhíth, ach tugann siad tacair sonraí de chaighdeán an-ard. Mar shampla, fuarthas tacar sonraí ó Theamhair ag 60 pointe suirbhé gach m² (féach http://www.discoveryprogramme.ie/technology/metric-survey/140-lidar-at-the discovery-programme.html).

Leis na gléineachtaí seo, téann an léasair ar eitilt tríd an fhásra ar fad ach amháin an chuid is dlúithe, rud a cheadaíonn 'lomadh fásra'ag an chéim phróiseála agus tógáil mionsamhálacha cruinne den 'talamh lom'. Is eisceachtaí iad na tacair seo, níos mó ná rialacha, áfach; fágtar an chuid is mó de shonraí lidar ag a haon go dtí a dó de phointí gach m², agus cuirtear in eangach go minic iad ag pointe amháin gach 2m² Samhail Ardaithe Dhigiteach (Digital Elevation Model, DEM). Cé nach bhfuil siad foirfe, éiríonn go hiontach maith le DEM mar seo maidir le taiscéaladh agus agus le dul i gceann ceisteanna a bhaineann leis an tírdhreach (féach *Seanda*, Eagrán 6 [2011], l. 32–5). Ar an dóigh chéanna, níl gléineacht an-ard ag tacar sonraí Bhrú na Bóinne (pointe amháin gach m²) ach bhí sí an-luachmhar ag tabhairt tuiscint níos fearr dúinn den tírdhreach seo (féach http://www.ucd.ie/archaeology/research/researcha-z/boynecatchmentgisproject/gis/).

## Clúdach lidar ÚBN

Tá a lán sonraí lidar in Éirinn a gabhadh d'úsáidí nach bhfuil baint acu leis an tseandálaíocht, ach gur féidir úsáid a bhaint astu sa tseandálaíocht. Go minic, bíonn gléineacht íseal go leor ag na tacair sonraí seo, (arís, pointe amháin gach m² DEM) ach chosnódh sé a lán airgid dá n-íocfaimis chun iad a athghabháil. Is féidir gurb é an fhorbairt is corraithí i sonraí mar seo ná infhaighteacht lidar ÚBN a ghabhann mapáil tormáin. Faoi Treoir AE 2002/49/EC a bhaineann le measúnú agus bainistiú tormáin sa timpeallacht, tá mapaí tormáin straitéiseacha ullmhaithe ag an ÚBN do na bóithre náisiúnta uilig a dtéann níos mó ná trí mhilliún feithicil orthu gach bliain. Is ionann seo agus mapáil do 3,750 ciliméadar de ghréasán bóithre na hÉireann a bheag nó a mhór. Cé nach bhfuil na sonraí gafa ach ciliméadar amháin ar leithead de réir riachtanais an tionscnaimh, tá na tacair sonraí seo an-chorraitheach toisc go bhfuil na sonraí DEM m² ar fáil chomh maith leis na amhshonraí pointí.


*Is féidir le sonraí mapáil tormáin ÚBN samhalacha talún an-chruinne a dhéanamh.*


Fuarthas na 'scamaill' de phointí seo ag dhá phointe gach m² ar an mheán, ach go minic bíonn roinnt sraitheanna sonraí ag dul thar a chéile, rud a chiallaíonn go dtéann an ghléineacht éifeachtach suas go dtí seacht nó ocht bpointe gach m². Tá míbhuntáistí áirithe bainteach leis seo: tógann próiseáil amhshonraí pointí ó scamaill a lán ama, baintear an-úsáid as an ríomhaire (braitheann an dá rud go mór ar a chéile) agus thig leis a bheith costasach maidir le riachtanais le bogearraí cé go bhfuil bealaí eile ann trí shaorábhar agus ábhar le roinnt. Ach tá na sonraí seo ábalta samhalacha talún an-chruinne a dhéanamh. Thíos tá roinnt samplaí de chuid de na suímh níos suntasaí (cuid acu nach raibh eolas againn orthu roimhe) ó thrí limistéar bheaga a chlúdaíonn sonraí ghabháil tormáin ÚBN.


*N4, Cora Droma Rúisc*

Tugtar an áit chónaithe mheánaoise chlúiteach agus córais na bpáirceanna ag Ard Carna, Contae Ros Comáin (féach l. 7) chun suntais go hálainn

▲ Barr: samhail scáiliú cnoic anailíseach chaighdeánach de heinse Tonafortes, Contae Sligeach (ar chlé), le timpeallán nua-aimseartha (lár) le tomhais atá an-chosúil leis an chlós Neoiliteach déanach. Feictear lios ag Tulach na gCreagán Theas (SL014–227) ar an taobh thoir.
Lár: samhail scáiliú cnoic anailíseach chaighdeánach de chlós deasghnách ag Lios na Leirge, Contae Sligeach. Níor taifeadadh gnéithe i gciorcal dearg roimhe.
Bun: samhail scáiliú cnoic anailíseach chaighdeánach de liosanna in aice le chéile ag an Tulaigh, Contae Sligeach, ag léiriú dhá lios mhóra gan taifeadadh roimhe, le loirg de chlós eile ar an taobh thoir theas.




le lidar, ag léiriú topagrafaíocht an tsuímh agus an tseanbhóthair (Record of Monuments and Places [RMP] Uimh. RO006–103008) atá comhthreomhar leis an iarnród nua-aimseartha. Léiríonn an íomhá ag an bharr samhail thríthoiseach den scamall pointí gan scagaire ina rangaítear na pointí talún mar dhath glas agus pointí nach bhfuil ar an talamh mar dhath buí. Feictear tiús an cheannbhrait agus an méid íseal de 'fhillteacha' ón spás faoin cheannbhrat mar fholúis dhubha agus léiríonn sé b'fhéidir gur gabhadh an tacar sonraí seo nuair a bhí na crainn lán-fhásmhar, rud a chuir teorainn ar fhéidearthacht samhail mhaith talún loime a fháil. Is samhail scáth cnoic chaighdeánach é an íomhá íochtarach, lasta d'airde 20 céim le hasamat 30 céim agus léiríonn sí tiús na ngnéithe seandálaíocha. Sa chuid theas (le ciorcal) cuireadh dhá lios le dhá bhalla isteach i gcóras páirceanna níos déanaí.

*N4, Sligeach*

Clúdaíonn na tacair sonraí dhá chlós dheasghnacha (féach l. 8) ar an taobh theas (barr) heinse Tonafortes tochailte i bpáirt (SL014–224) agus ar an taobh thuaidh (lár) an clós suntasach Lios na Leirge (SL014–012001). Tá an suíomh ag Tonafortes agus an timpeallán nua-aimseartha a bhfuil tomhas cosúil leis aige curtha le hais a chéile go deas. Ag Lios na Leirge feictear réimse de ghnéithe gan taifeadadh go dtí seo, cé nach léirítear iad uilig, clóis bheaga chiorclacha agus clós le rampair iomadúla scriosta i bpáirt is ea iad. Níos faide ó thuaidh ag baile fearainn an Tulaigh (bun), feictear dhá lios chomhcheangailte, nár aithníodh roimhe, agus is sampla de lios le dhá rampart é ceann amháin acu.

*N7,Contae Áth Cliath/Contae Chill Dara*

Cuirtear síos ar an lios ag Baile Dhónaill Beag (DU021–020) sa RMP mar limistéar ardaithe le hiarsmaí de dhíog taobh amuigh. Léiríonn sonraí lidar i bhfad níos mó anseo go mion (barr ar clé): tá trí rampar ag an suíomh agus tógadh é ar dhóigh iontach neamhghnách, cearnógach ar an taobh thiar thuaidh—le bruacha lúbtha i stua. Léiríonn seo go raibh stádas áirithe ag an suíomh, is dócha.

Is clós suntasach ag barr cnoic é An Chill, Contae Chill Dara (KD020–001) 570 m siar anoir a bheag nó a mhór (lár ar clé). Feictear iarsmaí dhá bhruach go soiléir, le sonraí lidar ag aibhsiú bruach eile níos faide istigh, atá ubhchruthach. Ní théann an léasar tríd an chuid mhór aitinn ar an chnoc agus ní bhaineann scagaireacht amach é dá bharr. Idir an dá bhruach sheachtracha feictear clós le próifíl íseal (KD020–002) ar ghnéithe óra cosúil le barra adhlactha. Tá caisleán le móta agus bábhún (KD019–008004) ar an taobh thiar nach dtugann ach creatlach den charn atá faoi toisc go raibh treá an-lag ag an léasar.

Tá an caisleán le móta agus bábhún (KD015–009001) ag Caisleán Bhairnín, Contae Chill Dara agus na créthógálacha theas a bhaineann leis (KD019–009002) mar chuid de ghalfchúrsa nua-aimseartha anois (bun ar clé). Lúbann gné cosúil le clós ó dheas ón mhóta agus trasnaíonn sé dhá abar ar a laghad, agus is féidir réimse de ghnéithe gearrtha d'aois éiginnte a fheiceáil go soiléir ag dul soir agus soir ó dheas.

## Conclúidí

Cé nach bhfuil iontu ach traschriosanna caola ag dul tríd an tír, tá féidearthachtaí iontacha seandálaíocha ag na sonraí seo, ag aimsiú suímh nua, ag tabhairt eolas níos fearr dúinn ar shéadchomhartha, agus ag tabhairt tuiscint níos fearr dúinn ar thírdhreacha seandálaíocha.
Cé gur gá bheith rud beag foighneach agus tú ag obair le sonraí gan scagaireacht, tá feabhas suntasach sa chaighdeán i gcomparáid le hábhar 2m² DEM caighdeánach (cé gur féidir fabhb a bheith ann mar atá mar shampla i dtacar sonraí N1). Léiríonn an roinnt bheag samplaí anseo go leanann sonraí lidar ar aghaidh mar ghléas an-luachmhar i mála uirlisí an tseandálaí agus ní ceart smaoineamh air mar rud do na speisialtóirí i réim na heolaíochta amháin.

▲ Barr: samhail scáiliú cnoic anailíseach chaighdeánach de lios ag Baile Dhónaill Beag, Contae Áth Cliath. Cruth an-neamhghnách le trí bhruach agus cearnógach ar an taobh thiar thuaidh. Tá roinnt ghnéithe seandálaíochta féideartha anseo le gearradh lúbtha ar an taobh thuaidh thoir agus clós féideartha ar an taobh thoir theas.
Lár: samhail scáiliú cnoic anailíseach chaighdeánach den Chill, Contae Chill Dara. Tá dhá bhruach shofheicthe ag an chlós ollmhór seo, le ceann eile in aice leis an bharr le feiceáil trí lidar amháin.
Bun: samhail scáiliú cnoic anailíseach chaighdeánach den Chaisleán le móta agus bábhún ag Caisleán Bhairnín, Contae Chill Dara, le créfoirt ceangailte léi agus galfchúrsa nua-aimseartha. Téann clós mór thart timpeall an mhóta agus trasnaítear é le mol mór abar. Tá créfoirt sa bhreis le feiceáil ar an taobh thoir agus ar an taobh thoir theas.

Liosta ábhar




Rogha de chinn tua shnasta ó Thulach Éide, Contae Thiobraid Árann (Grianghraf: Tomas Tyner)

*Tá rinn saighde amháin a fuarthas ó Thulach Éide thar a bheith neamhghnách agus léiríonn sé dúinn an dóigh ar brúdh na reanna saighde le cruth duilleoige/muileata isteach i gcrainn adhmaid eitreacha.*

# Na rudaí ina luí faoin talamh

**D'athghabh tochaltáin ag Tulach Éide, Contae Thiobraid Árann, rinn saighde neoiliteach de breochloch le rianta annamha de chrann na saighde.**

*Le Farina Sternke, sainfhionnachtaí le speisialtóireacht ar fhionnachtana liteacha*



Rinn shaighde le cruth dulleoige/muileata: tabhair faoi deara an rinn bhrúite (Líníocht: Patsi Bates)

Insíonn leabhar nua le Rose Cleary agus Hilary Kelleher, *Archaeological Excavations at Tullahedy, County Tipperary: Neolithic Settlement in North Munster*, an dóigh agus an fáth a raibh pobal Neoiliteach ina chónaí ag Tulach Éide, in aice le líne an chladaigh ag Loch Deirgeirt beagnach 6,000 bliain ó shin. Foilsíodh an leabhar i mí na Nollag 2011 agus cuireann sé síos ar thochaltáin a chuir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh uirthi féin i 2006–7 roimh thógáil an mhótarbhealaigh M7 ón Aonach go Luimneach, as ar tháinig bailiúchán suntasach d'uirlisí cloiche (féach *Seanda*, Eagrán 2 [2010], l. 52–5). Tá an bailiúchán neamhghnách mar gheall ar dhá rud: faightear ann 274 ceann tua shnasta agus déantúsáin ghaolmhara (blúirí de chinn tua, scealpaí agus lanna) agus 139 rinn saighde le cruth muileata agus déantúsáin ghaolmhara (garbhshnoí agus blúirí de reanna saighde). Bhí baint ag naoi mír is fiche le hiarrachtaí reanna saighde a dhéanamh ar tugadh suas dóibh. Tá sé suimiúil gur baineadh úsáid as seirt níos mó ná ábhar ar bith eile; níl ach ceithre rinn saighde a rinneadh de bhreochloch ann.





Tá rinn saighde amháin a fuarthas taobh istigh de cheann de na struchtúir ag Tulach Éide thar a bheith neamhghnách. Tá sí 41 mm ar fad, 16 mm de leithead agus 3 mm ar tiús agus tugann sí léideanna faoin dóigh ar cuireadh reanna saighde isteach i gcrainn adhmaid eitrithe. Ag pointe éigin cuireadh an rinn saighde cois tine chun an phic nó an roisín a chlúdaigh í a dhéanamh bog le go mbainfí í go héasca ón chrann. D'athraigh dath na rinne saighde dá bharr agus fágadh imlíne an chrainn air. Cuireadh rinn saighde eile air mar gur brúdh a bharr nuair a baineadh úsáid as, is dócha. Tagann an damáiste don leath níos ísle ó dhó leanúnach. Is dócha gur caitheadh isteach sa tine í nuair a baineadh í den chrann. Ní fios cén fáth gur caitheadh ar shiúl an rinn saighde agus nár deisíodh í cosúil leis a lán eile ar an suíomh.

Léiríonn an grianghraf taobh leis seo an dóigh gur cuireadh reanna saighde Éireannacha le cruth duilleoige nó le cruth muileata ar chrann. Is dócha go ndearnadh crann na rinne saighde de rós Ollannach nó de chonbhaiscne. Tá an dá chineál adhmaid measartha díreach, éadrom agus solúbtha agus, mar sin de, an-oiriúnach do reanna saighde. Tá a fhios againn gur

An rinn saighde bheochloiche le cruth duilleoige/muileata, le rianta annamha de chrann na saighde, a fuarthas ó Thulach Éide. (Grianghraf: Farina Sternke)

bhain na Meiriceánaigh Dhúchasacha úsáid as rós Ollannach agus baineadh úsáid as an dá speiceas fá choinne reanna saighde san Eoraip sa ré Neoiliteach.

Is dócha gur brúdh reanna saighde le cruth duilleoige nó cruth muileata isteach i V-eitre, ceangailte le féitheog ainmhí agus gur clúdaíodh iad le tarra beithe nó le pic. Cuireadh an fhéitheog air nuair a bhí sí úr. Ghiortaigh




Reanna saighde a rinneadh trí thurgnamh curtha isteach sa chrann saighde. (Grianghraf: Jakob Hirzel)

sí, ansin teannadh í timpeall na heitre agus í ag triomadh, agus choinnigh sí an rinn saighde sáite go daingean san eitre. Cuireadh pic bheithe ar an cheanglachán ansin agus múnlaíodh é le rinn shruthlíneach a dhéanamh. Léirigh an seandálaí Eilvéiseach Peter Kelterborn trí thurgnaimh go gcosnaíonn an ceanglachán féitheoige an crann ar scoilteadh nuair a bhaintear úsáid as agus go bhfuil sé éasca an tsaighead a bhaint ón sprioc mar gheall ar an phic. Bhí sé ábalta léiriú fosta gur féidir reanna saighde a dheisiú agus iad sa chrann nuair a dhéantar damáiste dóibh, agus gur féidir am agus fuinneamh a shábháil dá bharr.

Tá fianaise sheandálaíoch le cineálacha chrann do reanna saighde nó leis an dóigh ar cuireadh an tsaighead ar an chrann an-annamh, ach creidtear go forleathan gurb é an crann an chuid is tábhachtaí den chóras bogha agus saighead, i ndiaidh an bhogha agus a shreanga. Cé nach bhfágtar ach iad sa taifead seandálaíoch go ginearálta, caithfimid cuimhneamh gur comhpháirteacha beaga, inathnuaite agus so-dheisithe sa chóras chasta seo iad go simplí.

Liosta ábhar




Amharc iarthochailte ar an teach ciorclach Cré-Umhaoise féideartha ag An Garraí Dubh 2, Contae Luimnigh. (Grianghraf: Irish Archaeological Consultancy Teo)

# An saol sa 'gharraí dhubh' san am a chuaigh thart

**Is féidir le forbairtí beaga fiú, cosúil leis an Scéim Sábháilteachta Bóithre fad 3.15 ciliméadar ar an N21 Cill Airne go Bearna fionnachtana a thabhairt a bhfuil tábhacht réigiúnach acu.**


*Le Shane Delaney, stiúrthóir Tochaltán le Irish Archaeology Consultancy Teo*

Tá baile fearainn An Garraí Dubh, suite thart fá 4 ciliméadar thiar theas ón Chaisleán Nua Thiar, Contae Luimnigh ar imeall machaire oscailte le radhairc mhaithe thuaidh thoir, thoir agus theas. De réir tréithe, tá páirceanna féaraigh measartha réidhe ach le drochdhraenáil sa cheantar máguaird, le coillte ar an taobh thiar. Is é Cnoc Bhearna, 273 m os cionn leibhéal na mara ar an taobh thiar, an ghné is suntasaí ar an tírdhreach. Ritheann an talamh go céimseach le fána soir ó dheas. Aimsíodh trí shuíomh sheandálaíocha anseo (An Garraí Dubh 1–3) i mí Deireadh Fómhair 2011 agus toclaíodh iad ina dhiaidh Eanáir 2012, mí a bhí an-fhliuch agus an-dorcha ar fad. Ritheann sruthchúrsa beag soir aniar díreach theas ó na suímh agus ritheann sruth canálaithe siar anoir 200 m ag dul ó thuaidh. Léiríonn torthaí sealadacha an tochaltáin gur mealladh daoine anseo, ón Chré-Umhaois ar aghaidh b'fhéidir.

Ar na fionnachtana níos suntasaí bhí teach ciorclach Cré-Umhaoiseach féideartha (circa 8 m trasna) ag An Garraí Dubh 2. Bhí seo le feiceáil ó phoill chuaille, ó chlaiseanna agus ó thrinse bunsraithe cuarlíneach. Chuir stua an trinse bunsraithe, a raibh poill chuaille ann ar gach dara taobh, teorainn ar an teach ar an taobh thuaidh. Bhí poill chuaille spásáilte go cothrom taobh amuigh ar a fhad agus lean siad ó dheas, áit nach raibh aon rian den trinse fágtha mar gheall ar smutadh agus ní raibh ach lorg íseal de phoill chuaille fágtha. Bhí tóchar 0.8 m ar leithead gan tochailt trasna an trinse bunsraithe ach níl a fheidhm soiléir. Druideadh bealach isteach de réir cosúlachta le poill chuaille. Poll gaoithe le greille de chuaillí adhmaid a ceapadh le hainmhithe a choinneáil amuigh a bhí ann, b'fhéidir. Bheadh bealach isteach le haghaidh soir nó ó dheas a lig an méid ba mhó de sholas nádúrtha isteach sa



An chlais do tháirgeadh gualaigh ag An Garraí Dubh 3. (Grianghraf: Irish Archaeological Consultancy Teo)




Plean iarthochailte den teach ciorclach Cré-Umhaoiseach féideartha ag An Garraí Dubh 2. (Líníocht: Irish Archaeological Consultancy Teo)

Liosta ábhar



An teachín dúchasach ag An Garraí Dubh 2 ag léiriú an teallaigh agus an draenach. (Grianghraf: Irish Archaeological Consultancy Teo)

*Tá ainm an bhaile fearainn an-suimiúil. B'fhéidir go ndéanann seo tagairt do na cairn dhóite réamhstairiúla a bheadh cosúil le meascán dubh de chloch dhóite agus gualach.*

teach an-choitianta ach níl lorg de ghné mar seo ann anois.

Aithníodh trí theallach fhéideartha, roinnt claiseanna agus poill chuaille b'fhéidir taobh istigh. Aithníodh poll cuaille láir le líne de phoill chuaille timpeall, suite leath bealaigh idir an chuaill láir agus an trinse bunsraithe. Bhí na poill chuaille seo an-tanaí agus níor aithníodh píopaí cuaille ar bith; b'fhéidir nach bhfuil iontu ach bonn phoist chuaille nó ceapa cuaille. Léiríonn an cineál líonta gur baineadh na cuaillí nuair a tréigeadh an áit agus nár lobhadh iad *in situ*. Bhí na claiseanna suite thart fán taobh thuaidh den fhoirgneamh go ginearálta ach b'fhéidir go raibh an bailiúchán follasach seo ann de bharr smutadh den leath theas den teach. Bhí blúirí potaireachta ón Mheán Chré-Umhaois (circa 1600–1100 RCh) i gclais amháin—na déantúsáin aonair a fuarthas ón suíomh. B'fhéidir go dtabharfaidh na blúirí pota seo dáta don teach; táthar ag fanacht le torthaí dátú radacharbóin faoi láthair.


Aithníodh roinnt claiseanna taobh amuigh den teach ciorclach, cuid acu tochailte roimhe, mar a léiríonn na poill chuaille bhunsraithe a tochlaíodh iontu. Aithníodh cruinniú de phoill chuaille a rinne fortheach nó struchtúr ar leith b'fhéidir ag dul soir ón phríomhfhoirgneamh. Bhí fíoraíocht thriantánach de 100 poll cuaille a bheag nó a mhór ina raibh a lán líonadh gualaigh. Ar an taobh thoir den fhortheach bhí líne de logáin fhada (cuid acu cruinnuithe timpeall na bpoll cuaille). B'fhéidir gur loirg iad a d'fhág an bhunlíne de shaileanna de bhalla/ de fhál caolaigh a brúdh isteach sa talamh. Léiríonn an gualach ó na poill chuaille seo b'fhéidir gur dódh an struchtúr seo go talamh.

Taifeadadh claiseanna agus clais/umar dronuilleogach, le líonadh de chloch ina raibh a lán gualaigh a rinne an teas smidiríní di, ar an taobh theas den teach ciorclach. Bhí an líonadh san umar cosúil leis an ábhar a bhíonn comhcheangailte le fulachtaí fia. Ag dul le fána soir 20 m aithníodh umar eile féideartha, claiseanna gaolmhara agus poill chuaille. De réir cosúlachta iarsmaí de charn dóite a bhí ann, comhaimseartha leis an teach ciorclach, b'fhéidir; níl lorg den charn de chloch dhóite ann anois áfach.

Ag An Garraí Dubh 1, 100 m ag dul siar ó An Garraí Dubh 2 a bheag nó a mhór bhí iarsmaí de charn beag dóite le dáta ón Chré-Umhaois. B'fhéidir go raibh sé comhaimseartha leis an teach ciorclach agus leis na gnéithe atá gaolmhar leis. Ba é an t-aon rud a bhí fágtha den suíomh ná sil-leagan íochtarach i gcruth crú capaill de shiolta scagtha (6 m le 0.7 m) agus clais a bhí curtha sa lár le poill chuaille ar a taobhanna, agus b'fhéidir go raibh bior rósta nó raca ann. Sa cheantar i measc gnéithe eile smuta go trom bhí poill chuaille agus claiseanna b'fhéidir.

Bhí An Garraí Dubh 3, 400 m ag dul soir ó An Garraí Dubh 2 a bheag nó a mhór agus bhí clais do tháirgeadh gualaigh ann le roinnt claiseanna timpeall nach fios a bhfeidhm. Bhí an clais 2.2 m le 0.7 m agus bhí a lán gualaigh ina líonadh, ag léiriú b'fhéidir gur tréigeadh an chruach fhioghuail seo ar chúis éigin. B'fhéidir gur éirigh sí fliuch i rith táirgthe nó nár tháirg sí gualach de chaighdeán sásúil. Is féidir dáta a chur ar chlaiseanna ar baineadh úsáid astu do tháirgeadh gualaigh ón Iarnaois, ó thús na Meánaoise nó ón Mheánaois agus is minic a bhíonn nasc acu le hoibriú iarainn nuair a baineadh úsáid as gualach mar bhreosla i bhfoirnéisí. Bhí dhá pholl cuaille ar an taobh theas agus ar an taobh thuaidh agus b'fhéidir go raibh bior rósta iontu os cionn na cruaiche, rud a léirigh b'fhéidir úsáid oiriúnach den deatach chun béilí na ndéantóirí gualaigh a théamh nó a dheatú.

Aithníodh iarsmaí an-smuta de theachín dúchasach 18ú nó 19ú aois ag An Garraí




An teachín ag An Garraí Dubh 2 mar a léirítear é ar ar an chéad eagrán de léarscáil sé orlach an tSuirbhéireacht Ordanáis déanta i 1841. (Íomhá: Suirbhéireacht Ordanáis Éire)

Dubh 2. De réir cosúlachta bhí spás urláir taobh istigh 3 m le 4 m a bheag nó a mhór. Bhí bonn na binne thiar follasach agus an rud a bhí ann ná na sraitheanna íochtaracha de spálaí garbha ar an dá chúlchlúid sna coirnéil. Taobh istigh sa lár a bheag nó a mhór bhí iarsmaí de theallach déanta de leaca. De réir dealraimh, bhí dromchla dlúite cré ag an chuid eile den urlár. Díreach os comhair an teallaigh bhí draein le clocha mar líneáil a thaoscadh ón taobh thiar thuaidh ag dul ó dheas go haghaidh an fhoirgnimh. Feictear an teachín seo ar an chéad eagrán de léarscáil sé orlach an tSuirbhéireacht Ordanáis ach níl sé le feiceáil ar an dara heagrán.

Tá ainm an bhaile fearainn an-suimiúil. B'fhéidir go ndéanann seo tagairt do na cairn dhóite réamhstairiúla ag An Garraí Dubh 1 agus 2 agus do chairn dóite eile sa limistéar, a bheadh cosúil le meascán dubh de chloch dhóite agus gualach scaipthe ar fud an cheantair. B'fhéidir go bhfuil cuimhne san ainm seo ar tháirgeadh gualaigh a bhí ar siúl anseo níos moille. Cuirfidh an anailís agus an taighde iarthochaltáin atá ar siúl faoi láthair go mór le torthaí an tochaltáin. Aithníodh fíorbheagán fianaise réamhstairiúla roimhe sa cheantar seo i Luimneach, ina bhfuil neart séadchomharthaí le dáta ó thús na Meánaoise. Cuireann suímh an Gharraí Dhuibh go mór leis an chuntas seandálaíoch.



Radharc ón aer de charn dóite /fulacht fia ar scéim bhóthair náisiúnta. Tabhair faoi deara an meascán dubh de chloch dhóite agus an gualach scaipthe ar fud an cheantair. (Grianghraf: Studio Lab)

*Is fionnachtan aonair é an sampla ó Mhullach Maistean, an t-aon rinn sleá a fuarthas ar láithreán cultúrtha sonraithe.*



An crann rinn sleá ó Mhullach Maistean (clé) agus an mhacasamhail athdhéanta (Grianghraif: Rubicon Heritage Services Teo)

**Tháinig atógáil thábhachtach don tseandálaíocht thurgnamhach as fionnachtan rinn sleá Cré-Umhaoiseach i gContae Chill Dara.**

*Le Colm Moloney agus Liam Hackett ó Rubicon Heritage Services Teo*

# Ó scriosadh go hathdhéanamh

Nocht imscrúduithe seandálaíocha ar an scéim bhóthair N9/N10 Cill Chuillinn go Ceatharlach roinnt suímh atá ar na cinn is suntasaí atá le feiceáil in Éirinn le blianta beaga anuas. Fuarthas bailiúchán an-luachmhar ilgnéitheach de mhiotalóireacht i rith tochaltán. Thug rud amháin go háirithe—crann rinn sleá le soicéad ón Chré-Umhaois—deis seandálaíocht thurgnamhach a dhéanamh. Ateilgeadh an rinn sleá, cuireadh crann nua uirthi agus tá sí ar fáil anois do thurgnaimh le fáil amach a feidhm agus a héifeacht.

## An rinn sleá

Rinne Rubicon Heritage Services Teo (Headland Archaeology (Éire) Teo roimhe seo) tochaltán an tsuímh a moladh mar chlós ag Mullach Maistean in aice le Béal Átha an Tuair, Contae Chill Dara. Stiúir Liam Hackett tochaltáin ar an suíomh, a léirigh roinnt gnéithe seandálaíocha cruinnithe in dá áit. Ina measc bhí corp adhlactha cromtha ón Chré-Umhaois luath, iarsmaí féideartha de bhreocharn ó lár na Cré-Umhaoise agus cnámha dóite leis, agus clais ón Iarnaois luath. I measc na bhfionnachtan bhí uirlisí cloiche, cré-earraí agus crann rinn sleá cré-umha.

Fuarthas blúire an rinn sleá ó leibhéal dromchlá líonadh claise tanaí iargúlta i dtreo na dteorainneacha ó dheas den limistéar tochaltáin. Tá dáta ag na cré-earraí ón chlais den mheánChré-Umhaois go dtí an Chré-Umhaois dhéanach agus bheadh siad den aois céanna is atá an rinn sleá. Tá dáta ag an chréamadh agus ag an bhreocharn ón mheánChré-Umhaois agus b'fhéidir go raibh



An mhacasamhail chéarach den chrann rinn sleá féin agus an mhacasamhail chéarach athdhéanta den rinn sleá athdhéanta.



Cruthaítear na múnlaí don teilgeoireacht timpeall na macasamhla céaracha. Déantar na múnlaí de chré abhann, leasú capall agus gaineamh, agus fágtar seo le triomú ar feadh roinnt seachtainí. Cruthaíonn seo ábhar rud beag scagach atá ábalta an teas mór a sheasamh agus ag an am céanna ligeann sé amach na gáis a thugtar amach i rith teilgeoireachta.



Téitear na múnlaí triomaithe go 8,000°C a bheag nó a mhór leis an chéir taobh istigh a bhaint agus chun iad a ullmhú do theilgeoireacht an chré-umha.



Tá na barraí copair agus stáin réidh don soitheach leáite, áit a gcuirfear le chéile iad le cré-umha a dhéanamh. Is táscairí tábhachtacha de ghníomhaíocht mhiotalóireachta ar thochaltáin sheandálaíocha iad na soithí leáite agus a mblúirí.



Cuirtear an soitheach leáite (ina bhfuil na barraí) san fhoirnéis agus baintear úsáid as 25–30 cileagram de ghualach ardchaighdeáin chun teas 1,500°C a fháil. Maireann an próiseas seo 30 nóiméád a bheag nó a mhór ag baint úsáide as boilg láimhe.



Ullmhaítear na múnlaí téite don teilgeoireacht. Tá na poill bheaga thaobhacha ann chun gáis a chruthaítear sa mhúnla fholamh nuair a dhoirtear an cré-umha.



Liosta ábhar



An rinn sleá, glanta agus snasta.

baint acu leis an rinn sleá a cuireadh ansin. Bhí drochbhaill ar an rinn sleá—ní raibh fágtha ach an crann iomlán. Léirigh ceithre chnap bheaga in aice le bonn an chrainn (dhá cheann ar gach taobh) go raibh cinéal ann le lúba taobhacha le cuidiú é a chur i gcrann adhmaid ar dhóigh níos éasca. Bhí na lúba seo ar iarraidh agus bhí na lána chomh maith. Léirigh anailís an rinn sleá leis an seandálaí an Dr. Charles Mount gur tháinig an cinéal sleá ó thréimhse Chill Lomad den Chré-Umhaois (circa 1500–1400 RCh) agus gur baineadh úsáid aisti go dtí tréimhse Dowris (circa 900–800 RCh). Roimh an fhionnachtan seo ní bhfuarthas ranna sleá le lúba taobhacha le soicéad i rith tochaltáin in Éirinn. Is fionnachtanna fánacha iad na samplaí aitheanta go dtí seo agus fuarthas iad in áiteanna nadúrtha (tagann 50% ó aibhneacha, 40% ó phortaigh). Ní thagann ach trí cheann as 103 de rinn sleá ón mheánChré-Umhaois ó thalamh tirim. Mar sin de, is fionnachtan aonair é an sampla ó Mhullach Maistean, an t-aon rinn sleá a fuarthas ar láithreán cultúrtha sonraithe.

## Atógáil

Rinneadh cinneadh an rinn sleá a athdhéanamh le cuidiú ghrúpa oibrithe miotail agus ealaíontóirí darbh ainm Uamh Aois. Chloígh an grúpa a fhad agus gur féidir leis na modhanna miotalóireachta réamhstairiúla teilgeoireachta bunaidh, ag baint úsáide as foirnéisí déanta le láimh agus boilg, agus rinne siad na múnlaí agus na huirlisí eile ar bhain siad úsáid astu sa phróiseas le láimh chomh maith. Bhí dhá aidhm ag an tionscnamh, maoinithe ag an ÚBN: déantúsán a raibh tábhacht náisiúnta leis mar áis amhairc do theagasc agus do thaispeántas agus, ó thaobh na seandálaíochta turgnamhaí de, próiseas theilgeoireacht chré-umha ó ‘chliabhán go cróchar’. Bhí an t-iarmhar a d’fhág an próiseas an-suimiúil, maidir leis an ábhar féin agus leis ‘an choiscéim’ a d’fhág an obair, mar go gcuideoidh sé leis na seandálaithe ar láthair oibre na foirnéisí seo a aithint agus míniú a thabhairt dóibh. Rinneadh roinnt leagan den rinn sleá nua, le bheith cinnte go mbeadh toradh rathúil amháin ann ar a laghad.

Thug torthaí na hoibre turgnamhaí a lán eolais. Bhí fianaise don phróiseas iartheilge teoranta do na bliúirí ó na múnlaí féin agus geadán beag d’ithir an-ocsaidithe. Rinneadh luaithe mhin bhán den ghualach ar baineadh úsáid as mar gheall ar an teas an-ard san foirnéis bheag agus séideadh an luaithe ar shiúl le leoithne éadrom fiú. Bailíodh an fuíoll cré-umha d’athúsáid (ó theilgeoireacht lochtach nó ó dhoirteadh). Léiríonn sé seo b’fhéidir go mbíonn sé deacair suíomh fhoirnéis oibriú copair/cré-umha féideartha ar gheall ar easpa ábhair fháithmheasta gur féidir ceangail a dhéanamh láithreach le miotalóireacht. Má bhaintear na múnlaí ón suíomh bíonn fíorbheagán fianaise fágtha go raibh gníomhaíocht shuntasach ann.

## Éifeacht

Socraíodh an rinn sleá athdhéanta a chur sa chrann le hiniúchadh a feidhmiú agus a héifeacht. Fuarthas crann sleá, Iarnaoiseach b’fhéidir, déanta d’iúr ar an scéi chéanna ar bhruach na Líre, in aice le Díseart Diarmada. Baineadh úsáid as seo mar shamhail don chrann sleá ag Mullach Maistean. Creidtear gur sleá a caitheadh níos mó ná sleá a sáitheadh é an t-athdhéanamh a rinneadh, de thoradh buntaighde le Colm Moloney. Táthar ag súil go mbeifear in ann éifeacht na sleá seo a iniúchadh trí chomhoibriú le cumainn athléirithe agus grúpaí ealaíona troda.



Tabharfaidh an rinn sleá sa chrann níos mó léargas ag baint úsáide as seandálaíocht thurgnamhach.



Cuirtear an cré-umha leáite sa mhúnla. Seo an t-am is criticiúla don teilgeoireacht, de bharr na n-uaireanta fada oibre i ngeall air.



Fágtar an cré-umha sa mhúnla, leis an log iomlán a líonadh agus le téachtú.



An cré-umha fuaraithe agus téachta , mar a léiríonn an t-athrú ina dhath. Tugann ocsaidí sa mhiotal an dath dubh ar an dromchla.



Tumtar na múnlaí in uisce fuar.



Bristear na múnlaí agus feictear an rinn sleá den chéad uair, nuair a thagann an t-ullmhúchán agus an obair i gcrích.



An lucht reanna sleá teilgthe i ndiaidh iad a ghlanadh; tá na píopaí beaga ann go fóill agus bainfear amach iad leis na lochtanna eile. As na cúig theilgean a rinneadh an t-am seo, ceapadh nach raibh ach ceann amháin acu a bheith de chaighdeán ard go leor le críochnú agus le snas a chur air.

Liosta ábhar

D’fhoilsigh an ÚBN treoireacha faoi íoslaghdú tionchar ar bhroic roimh thógáil scéimeanna bóthair náisiúnta agus ina ndiaidh. (Grianghraf: Richard Mills)



# Broic thrioblóideacha agus an eolaíocht nua-aimseartha

**Fadhb a réitigh teicnic na heolaíochta nach mbaintear a lán úsáide asti in Éirinn ba ea é dátú na seandálaíochta ag Baile an Chaisleáin Teamhair 3, Contae na Mí.**

*Le Stuart Rathbone, Seandálaí neamhspleách*

Chuir seaneagrán *Seanda* (Eagrán 2 [2007], l. 55–6) síos ar úsáid de dhátú Shoilseacht Spreagtha go Radharcach (Optically Stimulated Luminescence/OSL) ag Baile Ghearóid 2 Contae na Mí, suíomh tochailte ar an mhótarbhealach M3. Baintear úsáid as an teicnic dátaithe atá ar fáil le déanaí nach dtugann na suímh an réimse de dhéantúsáin agus samplaí orgánacha a úsáideann seandálaithe de ghnáth. An dóigh a n-oibríonn sé ná déanann sé anailís ar an méid radaíochta taobh istigh de chriostail ghrianchloiche a fhaightear ó shamplaí ithreach, agus léiríonn an méid radaíochta aois an tsampla a bheag nó a mhór (féach painéal ‘Achoimre’). Bhí úsáid an teicnic dátaithe de dhíth ag Baile an Chaisleáin Teamhair 3 chomh maith.

Droimín beag ar an teorainn idir imeall thuaidh Chnoc Teamhrach agus Gleann Gabhrach ab ba é Baile an Chaisleáin 3, agus tá an leath thuaidh suite taobh istigh de phasáiste an bhóthair. Tá an clós cosanta Ráth Maol thart fá 350 m ag dul ó dheas ar an fhána le radharc ar an droimín, agus thug an seandálaí Conor Newman de thuairim uaidh gurbh áit chónaithe thábhachtach nuair a bhí Cnoc Teamhrach cónaithe sa réamhstair dhéanach nó sa Mheánaois Luath. I rith tástálacha seandálaíocha aithníodh áith mhór le harbhar a thriomú a raibh líneáil de chlocha air, ar an taobh thoir den droimín agus i mí Feabhra 2007 tháinig foireann bheag seandálaithe le chéile lena thochailt. Agus muid



Liosta ábhar








Amharc ón aer ar an droimín agus an suíomh tochaltáin ag Baile an Chaisleáin Teamhair 3, Contae na Mí. (Grianghraf: Studio Lab)



An Clós Lárnach, ag amharc ó dheas. (Grianghraf: Archaeological Consultancy Services Teo)

ag glanadh limistéar an tochaltáin den chéad uair, thug muid aghaidh ar ár gcéad fhadhb. Chonacthas roinnt chnámha ainimhithe ag gobadh amach ón ithir ghainmheach nádúrtha, dar linn. Nuair a rinneadh níos mó glantacháin léiríodh dúinn go raibh líonadh gainmheach de dhíog chaol ann, go fírinneach. Taobh istigh de chúpla lá ba léir go mbeadh an tochaltán beag de ghné amháin a bhí ar intinn againn a dhéanamh ag an tús ag athrú go tochaltán an-tábhachtach—fuarthas amach go ndeachaigh an díog agus roinnt eile cosúil léi, timpeall bhonn an droimín ar fad.

Ag an phointe seo thug muid aghaidh ar fhadhb eile. Bhí clann mhór de bhroic ina cónaí san fhál sceach a chuaigh trasna an tsuímh agus cuireadh an tochaltán ar ceal go dtí go bhfuair na heolaithe timpeallachta áit chónaithe nua dóibh. An rud a bhí sa phróiseas fhada chasta seo ná brocach shaorga a thógáil agus ansin na broic a spreagadh céim ar chéim dul a chónaí ansin. Nuair a bhí seo ag tarlú tochlaíodh an leath thoir den suíomh agus druideadh an suíomh ar feadh roinnt míonna. Nuair a bhí sé ceadaithe dul ar ais, nochtadh, glanadh agus tochlaíodh an leath thiar, rud a cheadaigh scála agus nádúr iomlán an tsuímh a mheasúnú.

Ba iad trí chlós chomhlárnacha, le sraith chasta de dhíoga a chuaigh trasna ar a chéile ar dhóigh cineál neamhleanúnach, na gnéithe ba thábhachtaí a bhí ann. Bhí sraith de dhíoga timpeall bhonn an droimín in áit a raibh marla (cré bhán a chruinníonn ag bun locha) agus lean sé amach trasna Gleann Gabhra mar theorainn den Chlós Lasmuigh. Bhí díoga mar theorainn don Chlós Lárnach agus chuaigh siad timpeall an droimín ar fad fosta, ach bhí siad suite fosta ar leibhéal rud beag níos airde suas an fána. Faoi dheireadh bhí Clós Taobh Istigh níos lú ar an choirnéal thoir thuaidh den droimín a raibh díog bheag leanúnach le dhá dhíog chomhthreomhara i bhfad níos mó ar a taobhanna agus a rith síos an fána thuaidh ach nach raibh ceangailte lena chéile de réir cosúlachta. Taobh istigh den spás fálaithe bhí áitheanna beaga le harbhar a thriomú, claiseanna éagsúla agus an áith mhór ar a raibh an tochaltán dírithe ar dtús agus a bhí ina luí anuas ar an dhíog líonta den Chlós Lárnach. Aimsíodh bóthar pábháilte le duirleoga a chuaigh aneas ó thuaidh le díoga ar a thaobhanna, i bhfad ar an taobh thoir den suíomh. Tá baint aige le Teach Ráth Maol atá cóngarach dó agus tá dáta aige ón 18ú aois dhéanach.

Bhí an tríú fadhb le feiceáil go soiléir nuair a thosaigh an tochaltán arís. Cé go raibh na háitheanna ag soláthar a lán ábhair dhóite a bheifí in ann dátú radacharbóin a chur air, ní raibh na díoga ag tabhairt go leor ábhair chun ord gníomhaíochta ar an suíomh a chinntiú. Ar an drochuair, ní raibh na déantúsáin ina gcuidiú ach oiread. Ba iad cúig bhlúire de shoitheach chré-ábhar tí ón Chré-Umhaois Dhéanach na fionnachtana

Liosta ábhar




*Léiríodh faoi dheireadh go raibh dátú eolas seandálaíochta ó gach tréimhse i stair na hÉireann ag an droimín ag Baile an Chaisleáin Teamhair 3.*


An Clós Taobh Istigh, ag amharc siar. (Grianghraf: Archaeological Consultancy Services Teo)




Cloigeann neamhiomlán de bhean fhásta ón teorainn thiar den Chlós Taobh Istigh. (Grianghraf: Archaeological Consultancy Services Teo)



Rinn saighde sheirte le friofac agus luiseag ó líonadh uachtarach díge gur ionann sin agus an chéad leagan den Chlós Lárnach, is dócha. (Líníocht: Archaeological Consultancy Services Teo)



Scealp bheag bhreochloiche, gearrtha ag an chos ón tréimhse Mhéisiliteach Dhéanach, a fuarthas ó chlais le dátú radacharbóin AD 695–967. (Líníocht: Archaeological Consultancy Services Teo)

ba thábhachtaí. Fuarthas iad cóngarach don teorainn thoir de dhíog an Chlóis Taobh Istigh, áit a rinne ainmhithe damáiste ollmhór, ag déanamh poll faoin talamh, agus bhí tionchar ag na broic ar an tochaltán don dara huair mar sin, is dócha! Níorbh fhéidir a rá ar tháinig an cré-ábhar ón díog nó ó ghné eile a scrios gníomhaíocht na n-ainmhithe. I measc fionnachtanna eile bhí cloigeann neamhiomlán de bhean fhásta ón teorainn thiar den Chlós Taobh Istigh, slige cré-earra ó bhabhla cairíonach Neoiliteach Luath, scealp bheag de bhreochloch a fuarthas ó lochtán tanaí imlíonta ar an taobh theas den áith mhór, agus rinn saighde sheirte le friofac agus luiseag ón líonadh uachtarach de dhíog agus síltear gurb é seo an leagan is luaithe den Chlós Lárnach.

Léirigh an bailiúchán beag suimiúil seo de fhionnachtana seo gur sraith de dhíoga réamhstairiúla é a tochlaíodh le dul timpeall an droimín agus sraith d'áitheanna ó thús na Meánaoise a bhí sa suíomh. Pléadh nádúr na gníomhaíochta réamhstairiúla go mór toisc go raibh cruth na gclós neamhghnách go leor agus bhí a lán tuairimíocht ann mar gheall ar éagsúlacht na bhfionnachtana. Arís agus arís eile, áfach, bhí orainn dul siar chuig an áit amhrasach ina raibh an cré-ábhar ón Chré-Umhaois Dhéanach. An dtiocfadh linn a rá go mbeadh muid ábalta dáta a thabhairt don díog toisc go raibh an cré-ábhar gar dó.

Ar an dea-uair, thug na díoga ábhar go leor ag an deireadh chun dátú radacharbóin a fháil, ach díreach roimh dheireadh an tochaltáin socraíodh sampla do dhátú OSL a thógáil fosta. Cuireadh trí shampla chuig an Oxford Luminescence Dating Laboratory, a dhátaigh Baile Ghearóid 2 go cruinn. Cinneadh an-mhaith a bhí ann, mar a tharla!


Roinnt míonna i ndiaidh an tochaltáin cuireadh dátaí OSL ar ais agus ní raibh siad díreach mar go raibh dúil againn. Thug an díog as ar tháinig an rinn saighde le friofac agus luiseag dáta 1622–1102 RCh ag deimhniú go ndearnadh í i rith na Cré-Umhaoise Lár. Ach ní raibh baint ag an díog seo leis an Chlós Lárnach mar a shíl muid. Fuarthas dhá dháta radacharbóin (AD 650–780 agus AD 810–1010) ón dá líonadh uachtaracha ar an taobh thoir den Chlós Lárnach. Thug fad díge nach raibh baint aici leis an cheann seo ó thaobh na strataghrafaíochta de ar an taobh thuaidh den Chlós Lárnach dáta OSL AD 978–1378 agus dáta radacharbóin AD 690–980, ag deimhniú gur tógadh an Clós Lárnach sa Mheánaois Luath (cé gur gearradh arís é go dtí an Mheánaois). Léiríodh gur tógadh an Clós Taobh Istigh sa Mheánaois Luath; thug sampla bainteach le cloigeann

na mná dáta radacharbóin AD 870–1010. Faoi dheireadh, fuarthas dhá dháta radacharbóin ó dhá chuid den díog a bhí ag an Chlós Lasmuigh. Tá réimsí earráidí ollmhóra ag na dátaí seo, AD 1530–1950 agus AD 1660–1960 agus níl siad iontach úsáideach. Thug an sampla OSL i bhfad níos mó eolais, áfach, mar gur thug sé dáta AD 1298–1558 ag maíomh, in éineacht le dátaí radacharbóin, go raibh dáta ón Mheánaois Dhéanach nó ón Iarmheánaois luath ag an Chlós Lasmuigh.

Thug dátaí radacharbóin a fuarthas ó roinnt de na háitheanna agus de na claiseanna ar an droimín eolas tábhachtach breise dúinn nuair a bhí muid ag iarraidh na tréimhsí éagsúla de ghníomhaíocht ar an suíomh a thuiscint. Tá trí dháta ón áith mhór ón tréimhse AD 877 go AD 1118. Thug áith níos lú ar an taobh thoir dáta AD 783–1018, agus thug clais de chruth neamhrialta ar an taobh thoir den suíomh dáta AD 695–967, cé gur thug sé dhá dhéantúsáin breochloiche ón tréimhse Mhéisiliteach Dhéanach (circa 5500–4000 RCh)! Faoi dheireadh, thug clais bheag chiorclach in aice leis an áith mhór dáta AD 127–345, agus ba é seo an t-aon fhianaise le gníomhaíocht Iarnaoiseach ar an suíomh.

Léiríodh faoi dheireadh go raibh dátú eolas seandálaíochta ó gach tréimhse i stair na hÉireann ag an droimín ag Baile an Chaisleáin Teamhair 3. Bhí comharthaí beaga de ghníomhaíocht ón tréimhse Mhéisiliteach, ón tréimhse Neoiliteach agus ón Iarnaois, agus bhí rud beag níos mó fianaise ann de ghníomhaíocht i rith na Cré-Umhaoise agus sa Mheánaois Luath agus sa Iarmheánaois. De réir dealraimh, léiríonn na clóis sraith fhada de ghníomhaíocht ón Mheánaois Luath go dtí an Mheánaois Dhéanach agus tá baint ag na háitheanna do thriomú arbhair leis an tréimhse mheánaoiseach luath. In áit a bheith mar chruth de chlóis réamhstairiúla neamhghnácha feictear anois go bhfuil baint ag na gnéithe seo le tréimhse fhada de ghníomhaíocht thalmhaíoch, a bhí bainteach leis an áitriú cóngarach ag Ráth Maol ar dtús. Is gné neamhghnách nach bhfuil míniú sásúil aici faoi láthair é adhlacadh chloigeann na mná ag díog a mharcálann teorainn chlós talmhaíochta is dócha. B'fhéidir gurb iarsma réamhstairiúil é an cloigeann a aimsíodh agus a adhlacadh go gasta sa Mheánaois Luath, nó b'fhéidir gur díbeartach nó coirpeach í a thuill an drochbhail neamhghnách seo nuair a fuair sí bás?

Trí fhianaise ó dhéantúsáin agus dátú eolaíoch cinntíodh ord na ngníomhaíochta ar fud an tsuímh go daingean. Bhíothas in ann an díog Cré-Umhaoiseach mhór a aithint agus cinntiú gur tógadh an Clós Lasmuigh sa Mheánaois Dhéanach mar gheall ar an chinneadh dátú OSL a úsáid, áfach. Tuigtear go maith na contúirtí de dhéantúsáin níos sine a fhaightear i ngneithe i bhfad níos deireanaí nó agus de dhéantúsáin a fhaightear ó ghnéithe ar chuir ainmhithe isteach orthu ag déanamh poll. Tugann na tochaltáin ag Baile an Chaisleáin Teamhair 3 sampla éifeachtach fáth le bheith ag amharc ar na contúirtí seo go stuama agus léiríonn sé gur chóir do na seandálaithe an méid teicnicí oiriúnacha agus is féidir a úsáid agus muid ag iarraidh na suímh a thochlaímid a thuiscint.



An áith mhór ón Luath Mheánaois do thriomú arbhair. (Grianghraf: Archaeological Consultancy Services Teo)

# Achoimre: Dátú OSL

Is é an buntáiste ar leith a bhaineann le dátú le soilseacht ná go dtugann sí dáta ón déantúsán seandálaíoch nó ón fhosú féin, in áit ó ábhar orgánach a cheaptar go bhfuil baint aige leis. Maidir le dátú dríodair OSL (Optically Stimulated Luminescence/ Soilseacht Spreagtha go Radharcach) bíonn ábhar fóirsteanach (gráinní ghrianchloch agus iathchloch) ar fáil ar fud an tsuímh de gnáth. Nuair a idirghníomhaíonn radaíocht ianaíoch (radaíocht alfa, béata nó gáma den chuid is mó) le laitís inslitheach chriostail (grianchloch, mar shampla) tosaíonn sé glanlíon athdháileadh luchta leictreonaigh. Nochtar leictreoin ó bhlaoscanna seachtracha adamh, agus cé go bhfilleann an chuid is mó acu láithreach, éalaíonn cuid eile agus gabhtar iad ag suímh 'mheitisheasmhacha' taobh istigh den laitís. Coinnítear iad in áit go dtí go nglacann siad solas nó teas, nuair a éiríonn siad 'saor' agus téann siad ar ais go dtí a staid normálta, ach chun seo a dhéanamh caithfidh siad fuinneamh a chailleadh, agus déanann siad seo ag tabhairt amach solais.

Mar shampla, má ligtear solas chuig dríodar ag bun díge, ligfear na leictreoin ghafa amach agus socraíonn an 'clog' raidimhéadrach arís. Nuair a adhlachtar an dríodar agus nuair nach ligtear an solas chuige níos mó, líonfar na suímh mheitisheasmhacha le leictreoin ag ráta de réir an leibhéil áitiúil de radaíocht sa chúlra. Má thugtar sampla den dríodar seo amach go cúramach i rith tochaltáin, gan an solas a ligean chuige, is féidir an t-am ó leagadh anuas é a oibriú amach.

Chun dátú a fháil ag baint úsáide as an mhodh seo, faigheann cuid den sampla miosúr radaíochta aithnithe ar dtús agus ansin ligtear solas chuige. Tugtar an méid solais a scaoiltear faoi deara agus baintear as chun cuar frithluaileach miosúir a chruthú. Ansin ligtear solas chuig cuid eile den sampla agus déantar comparáid idir an méid solas a scaoiltear agus an cuar frithluaileach miosúir, agus ceadaíonn


Sampla ithreach OSL á thabhairt amach ó ghearradh díge. (Grianghraf: Archaeological Consultancy Services Teo)

seo tomhas den mhiosúr radaíochta iomlán a tugadh isteach. Nuair a dhéantar tomhais chun leibhéil radaíochta sa chúlra a chinntiú san áit a bhfuarthas an sampla, is féidir úsáid a bhaint as seo chun aois an dríodair a ríomh, a bheag nó a mhór.

Is iad na teorainneacha earráidí ar na dátaí a fhaightear go tipiciúil ná ± 3–8%, cé go ligean forbairtí teicniúla deireanacha tomhais soilseachta a dhéanamh le mionchruinneas ± 1–2% nuair atá na cúinsí maith.


Liosta ábhar

# Ó Loch Garman go Contae an Chláir i rith 5,600 bliain

**B'fhéidir go gcreidtear go bhfuil bearna an-mhór idir ailtireacht tí réamhstairiúil agus ailtireacht tí nua-aimseartha luath, ach léiríonn tochaltán de theach Neoiliteach a rinneadh ar na mallaibh an dóigh nár athraigh an saol sa bhaile go mór.**

*Le Milica Rajic, Bainisteoir Iarthochailte le TVAS (Ireland) Teo*

I rith an ceathrú mílaois RCh, tógadh teach mór dhá sheomra ag Dún Seanán, baile fearainn i gContae Loch Garman. 5,600 bliain níos moille, a bheag nó a mhór, i rith an chéad leath den 19ú haois, tógadh teach dhá sheomra eile ar thaobh eile na hÉireann, ag Áth Aise, Contae an Chláir. Cad é an nasc idir an dá fhoirgneamh seo? Rinneadh an réamhobair iarthochailte ar na cuntais agus an tsainanailís den ábhar taobh istigh de bhallaí an dara foirgnimh, agus thug sé eolas ar cé chomh cosúil le chéile is a bhí siad.




Pleananna urlár don teach Neoiliteach i nDún Seanán, Contae Loch Garman agus an teachín 19ú haois ag Áth Ais, Contae an Chláir. (Líníochtaí: Aisling Mulcahy, TVAS (Ireland) Teo)

Nochtadh an teach Neoiliteach ag ceann de na 125 suíomh ar an scéim mholta M11 Guaire go hInis Córthaidh agus tochlaíodh go luath é i 2011 faoi stiúir Derek Gallagher ó TVAS (Ireland) Teo. Ba fhoirgneamh mór dronuilleach é an teach iontach seo, 15.6 m ar fad agus rud beag níos mó ná 7 m ar leithead. Bhí na trinsí ag an bhruach suas go dtí méadar amháin ar leithead agus ar doimhne, agus bhí siad líonta le clocha pácála a choinnigh ballaí de chláir agus cuaillí ina seasamh cruinn díreach ina n-áit. D'iompair na ballaí seo agus poist struchtúracha taobh istigh agus taobh amuigh den teach díon tuí, de réir dealraimh. Roinneadh an spás comhluadair taobh istigh (50 m²) in dá sheomra. Léiríonn teallach le poill chuaille timpeall air moll mór claiseanna a fuarthas sa seomra thoir gur baineadh úsáid as an chuid seo den teach le bia a ullmhú agus a stóráil. Léirigh anailís gur tháinig fosfáit a fuarthas i samplaí a tógadh ón urlár sa spás seo ó fhuinseog, bruscar plandúil agus codanna beaga d'fhuilleach cistine. Ba é an chistin é an seomra seo. Bhí fortheach caol ar an taobh seo den teach agus baineadh úsáid as do stóráil, mar phantrach b'fhéidir.

Ní raibh an méid sin gníomhaíochta sa seomra thiar, toisc go bhfoghlaimímid gur coinníodh glan é. Is féidir gur baineadh úsáid as an chuid seo den teach do stóráil agus chun bia a ullmhú. B'fhéidir gur iompair dhá thrinse sliotáin ar dhéanamh T ar an taobh thiar den seomra ardán—seomra codlata ardaithe, seans. Thug teallach i lár an tí, idir dhá thrinse caola le cuaillí móra struchtúracha ag a gceann, solas agus teas go príomha. Tugann poill chuaille timpeall an teallaigh fianaise le struchtúr, bior rósta, b'fhéidir. Ar an taobh eile, seans gur chuid d'oighean beag iad agus gur thug siad caitheamh breosla níos fearr agus go ndearna siad cócaireacht níos gaiste agus níos cothroime.

Bhí poill chuaille timpeall an tí ar fad, taca don díon, is dócha. Ar an taobh thuaidh den teach, baineadh úsáid as moll mór claiseanna do stóráil, is dócha. Baineadh úsáid as struchtúr dronuilleach a fuarthas ar an taobh céanna mar bhothán uirlise nó mar dhídean d'ainmhithe.

Tá oifig TVAS (Ireland) Teo sa teachín 19ú haois. Foirgneamh cloiche dronuilleach atá ann le díon leaca a cuireadh air in ionad an tuí a bhí an ag an tús. Tógadh an chuid is tábhachtaí den teach roimh 1839 agus feictear é ar an chéad eagrán de léarscáil sé

orlach Chontae an Chláir den tSuirbhéireacht Ordanáis. Cuireadh na seomraí eile leis níos moille sa 19ú haois agus go luath san 20ú haois, nuair a tógadh bothán stórála agus seomra folctha.

Tá an teachín atá ann inniu 16 m ar fad le 6m ar leithead, ach ní hé a mhéid an t-aon ghné atá ag an teach seo agus ag an teach i bhfad níos sine i Loch Garman chomh maith. Cé go bhfuil a dtreoshuímh difriúil, is íomhá scathánach den teach Neoiliteach é an teachín beagnach. Tá an méid seomraí agus an leagan amach an-chosúil. Tá dhá theallach ann; ba theallach oscailte é go dtí mall sa 20ú haois. Tá an chistin agus an stóras bia ar an taobh thiar den teach; tá 'an t- ionad codlata', le teallach níos lú ar an taobh thoir. Sa leagan amach 19ú haois bunúsach, bhí ardán codlata os cionn na cistine ar an taobh thiar den teach. (Tá seomra codlata eile ar an chéad urlár den teachín agus bhí sé pleanoscailte go dtí ar na mallaibh.) Ag dul ó dheas ón teachín, tá bothán cloiche, dronuilleach oscailte a mbaintear úsáid as le breosla a stóráil.

De réir an Daonáirimh a rinneadh i 1911, bhí teaghlach de sheisear ina chónaí sa teachín. Ba fheirmeoirí cothaithe iad na daoine seo, cosúil lena sinsir Neoiliteacha. Agus díreach cosúil leo fosta, d'eagraigh siad a saol de réir bhliain na talmhaíochta agus a n-ainmhithe: ba, gabhair, agus caoraigh a thug na chéad fheirmeoirí go hÉirinn. Las an teaghlach a bhí ina chónaí sa teach i Loch Garman tinte (cosúil lena sliocht), rinne siad cócaireacht, thóg siad a bpáistí (a fuair an sealúchas luachmhar mar oidhreacht) agus ba chomharsana maithe iad.

Agus an anailís ar an ábhar seo ag dul ar aghaidh, b'fhéidir go mbeimid ábalta cosúlachtaí eile a fheiceáil idir na daoine seo, a bhfuil na mílte bliain eatarthu. Thóg an dá ghrúpa tithe a bhí an-chosúil le chéile a thug dídean dóibh, a choinnigh le chéile iad agus a thug áit shábháilte dóibh chun a scíth a dhéanamh agus chun ábhar a stóráil, chun smaointeoiracht a dhéanamh ar a saol agus chun deis a fháil 'a stair féin a cruthú'. Mhothaigh siad go raibh siad sa bhaile sna tithe seo.





An teachín ón 19ú haois mar atá sé inniu. (Grianghraf: TVAS (Ireland) Teo)

*Cé go bhfuil a dtreoshuímh difriúil, is íomhá scathánach den teach Neoiliteach é an teachín beagnach.*



Amharc ardaithe den teach Neoiliteach ad Dún Seanán le baill áirithe den fhoireann tochaltáin. (Grianghraf: TVAS (Ireland) Teo)

Liosta ábhar

# Ag oibriú feirme agus ag troid ar an teorainn

**Tá luach na dtochaltán ag Caisleán Charraig Mhaighin i gContae Áth Cliath theas, ó thaobh na heolaíochta de, ar tí a bheith tuigthe nuair atá an anailís iarthochaltáin ag teacht chun deiridh.**

*Le Thaddeus Breen, Stiúrthóir Tochaltáin le Valerie J Keeley Teo*




Amharc ón aer ar Charraig Mhaighin thart fá 1960. (Grianghraf: foinse gan ainm)

Cuireann tochaltáin ar scéimeanna bóthair isteach in amanna ar dhuine toisc go bhfuiltear ag tochailt go minic i ngort in aice le suíomh ina sheasamh ansin—seachnaíonn an bóthar an séadchomhartha féin agus ní thig leat lámh a chur air. Ag Carraig Mhaighin, ar an Mhótarbhealach Thoir Theas, fágadh suíomh an chaisleáin féin gan bhaint ag duine ar bith leis, idir dhá stráice thocailte, ach fuarthas ghnéithe gaolmhara, sonnfoirt chosanta ina measc, chomh maith leis na mílte déantúsán agus na céadta sampla imshaolacha. Tugann na rudaí seo deis dúinn léiriú leathan a thabhairt den saol ag Caisleán Charraig Mhaighin i rith na gcéadta bliain.

Rinneadh damáiste mór don chaisleán i 1642 agus ansin léirscriosadh é fá choinne chloch thógála agus dá bharr seo ní raibh an seandálaí Austin Cooper ábalta ach 'sórt cé… a dtugtar geata air' a fháil. Tá an ghné seo ina seasamh go fóill mar bhinn de theach i sraith thithe feirme lasmuigh. Níl ballaí tiubha ag an teach feirme féin, agus is iad na comharthaí iad d'fhoirgneamh caisleáin ar baineadh úsáid eile as, leagadh an chuid eile den chaisleán go talamh gan amhras. Ach seans go bhfuil an bhunsraith faoin chaisleán go fóill.

Bhí na limistéir a tochlaíodh ar an taobh thuaidh agus ar an taobh theas de shuíomh an chaisleáin. Thug siad fianaise de ghníomhaíocht dhaonna ón tréimhse Mhéisiliteach (circa 8000–4000 RCh) go dtí an lá atá inniu ann. Léiríonn uirlisí cloiche agus cré-earraí gníomhaíocht dhaonna ag Carraig Mhaighin sa réamhstair, sa tréimhse Neoiliteach ach go háirithe (circa 4000–2400 RCh). Bhí na huirlisí cloiche cruinnithe i gceithre áit ar leith. Bhí dhá áit ann nach raibh mórán gníomhaíochta iontu níos moille: an limistéar thiar thuaidh agus an limistéar thiar theas. Sa dara limistéar, bhí an comhchruinniú chomh mór sin nach gcuirfeadh sé iontas orainn dá mbeadh cineál éigin de ghné d'áit lonnaithe ann taobh amuigh den limistéar tochailte ag dul níos faide siar ó dheas. Bhí an dá chruinniú eile d'uirlisí cloiche ar an dá thaobh de shuíomh an chaisleáin nár tochlaíodh, in áiteanna ina raibh na cruinnithe ba thibhe de ghnéithe meánaoiseacha agus iarmheánaoiseacha ar an suíomh. Chonacthas i gcónaí go raibh an talamh seo, atá tirim



Liosta ábhar



Faoi cheann 1781 ba é seo an t-aon chuid de fhoirgnimh an chaisleáin a bhí ina seasamh. Creidtear go traidisiúnta gur cuid de theach geata atá ann. (Grianghraif:Valerie J Keeley Teo)



Tobar meánaoiseach le céimeanna



Grianghraf ón aer a tógadh i rith an tochaltáin, ag léiriú an bábhún dronuilleogach le trí dhíog thart timpeall uirthi. Trasnaíonn an bóthar iar-1800 Ghleann na Muc é agus tá na foirgnimh feirme ar clé.

agus rud beag ardaithe, mar ionad lonnaithe oiriúnach toisc go raibh an talamh in aice leis riascach.

Ní bhfuair muid rud ar bith a thug eolas dúinn ar Charraig Mhaighin san Iarnaois agus leanann an tost go dtí an naoú haois nó go dtí an 10ú haois, nuair a bhíothas ag déanamh gualaigh, d'úsáid i miotalóireacht, is dócha. Ní bhfuarthas fianaise leis an ghníomhaíocht seo, ach fuarthas biorán fallainge de choimhiotal copair ón 12ú aois. Tháinig crois chloiche fháinneach ón tréimhse seo chomh maith is dócha.

Nuair a luaitear Carraig Mhaighin sa taifead stairiúil mar mhainéar nua sa 13ú haois, bhí forbairtí ag tarlú go gasta, ceann amháin i ndiaidh cinn eile. Tógadh áithe eile in áit na háithe ar baineadh úsáid aisti le harbhar a thriomú, agus scriosadh í ina seal nuair a tochlaíodh ceannsruth le muileann uisce comhthrománach a thógáil. Tréigeadh seo sular tógadh clós cosanta, créfort fáinneach, de réir dealraimh le trí dhíog agus dhá bhruach mar imfhálú in áiteanna. (Is caisleán créthógtha Angla-Normánach é créfort fáinneach.) Is é an limistéar teoranta é an áit ar tógadh an caisleán níos moille. Ag dul siar, bhí díog mar theorainn ag gort beag fodhruilleogach. Ní bhfuarthas ach cré-earraí meánaoiseacha sna claiseanna sa ghort seo. Tochlaíodh poll agus rinneadh áith do thriomú arbhair sa díog níos moille.

Bhí sruth mar theorainn ag an ghort seo ar an taobh theas. Imfhálaíodh an limistéar níos faide ó dheas mar chosaint ina dhiaidh sin. Níor ghlac an t-imfhálú ionad an chréfoirt, ach forleathnú a bhí ann. Níl sé soiléir cá fhad a chuaigh sé trasna an chréfoirt chun an caisleán a imfhálú. Tógadh struchtúir, dhá theach ina measc, i gcoirnéal thiar thuaidh an imfhálaithe seo, ach bhí talamh feirme sa chuid eile, le talamh riascach níos faide siar.

Limistéar dronuilleogach a bheag nó a mhór imfhálaithe ag trí dhíog a bhí sa tríú himfhálú. Tógadh sraodbhalla cloiche ag an díog taobh istigh. Bhí an t-imfhálú seo taobh amuigh de limistéar an chaisleáin gan dabht ar bith. Ba é an bábhún (clós le fál) a luaitear i bhfoinsí stairiúla é, is dócha. Baineadh usáid as chun an stoc a chosaint i rith ionsaí, agus bhíothas in ann é a úsáid mar champa do gharasún sealadach nuair a bhí gá leis. Bhí aonach bliantúil Charraig Mhaighin ar an suíomh seo, de réir dealraimh.

Chríochnaigh na céimeanna cosanta seo uilig sa 13ú haois, agus fuarthas moll mór cré-earraí. Leinster Ware (Earraí Laighneacha) a bhí ann den chuid is mó, le héagsúlacht soithí, prócaí, crocáin, trinsiúir agus ina measc. Fuarthas a lán blúirí d'earraí ó Bhaile Átha Cliath, ach ní raibh ach beagán cré-earraí iompórtailte ann (ón réigiún Saintonge sa Fhrainc). Ní bhfuarthas ach dhá bhonn ón tréimhse seo—bonn Éireannach leis an Rí Eoin agus bonn Albanach le Alastar III.

Ba mhainéar é Carraig Mhaighin a bhí i seilbh tionóntaithe éagsúla i rith na mblianta. Ní luaitear é ag an am seo mar phost teorann nó daingean, ach cosúil leis na limistéir lonnaithe uilig ar imeall na sléibhte, bhí sé oscailte d'ionsaithe ó Chlann Uí Broin agus ó Chlann Uí Tuathail. Roimh 1300 bhí cúrsaí ag éirí níos contúirtí agus creachadh a lán talamh ag Carraig Mhaighin roimh 1312, agus tréigeadh iad ina dhiaidh. Sa bhliain 1355, daingníodh

Liosta ábhar



Feoirling airgid Éireannach Rí Eoin, 1204–11, buailte i mBaile Átha Cliath.



Réal 'airgead gunna' Shéamais II, airgead éagandála buailte in Éirinn, Lúnasa 1689.



Cnaipe muincille oifigí ón 18ú haois nó go luath sa19ú haois.




Píopaí cré curtha in eagar de réir dáta ón bhabhla mór 19ú aois la mana 'Chonradh na Talún, go dtí babhla le fána ón 16ú haois dhéanach nó ón 17ú luathaois.

é mar chuid de chóracha cosanta ón Bhaile Mhór go Tamhlacht, ó Bhaile Amhlaoibh go Coill Ghiobúin, agus ag dul soir ó thuaidh ó Charraig Mhaighin go Deilginis. Roimh1400, bhí Carraig Mhaighin ag na Breatnaigh.

Tagann cuid mhaith de na fionnachtana meánaoiseacha ón tréimhse níos déanaí seo. Léiríonn cloch ailtireachta agus leacáin urláir go raibh foirgneamh suntasach ann le séipéal nó halla boghtach agus urlár le leacáin mhaisithe cosúil leis na cinn a fheictear i mainistreacha Bhaile Átha Cliath. Ach ní bhfuarthas leacáin dín, agus mar sin de, bhí díon tuí ann, fiú ar an phríomhfhoirgneamh. I measc na ndéantúsáin a fuarthas, bhí bróga, púitse leathair le guailleán, bróiste le fáinne agus gréasú sparáin déanta de choimhiotal copair, trumpaí (uirlisí ceoil simplí ar a raibh ráchairt sa Mheánaois). Léiríonn na samplaí comhshaoil go raibh triomú barr arúil ag dul ar aghaidh ar scála tionsclaíoch. Tugadh eallach chuig an suíomh, ach níor tógadh na hainmhithe ansin agus baineadh úsáid astu d'fheoil agus do thairgí déiríochta.




Dhá chaor mhuscaeid, ceann nár úsáideadh (clé), agus an ceann eile (deis) ag léiriú imbuailte.

Tar éis na héadála móire cré-earraí ó na sraitheanna 13ú haois, ba mhór an t-údar díomá iad na céadta ina dhiaidh sin. Tá a fhios ag an saol nár baineadh úsáid as a lán cré-earraí ag an am seo, agus mar sin de baineadh úsáid as ábhar orgánach, adhmad agus leathar mar shampla, chomh maith le soithí cócaireachta miotail. Ní bhfuarthas sampla ar bith den ábhar seo ó Charraig Mhaighin, áfach, cé go raibh fosuithe i ndíoga agus i dtoibreacha a bhí fliuch go leor chun ábhar orgánach a leasú. B'fhéidir gur caitheadh soithí adhmaid a bhí briste nó a bhí ag sceitheadh isteach sa tine de ghnáth?

Faoin 16ú haois dhéanach, tháinig cré-earraí ar ais mar allmhairí rud beag coimhthíocha ón Fhrainc, ón Spáinn, nó ón Ghearmáin.



Liosta ábhar



Píosa bhúcla bróg ón 18 haois.

*Ba é an fionnachtain ba shuntasaí ag Carraig Mhaighin ná dhá mhóruaighe le dáta chóir a bheith cinnte ón ionsaí a rinne fórsaí an rialtais ar an chaisleán i 1642.*

Bhí cuid acu feidhmiúil go leor, tancaird agus mugaí, agus soithí stórála do bheoir agus d'fhíon. Fuarthas soitheach cuimilte chun bia a choinneáil te ar an tábla nuair a tógadh é ón chistin. Tugadh tobac isteach faoin am seo agus fuarthas píopaí cailce ón chéad leath den 17ú haois. Allmhairi Sasanacha a bhí iontu. Léirigh méid níos mó agus níos mó de leacóga mullaigh agus slinnte dín go raibh athrú i dteicneolaíocht na foirgníochta. B'fhéidir gur tharla seo mar gheall ar an riosca dóiteáin ó thuí sa phost teorann a bhí ann faoin am seo.

Ba é an fionnachtain ba shuntasaí ag Carraig Mhaighin ná dhá mhóruaighe le dáta chóir a bheith cinnte ón ionsaí a rinne fórsaí an rialtais ar an chaisleán i 1642, toisc gur thacaigh Theobald Walsh leis na ceannaircigh i gCogaí na Cónaidhmeanna Éireannacha. Uaigheanna tanaí a bhí iontu, 25 m ó shuíomh an chaisleán is dócha, agus bhíothas in ann iad a dhátú ó bhoinn go tús an 17ú haois. B'fhéidir go bhfuil dáta ó 1642 ag caora muscaeid thart timpeall an tsuímh, nó ó ionsaithe ar an chaisleán a rinneadh níos luaithe. Ní rabhthas cinnte faoi cheann amháin acu ag an tús. Caor iarainn atá ann, neamhchosúil le caora muscaeid a rinneadh de luaidhe, ach ní raibh sí ach 36 mm trasna. Is méid an-bheag é seo do chaor ordanáis ach méid an-mhór do chaor mhuscaeid. Ach dúirt feirmeoir as Gráinseach an Déin a chuaigh chuig an teach ag 'Carrickmayne' chun eallach a thóg Walsh a lorg, áfach, go bhfaca sé 'sling piece' ansin. Seo gunna sclóine muirí beag agus is féidir cailibre chomh beag sin a bheith aige. Ní bhfurthas an gunna, ach b'fhéidir gurbh é seo ceann de na caora a scaoileadh as.

Tar éis an léigir, scriosadh an caisleán ag Carraig Mhaighin go deo, agus léiríonn taifead Cháin Teallaigh 22 bliain níos moille 27 sealbhóir tí i dtithe beaga. Roimh na 1680í, cheannaigh clann Allen Carraig Mhaighin, ach bhí a dteach mór tuaithe ag Stigh Lorgan agus tugadh léas Charraig Mhaighin d'fheirmeoirí éagsúla de réir a chéile. Bhí cúirt mhainéir agus margadh ann go fóill.

Tá a lán éadálacha ó thréimhse níos moille sa 17ú haois ann. Sa limistéar níos faide thiar den limistéar tochailte fuarthas bunsraith theachíní dhá urlár, le fortheach a tógadh níos moille, agus dromchlaí duirleog áirithe. Tá dátaí ar na boinn a fuarthas sa limistéar seo ón tréimhse seo. Léiríonn na líonta níos déanaí sna díoga gur líonadh de réir a cheile iad.

Cé nach raibh teach mór fir uasail ag Carraig Mhaighin, taispeánann an bailiúchán mór de chré-earraí agus gloine ó níos moille sa 17ú haois agus sa 18ú haois, go raibh caighdeán maireachtála measartha ard ag cuid de na háitritheoirí ar a laghad. I measc na n-éadálacha criadóireachta bhí gréithe tábla costasacha, babhlaí siúcra agus bainne, agus earraí péarla, agus moll mór buidéal fíona agus gloiní fíona, chomh maith le gloine leatháin.

Léiríonn roinnt méaracáin agus lear mór pionnaí fuála go ndearnadh agus gur deisíodh éadaí ansin. Fuarthas bróga áirithe agus búclaí bróg. Ní raibh slinnte ar dhíonta na dtithe anois, ach leacáin, tíleanna cíoma oráiste a thug cuma choimhthíoch dóibh de réir bharúlacha na ndaoine sa lá atá inniu ann. Tógadh bealach isteach nua don phríomhtheach feirme, taobh leis an díog a bhí sa seanchéfort fáinneach agus a bhí oscailte go fóill. Fuarthas mórán bonn agus airgead muiníne (boinn a rinneadh go háitiúil ar baineadh úsáid astu go príomha mar shoinseáil bheag), b'fhéidir mar gheall ar an mhargadh a bhí ann go rialta fós. Bhí níos mó píopaí cré ann anois, de dhéantús Éireannach agus iompórtáilte ón Ollainn. Fuarthas a lán cnaipí éagsúla, ina measc ceann ón Powerscourt Cavalry, reisimint áitiúil d'óglaigh lonnaithe ag eastát an Tiarna Powerscourt, pas beag ó dheas. Bhí dáta aige ó na 1790í, mar a bhí ag bonn Francach ón Chéad Phoblacht.

Bhí éadálacha ó Charraig Mhaighin an19ú haois chomh líonmhar agus a bhí na cinn ón 18ú haois. Seo Carraig Mhaighin mar a léiríodh é ar léarscáileanna a rinne Taylor, Duncan agus an tSuirbhéireacht Ordanáis—áit shuaimhneach iargúlta faoin tuath. Léiríonn éadálacha criadóireachta gur baineadh úsáid as níos mó earraí olltairgthe. I measc na gcineálacha nua bhí prócaí uisce beatha cruachré, buidéil dúigh, agus prócaí marmaláide agus i measc na n-earraí gloine bhí buidéil d'uisce mianraí, agus buidéil leighis. Bhí lear mór bonn ann, pingíní agus leathphingíní den chuid is mó cé gur cronaíodh réal airgid 1816 agus floirín 1921 níos mó, gan amhras. Sa 20ú haois fiú, bhí fianaise á cruinniú a gcuirfeadh ar ár gcumas scéal Charraig Mhaighin i rith na mblianta a insint.



Blúire earraí sgraffito North Devon ón 17–18 ú haois.


Liosta ábhar



# Leacht cuimhne ag gluaiseacht

**Meabhraíonn athchóiriú a rinneadh ar fhuarán uisce ionólta cuimhneacháin ar aicme thiarnaí talún Luimní.**

*Le Paul O'Keeffe, Seandálaí Cúnta ÚBN leis an fhoireann theas*



Barr: An séadchomhartha athshuite..

Deas: Séadchomhartha Fitzgibbon, sular baineadh anuas é i 2001 (Grianghraif: Paul O'Keeffe



Liosta ábhar

Is áirse ghotach ghalánta í Séadchomhartha Fitzgibbon, a thóg an Bhantiarna Louisa Fitzgibbon agus a fear céile Gerald i 1875, anuas ar chaidéal uisce i gcuimhne a mic a fuair bás cúig bliana roimhe. Bhí sé suite ag an chéad dul síos ar an bhóthar Luimneach- an tAonach i mbaile fearainn an Cheathrú Chaol, thart fá 3.5 ciliméadar thoir ó Bhaile Luimní, agus tugadh an 'Carrowkeel Fountain' nó an 'Carrowkeel Pump' air. Baineadh an séadchomhartha sa bhliain 2001 toisc go raibh sé taobh istigh de bhealach Chuarbhóthar Theas Luimní. Tá sé athchóirithe go hiomlán anois, agus atógadh é ar shuíomh athlínithe nua ar an bhóthar Luimneach- an tAonach, 600 m thuaidh thuaidh thoir ón áit a raibh sé ar dtús. D'athshuigh an Comhairleoir Mary Harty, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimní go hoifigiúil é i nDeireadh Fómhair 2011.

## Clann Fitzgibbon as Cnoc na Sionainne

Clann shaibhir chumhachtach as Luimneach ba ea iad an chlann Fitzgibbon a tháinig in ardréim mar gheall ar John Fitzgibbon (1708–80) as Baile Uí Shéada, dlíodóir oilte agus Teachta Parlaiminte a chruinnigh stór óna chliantacht dhlíodóra. Cheannaigh sé teach agus talamh i gCnoc na Sionainne, 2 ciliméadar thiar theas ó Chaisleán Uí Chonaill, circa 1765. Méadaíodh an t-eastát faoi dheireadh go 13,000 acra agus chuimsigh 900 acra de seo na gairdíní agus na páirceanna galánta de dhúiche Chnoc na Sionainne, a raibh an tSionainn agus an Mhaolchearn faoi seach mar theorainn aige ar an taobh thuaidh agus ar an taobh thiar. Ina chroílár bhí Teach Chnoc na Sionainne, teach mór na 18ú haoise: ceaptar go raibh sé ar na cinn ba dheise in Éirinn (cé nach ach creatlach dóite go talamh anois é, ar an drochuair), ina raibh tithe geata, tithe maoir, lóistín searbhóntaí, stáblaí, tithe cóiste, tithe gloine téite agus gáslann. Ba dhúiche na clainne Fitzgibbon é ar feadh níos mó ná 120 bliain.

*Nuair a chuir an dara hIarla an caidéal anseo ar dtús, am éigin ó thus go lár an 19ú haois, ba cheist phráinneach shóisialta é soláthar uisce óil úir saor in aisce.*

Ach tháinig an chlann i mbarr a réime, áfach, faoi mhaoracht mhac John, John fosta (1748–1802). Cosúil leana athair, dlíodóir agus Teachtaire Parlaiminte a bhí ann, agus rinneadh Tiarna Seansailéir na hÉireann é (an chéad Éireannach a raibh an oifig sin aige ó 1725) agus Baron Fitzgibbon of Lower Connello i 1789. Rinneadh Viscount Fitzgibbon de níos moille (1793), First Earl of Clare (1795) and Lord Fitzgibbon of Sidbury, Devonshire (1799). Fuair sé na teidéil seo as ucht a ghníomhartha ar son na corónach, ina measc dul i gcoinne athleasú agus fuascailt na gCaitliceach, treascairt Éirí Amach 1798 agus tacaíocht le hAcht an Aontais. Mar gheall ar na gníomhartha seo, thug na Caitlicigh fuath dó agus tugadh ' Black Jack' air go tarcaisneach. Deirtear gur caitheadh cait mharbha ag a chónra i gcuimhne focal luaite leis go ndéanfadh sé na hÉireannaigh chomh 'múinte le cat ciorraithe'. Tar éis a bháis, i 1802, tháinig meath ar shaibhreas agus ar chumhacht chlann Fitzgibbon de réir a chéile. Tá stair na clainne suimiúil ina dhiaidh sin, áfach, agus baineann sí le daoine agus le himeachtaí iomráiteacha, gan trácht ar scannal anois agus arís.



Teach Chnoc na Sionainne, teach mór 18ú haoise, creatlach dóite go talamh anois.

Liosta ábhar




Sonra den leacht cuimhneacháin tar éis athchóirithe.

Fuair mac Black Jack, John Fitzgibbon, Second Earl of Clare (1792–1851) an t-eastát mar oidhreacht nuair nach raibh sé ach 10 bliain d'aois agus rinne sé seirbhís níos déanaí mar Lord Lieutenant of Limerick (Tiarna Leifteanant Luimní) agus mar Ghobharnóir Bombay. Bhí sé an-mhór leis an fhile Byron agus spreag sé dán a scríobh Byron go luath, do 'The Friend of my Youth'. Nuair a fuair an Dara hIarla bás, gan sliocht ar bith air, fuair a dhearthán, Richard (The Third Earl of Clare, 1793–1864) an oidhreacht.

Sula bhfuair sé an oidhreacht, chruthaigh Richard scannal poiblí toisc go raibh caidreamh aige le bean phósta agus gur ghin sé a páiste. Chuir an cás cúirte a thóg fear céile na mná uaisle, an tUasal Maurice Crosbie Moore, dochar go leor do chlú an Iarla, agus rinne damáiste cúirte £6,000 níos mó dochair fós dá sparán. Cé gur phós sé níos déanaí bean Crosbie Moore a bhí, ba leanbh tabhartha é an mac ba shine agus mar sin de, bhí sé neamhdhlisteanach, agus ar an ábhar sin, bhí an dara mac, Viscount John Charles Henry Fitzgibbon, le bheith ina oidhre. Sin mar a bhí sé go dtí lá cinniúnach i nDeireadh Fómhair 1854, nuair a thug sé páirt i Ruathar na Briogáide Gasta ag Cath Balaclava. Cé go bhfaca compánaigh é scaoilte dhá uair san ucht, ní bhfuarthas a chorp riamh. Chuaigh an scéal thart nach raibh sé marbh, áfach, agus rinneadh níos mó tuairimí faoi nuair a chonacthas fear leis na comharthaí céanna is a bhí aige i gcuibhreann reisiminte 8th Royal Hussars in Hounslow, Middlesex sa bhliain 1877. Bhí teacht i láthair eile mar seo ann nuair a cuireadh an reisimint ar stáisiún ar theorainn thiar thuaidh na hIndia i 1892 agus bhí roinnt de na hoifigí ansin cinnte gurbh é an Bhíoscúnta Fitzgibbon an seanfhear a thug cuairt ina gcuibhreann. Tuairiscíodh a bhfacthas go forleathan sna nuachtáin agus spreag sé gearrscéal Rudyard Kipling 'The Man Who Was'. Tógadh séadchomhartha chun 'crógacht Bhíocúnta Fitzgibbon … agus a chompánaigh uaisle faoi arm' i 1857 ar Droichead Wellington (Droichead Sáirséil anois) i gCathair Luimní. Leag baill d'Óglaigh na hÉireann é i 1930 agus cuimhníonn an séadchomhartha Éirí Amach 1916.

As ucht bhás a aonmhic dhlisteanaigh, fuair iníon ba shine Richard, an Bhantiarna Louisa (1826–98) an oidhreacht. Chuir anchaitheamh Louisa amú an chuid den oidhreacht a bhí fágtha agus le teann éadóchais, phós sí fear uasal Cicileach, an Marchese Della Rochella, i ndiaidh bhás a céad fhear céile roinnt blianta roimhe. Ba mhian leis an Bhantiarna Louisa úsáid a bhaint as a chuid airgid chun a fiacha a ghlanadh. Ní raibh a fhios aici, áfach, go raibh eastáit an Marchese curtha i ngeall go mór, agus mar go raibh sé ag ceann de na damhsaí costasacha a d'eagraigh sise ag Cnoc na Sionainne, bhí sé cinnte gur réiteach a thrioblóidí airgid go léir an bhaintreach shaibhir seo. D'fhéadfá a rá gur chuir an pósadh díomá

áirithe ar an bheirt acu. Faoi dheireadh chuaigh Louisa chuig úsairí i Londain, a d'fhoriaigh agus a dhíol an t-eastát. Bhí sí measartha bocht nuair a d'fhág sí Éire, agus chaith sí an chuid eile dá saol i gclochar ar Inis Iocht.

## An séadchomhartha

Cé go raibh a lán daoine ag doicheall roimh chlann Fitzgibbon, mar gheall ar iarmhairt an Chéad Iarla (Black Jack), moladh iad, áfach, mar thiarnaí talún maithe. Tá a lán scéalta ann faoina bhflaithiúlacht agus bhí an t-iomrá leis gur cháin Black Jack go mór na tiarnaí talún a rinne beag dá dtionóntaí nó a lig do mheáncheannaithe agus do stíobhaird a bheith i mbun a n-eastát. Is dócha gur spreag an mothú seo a bhí aige ar dhualgas poiblí a mhac John (an Dara hIarla) caidéal a chur ar thaobh an bhóthair Luimneach-an tAonach ar mhaithe a thionóntaí agus a gcomharsan, agus teastalaithe ag dul chuig an chathair agus agus ag teacht amach aisti. D'athchóirigh an bhantiarna Louisa (a neacht) agus a céad fhear céile an caidéal i 1875 agus chuir siad séadchomhartha anuas air, tiomnaithe dá mhac ba shine, Charles Richard George a fuair bás ó nimhiú fola trí mhiontaisme, in aois 20.

Is áirse ghotach é d'aolchloch cóirithe agus leacht cuimhne marmair le harmas na clainne agus a mana '*NIL ADMIRARI*', a chiallaíonn 'ná bíodh iontas ort faoi rud ar bith'. Déanann umar leathchiorclach teagmháil le héadan na háirse. Bhí ornáid bhuaice le cruth croise ar an áirse ag an tús, agus chuaigh ráillí iarainn i bhfoirm leathchiorclach thart timpeall an struchtúir ar fad le taistealaithe agus a gcapaill a striúradh ón bhóthar go dtí an t-umar agus ar ais. Sprioc aitheanta a bhí ann agus lean sé ar aghaidh ag soláthar uisce úr go háitiúil go dtí na 1960í ar a laghad, nuair a chuir Comhairle Contae Luimní caidéal nua isteach ar ardán coincréite taobh thiar den áirse.



Sonra d'athchóiriú chloch cholúin

Nuair a chuir an Dara hIarla an caidéal anseo den chéad uair, ó thus go dtí lár an 19ú haois, ba cheist phráinneach shóisialta é soláthar uisce óil úir saor in aisce, sna bailte agus sna cathracha go háirithe. Ó na 1850í ar aghaidh, mhol cumainn dhaonchairdiúla agus cumainn a smaoinigh ar leas an phobail tógáil fuarán poiblí agus bhailigh siad airgead fána gcoinne. Cionn is gur mhaoinigh daoine saibhre agus daoine móra sa phobail iad bunús an ama, bhí tiomnuithe dá mbronntóirí ar na fuaráin agus ar na humair go minic. D'fhorbair traidisiún d'fhuaráin chuimhneacháin roimh i bhfad, agus de réir an traidisiúin seo, iarradh orthu siúd a d'ól ón fhuarán paidir a rá ar son an duine a fuair bás. Bhí an traidisiún seo, a raibh tionchar aige gan amhras maidir leis an dóigh ar chinn an Bhantiarna Louisa a mac a chomóradh, forleathan i Sasana ag deireadh na 19ú haois. Is i Sasana, leoga, a fhaightear na cosúlachtaí is mó leis an áirse shuntasach le binn ag Séadchomhartha Fitzgibbon.

## Athchóiriú agus atógáil

Mar gheall ar scéimeanna uisce poiblí, agus iompar poiblí, chuaigh an caidéal ar an Cheathrú Chaol as úsáid agus chuaigh an leacht cuimhne chun raice. Bhí na clocha ar na colúin scoilte ag an síonchaitheamh agus thit na litreacha luaidhe ón leacht dá bharr fosta; rinneadh damáiste do na clocha ag an bhonn, tréigeadh an séadchomhartha ar fad a bheag no a mhór i limistéar fóircthe le fiailí. Ansin i 2001 baineadh an séadchomartha anuas chun áit a dhéanamh do Chuarbhóthar Luimní Theas. Níor aimsíodh áit chun é a atógáil go dtí gur críochnaíodh an mótarbhealach M7 an tAonach–Luimneach in aice leis, agus ar an ábhar sin chaith an leacht 10 bliain stóráilte ina aonar.

Tar éis oscailt an mhótarbhealaigh i 2010, agus le cuidiú ó áitritheoirí an cheantair (Paddy Rainsford go háirithe), Cumann Staire Bhaile Uí Chonaill, agus Tom Cassidy (Oifigeach Caomhnaithe, Comhairle Contae Luimní), aimsíodh suíomh nua don séadchomhartha agus thosaigh clár athchóirithe. Athghearradh na litreacha ar an leacht cuimhneacháin agus chuir Stephen Bracken as Cill Droichid, Contae Chill Dara litreacha luaidhe isteach; dheisigh Ashford Stoneworks, Craobh Chomhartha, Contae Luimní na clocha ón áirse go paiteanta. Nuair a bhíothas in ann é a dhéanamh, cuireadh na clocha ó na colúin bhriste le chéile arís le duail. Dóibh siúd a raibh drochbhail orthu, ghearr Edward Murphy as Cill Chainnigh píosaí nua agus cuireadh isteach sna clocha a bhí ann ag an tús agus a tháinig slán. Cóiríodh áiteanna eile a raibh damáiste déanta dóibh, ag baint úsáide as moirtéal athchóirithe den dath céanna. Athchóiríodh amach is amach an t-umar a adhlacadh go hiomlán sular baineadh an séadchomhartha anuas.

Ina sheasamh anois ar an taobh thuaidh den Bhóthar Luimneach–an tAonach athailínithe, ar thalamh a bhí ag Dúiche Chnoc na Sionainne lá den saol, is féidir Séadchomhartha Fitzgibbon a fheiceáil arís mar sprioc shuntasach áitiúíl. Ar dhóigh éigin, is ceart agus is cóir, as na rudaí uilig a léiríonn cumhacht agus saibhreas chlann Fitzgibbon, go bhfuil an séadchomhartha seo ann go fóill, tógtha ar leas an phobail agus maisithe ag máthair faoi bhrón, ag impí ar na daoine ag dul thart paidir a rá ar son Charles Fitzgibbon óg, a fuair bás ina 21ú bliain.

Liosta ábhar



## An dóigh ar thug daltaí bunscoile i mBaile Mhistéal, Contae Chorcaí aghaidh ar a stair Chré-Umhaoiseach

*Le Ken Hanley, Seandálaí ÚBN leis an Fhoireann Theas*

I mí Dheireadh Fómhair 2011 tháinig páistí bunscoile díograiseacha isteach ina scórtha trí dhoirse Leabharlann Bhaile Mhistéala leis an scéal a fháil faoi fhinnachtain nach bhfuarthas a leithéid ann in Éirinn riamh roimhe. Nuair a bhí siad ag déanamh tochaltán roimh thógáil Bhóthar Faoisimh Bhaile Mhistéala N8/N73, d'aimsigh seandálaithe iarsmaí de chupán beag criaga 3,800 bliain d'aois, le cruth ar leith d'aghaidh dhaonna air. Fuarthas an cupán i gclais ar bhruach na Greadóige, díreach taobh amuigh de Bhaile Mhistéala, agus bhí spúnóg chré agus dhá phota leis. Bhí srón mhór, dhá shúile agus dhá chluas ag an chupán. Bhí cluasa ar phota amháin chomh maith. Rud an-suimiúil, bhí cluas amháin ar an chupán droim ar ais, (agus bhí sé mar an gcéanna maidir leis an phota)! Bhí iontas an domhain ar na saineolaithe criadóireachta agus dúirt siad gurb é an fhionnachtain chriadóireachta is corraithí ó Éirinn na réamhstaire é.

# Aghaidh ón am a chuaigh thart



An cupán Cré-Umhaoiseach a fuarthas in aice le Baile Mhistéala, Contae Chorcaí. (Grianghraif: John Sunderland)

Thug Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí, i gcomhar leis an ÚBN cuireadh do bhunscoileanna i gceantar Bhaile Mhistéala páirt a ghlacadh i gcomórtas thionscnamh grúpa speisialta do ranganna a cúig agus a sé, agus iarradh orthu saothar ealaíne dhéthoiseach agus tríthoiseach a chur isteach, chomh maith le píosa taighde agus píosa scríbhneoireachta cruthaithí, bunaithe ar an chupán le haghaidh. Ba é an aidhm a bhí ag an chomórtas ná níos mó measa a spreagadh ar ár gcomhoidhreacht agus ar an sinséar atá againn go léir. Mar réamhdhréacht don chomórtas, tugadh cuireadh do na ranganna teacht go Leabharlann Bhaile Mhistéala, áit ar tugadh cainteanna dóibh ar chúlra na fionnachtana agus ar an réimse suíomh eile a aimsíodh ar scéimeanna bóthair i gContae Chorcaí.

Chuir samhlaíocht agus cruthaíocht na dtionscnamh uilig a cuireadh isteach iontas an tsaoil ar mholtóirí an chomórtais, agus fuair gach ceann acu ardmholadh. Tar éis plé fhada, áfach, thug Rang a Sé, Bunscoil na Toirbhirte na moltóirí leo lena n-obair a bhí an-nuálach. Gairmeadh iad ina mbuaiteoirí ag bronnadh na nduaiseanna i Leabharlann Bhaile Mhistéala i mí na Nollag, 2011.



Daltaí Rang a Sé, Bunscoil na Toirbhirte, Baile Mhistéala, a raibh a mbua i gcomórtas Chupán Aghaidh Bhaile Mhistéala tuillte go maith acu. (Grianghraf: Ken Hanley)

Ghearr an t-ealaíontóir Hele Helsner trófaí cré-umhach a ordaíodh go speisialta agus thug Eachtra Archaeological Projects urraíocht don trófaí seo. Bhronn Jacinta Kiely, Comhstiúrthóir Eachtra, an trófaí. Thug Liz Fay, Leabharlannaí Bhaile Mhistéala boinn aonair do dhaltaí an ranga agus chuir Tesco (Ireland) Teo sólaistí ar fáil do na buaiteoirí a raibh an bua tuillte go maith acu. Bhí Ian McDonagh, Oifigeach Ealaíon le Comhairle Contae Chorcaí, agus Mary McPhillips, Leabharlannaí Feidhmeannach Sinsearach le Leabharlann Contae Chorcaí i gceannas an tsearmanais. Chun an fhionnachtain a chomóradh, bhronn an ÚBN macasamhail den aghaidh agus den spúnóg ar Leabharlann Bhaile Mhistéala agus tá an dá rud ar taispeántas ansin faoi láthair. Coinneoidh an scoil a bhuaigh an trófaí ar feadh bliana agus ansin rachaidh sé ar ais chuig an leabharlann mar thrófaí buan do chomórtais phobail i mBaile Mhistéala san am atá le teacht.

Ach beidh an focal scoir ag na páistí spreagúla i rang a Sé, Bunscoil na Toirbhirte:

'The Face Cup was found where a driver drives his load
Down by the N8 Mitchelstown Road.
Galty Mountains to the north, Ballyhoura to the west
Was where the Face Cup was laid to rest.

The Face Cup came with two posts and a spoon
I wonder did they use it to worship the moon.
The Face Cup was found with two other pots
They were found in a field where a farm grows crops.

I heard someone say it was used to worship fire
But no-one knows so don't call me a liar.
The Face Cup was found with two pots from a different time
It's in the National Museum, so you better stand in line.

Where it will have pride of place
Because of its unique face
There's a replica in the library in town
So take a trip to Mitchelstown!'

Sliocht as dán le Rang a Sé, Bunscoil na Toirbhirte, Baile Mhistéala, a bhain Comórtas Chupán Aghaidh Bhaile Mhistéala do bhunscoileanna áitiúla 2011.



Trófaí buan cré-umhach Aghaidh Bhaile Mhistéala a ghearr an tEalaíontóir Hele Helsner agus ar thug Eachtra Archaeological Projects urraíocht dó. (Grianghraf: Ken Hanley)



Jacinta Kiely (Eachtra Archaeological Projects) ag tabhairt cainte do pháistí bunscoile ag Leabharlann Bhaile Mhistéala. (Grianghraf: Ken Hanley)

**Fuarthas fionnachtain stairiúil ar leith i rith thochailte galláin ar an Bhóthair Ceangail N11 Inbhear Mór–Guaire i gContae Loch Garman.**

*Le Paul Stevens, Stiúrthóir Tochaltáin le Valerie J Keely Teo, le dréachtaí le Marc Gueron*

Is fionnachtain thábhachtach agus b'fhéidir fionnachtain shainiúil í cloch eitreach ón Easc, Contae Loch Garman a léiríonn gurbh fhéidir gallán a chur ina áit go cruinn díreach. Léiríónn áitiú cruinn na monailite seo go raibh a threoshuíomh sa tírdhreach an-tábhachtach maidir lena dhearadh ailtireachta. Lena chois sin, bhí méid, cruth agus fiú dath na cloiche uilig an-tábhachtach do na hailtirí sa sean-am. Tugann na fionnachtana seo leideanna maidir le gaol na cloiche lena suíomh níos leithne ar an tírdhreach. Taispeánann na fionnachtana méid pleanála, cruinnis agus saineolais nach samhlaítear le galláin go ginearálta (bíonn na samplaí réamhstairiúla gan ghearradh de gnáth).

## An ailtireacht sa seansaol

As atógáil an-chúramach ó fhianaise an tochaltáin, gnóthaíodh sraith imeachtaí (féach líníocht atógála) don ghallán imscrúdaithe ag an Easc (ainmnithe anseo mar Ask1). Ag an tús, bhí bollán oighreach corr de thuf iathchloiche meiteamorfaithe—tipiciúil den cheantar—ina luí breacnochta sa talamh (A). Bhain na hailtirí sa sean am ceap mór dronuilleogach ón bhollán feadh scoilte nádúrtha. Oibríodh an ceap go dtí go bhfuarthas an cruth agus an méid a bhí á iarraidh, ag baint úsáide as casúir chloiche

# An dóigh a ndearnadh gallán



Gallán ag Ask 1 i rith tochaltáin agus impreisean an ealaíontóra de Ask 1, ag amharc soir. (Grianghraf: Valerie J Keeley Teo; líníocht: Marc Guernon)

(B). Nochtadh dath dúghorm-glas tríd an phróiseas seo nuair a baineadh píosaí móra agus blúirí. Fágadh an aghaidh dheas gan láimhseáil, áfach, ag coinneáil feith de feinicriosta bán (cineál grianchloichíte) a bhí in imeartas go suntasach leis an chloch dhú-ghorm ghlas a nochtadh in áiteanna eile. Cuireadh an chloch seo ina seasamh agus fuair sí tacaíocht, is dócha, ó dhingeacha cloiche agus teanntráin ceangailte de chuaillí adhmaid (C–D)—b'fhéidir gur baineadh úsáid as sraith púróg fliuch a fuarthas i rith an tochaltáin le cuidiú leis an phróiseas seo (D). Ba é an cruth a bhí air ag an deireadh ná barr garbh le cruth dinge, trasghearradh cearnógach a bheag nó a mhór, agus bun ag caolú leis cosúil le bior pionsail. Cuireadh an gallán ina áit go hingearach le seasamh ar a bhonn chun go mbeadh sé níos fusa é a bhogadh (C–E). Bhí an gallán réidh le bogadh anois agus le cur go ceart ina ailíniú buan ag baint úsáide as fórsa luamháin ó bharra curtha isteach i sliotán san 'eochair' (E), agus an taobh bán gan oibriú le haghaidh ó dheas. Faoi dheireadh, adhlacadh é i bpáirt agus bhí sé ina sheasamh 1.37 m os cionn dhromchla na talún.

## Eochair


Ó na halpáin níos mó a fágadh agus ó na blúiríní a baineadh ón ghallán ag an tús, baineadh úsáid as cuid acu do phacáil, do dhingeacha, mar theannta agus mar thacaí, brúite isteach ag bun na cloiche. Tá ceann amháin an-tábhachtach go háirithe toisc go dtugann sé an fhianaise ailtireachta lárnach leis an chor dheireanach chruinn. Is é an rud atá san fhionnachtain aonair seo ná sliotán 260 mm ar fad (30 mm ar leithead agus 8–13 mm ar doimhne) pioctha leis an lámh le cúram agus le haird, mar a fheictear go soiléir.

Cuireadh an chloch seo idir bhonn an ghalláin, ding eile agus an chuid eile den bhollán. Cuireadh an eitre go hingearach feadh thaobh an ghalláin chun go rachadh slat fhada chiorclach adhmaid, nó cuaille isteach; luamhán, le fírinne, le cuidiú le bogadh na cloiche le mionchoigeartú roinnt céimeanna chun an dearcadh agus an treoíocht a fháil go ceart. Nuair a cuireadh an chloch ina háit, tógadh amach an t-adhmad agus cuireadh cré agus clocha síos ag an bhun agus na blúirí agus na duirleoga a bhí fágtha in éineacht leo. Tá an t-am, an trioblóid agus an phleanáil a bhí de dhíth chun eitre mar seo a ghearradh gan réamhshampla maidir le gallán, ach b'fhéidir gur tharla seo in áiteanna eile in mbaile fearainn an Easc (féach Ask 2 thíos). Is fiú timpeallacht an tsuímh a phlé mar gheall ar an méid airde a tugadh d'ailíniú.

## A áit ar an tírdhreach

Tá gallán Ask1 suite 3 ciliméadar thoir thuaidh ó Ghuaire agus cuid de choimpléasc mór reilige gan doiciméadú go dtí seo ar baineadh úsáid as ar feadh níos mó ná dhá mhíle bliain a bhí ann, ag tosú sa tréimhse Neoiliteach. Fuarthas dhá bhaile fearainn an Easc; tá an gallán eile (Ask 2) ina luí gan bogadh ar bith i ngort cóngarach thiar theas ó Ask 1, taobh






Líníocht ag léiriú ord na n-imeachtaí (A–F) nuair a cruthaíodh an gallán ag Ask 1. (Líníocht: Marc Guernon)

Liosta ábhar




Amharc siar, ag léiriú féith d'fheinicriost bhán (glas faoi small ón aimsir i rith an ama), coinnithe is dócha, mar gheall ar a dath glinn agus a chodarsnacht. (Grianghraf: Valerie J Keeley Teo)



Amharc ardaithe ar na tochaltáin ar an Easc, Contae Loch Garman, ag léiriú an reilig le díog fháinneach circa 55 m thiar theas ón ghallán ag Ask 1. (Grianghraf: John Sutherland)

amuigh de phasáiste an bhóthair. Bhí na clocha seo ag ceann agus ag bun shuíomh na reilige. Tar éis an tochaltáin, bogadh gallán Ask 1 go dtí an áit a bhfuil Timpeallán Tigh an Chnoic anois. Bhí Ask 2 ina luí 411 m thiar theas ó Ask 1. Tá sé rud beag níos lú, 0.95 m ar airde ach cearnógach a bheag nó a mhór. Tá an cineál cloiche céanna ann. Tá eitre bheag ann chomh maith gearrtha ina aghaidh thoir theas: níl a fhios againn cad is bun de, ach cuireann sé an chloch ag Ask1 i gcuimhne.

Tá an reilig agus na galláin ar na fánaí thiar de Chnoc na hEasca, os cionn bearnais chaoil idir Loch Garman thuaidh agus Cill Mhantáin, le radhairc iontacha ar mhánna Chill Mhantáin. Cónaisceann droim 100 m in airde an cnoc ag an Easc le Cnoc Teamhrach ar an taobh thoir. Is críochtheorainn ársa é an talamh ard seo, agus marcálann sé teorainn thábhachtach dhúiche Uí Cheinnselaig, ag cur teorann le Deoise eaglasta Fearna níos moille.

## An comhthéacs níos leithne

Is féidir gallán a shainmhíniú mar chloch atá curtha go hingearach sa talamh agus 0.5 m go dtí 6 m ar airde. Síltear gur fheidhmigh galláin mar mharcanna adhlactha, leachtanna cuimneacháin, marcanna teorann agus treoracha bealaigh. Ta sé an-deacair iad a dhátú, agus bíonn dáta ón dara mílaois acu go minic, ach tá samplaí ann ón tréimhse Neoiliteach go dtí an Luathmheánaois. Ba phointí comhtheagmhála tábhachtacha d'adhlacthaí iad na galláin sa Luathmheánaois fiú, agus séadchomharthaí ár sinsear fósta, is dócha.

Tá na galláin ar na séadchomharthaí is líonmhara in Éirinn agus tá siad scaipthe go forleathan. Creidtear go bhfuil baint ag an Easc leis an tírdhreach níos leithne. Is dhá cheann as roinnt de ghalláin sa cheantar iad Ask 1 agus Ask 2, agus ina measc siúd tá sampla féideartha ag Tigh an Chnoic Íochtarach, seacht monailit ag dul timpeall ar Chnoc Theamhrach agus 22 cloch thaifeadtha ón cheantar máguaird.

Léiríonn fianaise éigin dáta do Ask 1 agus Ask 2 idir an tréimhse Neoiliteach Dhéanach agus an Mheánchré-Umhaois go dtí an Cré-Umhaois dhéanach. Is iontach nach bhfuarthas fianaise sheandálaíoch eile thart fá 20–30 m de gha ó Ask 1, rud a thaispeánann, b'fhéidir, gur cuireadh crios eisiata timpeall air d'aon turas san am a chuaigh thart.

Léiríonn tochaltáin de ghalláin in Éirinn roimhe seo baint ghinearálta le reiligí réamhstairiúla agus feictear iad go minic mar theorannacha dúiche. Maítear uaireanta go bhfuil cuid acu ailínithe ar ghnéithe tírdhreacha tábhachtacha, leithéidí sléibhte. Deirtear chomh maith go rabhthas ag iarraidh foirm dhaonna a thabhairt do na galláin. Tá na clocha ag an Easc de dhá shórt: clocha 'coimhdeachta'an tsuímh ag tabhairt rabhaidh go raibh bealach isteach go spás naofa nó osnádúrtha ann ag cosaint an domhan taobh amuigh ón fhuinneamh istigh, nó clocha 'compánachais' do na mairbh, ag marcáil teorannacha agus fairsinge d'áit naofa nó d'áit shuntasach, reilig, cuir i gcás.



Sonra den ghearradh 260 mm ar fad i gcloch brúite i gcoinne an ghalláin ar baineadh úsáid as le lumhán a ghlacadh chun suíomh deiridh an ghalláin a shocrú. (Grianghraf: Marc Guernon)






Ask 1 ag amharc ó dheas ag léiriú d'aon turas nó de thaisme fána Chnoc an Easca. (Grianghraf: Valerie J Keeley Teo)

Léirigh tochaltáin gallán áiteanna adhlactha eile ag Cill Tulach, Contae Ros Comáin, an Baile Caol Theas, Contae Chill Dara, Cill Gabhann, Contae Chill Dara, an Bhreac-chluain, Contae Chiarraí, Fearann tSeáin Mór, Contae Chill Dara, agus an Cloch Fhada, Drom Aichir, Contae an Dúin. Nochtadh ciste cloiche folamh ag bun monailite 7 m ar airde ag an Chloch Fhada, Baile Phúinse, Contae Chill Dara. Tá galláin ag Ceathrú an Chatha, Contae an Dúin agus ag Cnoc Chill Tulach, Contae Shligigh suite in aice le tulach fháinneach. Níl na galláin ag an Easc díreach in aice leis na háiteanna adhlactha, ach is léir go bhfuil baint acu le reilig le díog fháinneach agus le gnéith eile ar an suíomh.

*Síltear gur fheidhmigh galláin mar mharcanna adhlactha, leachtanna cuimneacháin, marcanna teorann agus treoracha bealaigh.*

Ní phléitear na dathanna go minic i seandálaíocht na ngallán ach i gcás Ask 1, cuireadh iarracht mhór agus am isteach d'aon turas chun dathanna áirithe a nochtadh. Taifeadtar seo go hannamh ag suímh eile in Éirinn. Ag an Cheathrú Bhán Thiar, marcálann grianchloch 2 m ar fad a thit anuas an t-imeall thiar den choimpléasc reilige ag Loch Craobh. Ar an chaoi chéanna, marcálann monailit ghrianchloichíte báine de mhéid cosúil leis an cheann sin mullach Shliabh na mBan, Contae Thiobraid Árann, in aice leis an charn mhór ansin. Tá cloch leathbhán le paistí dearga taobh amuigh den phasáiste thiar den droimnín is tábhachtaí ag Cnóbha, Contae na Mí agus bíonn a dath an-gheal i ndiaidh ceatha go háirithe.

## Conclúid

Thug na tochaltáin ag an Easc fianaise thábhachtach úr, sainniúil b'fhéidir leis an ghallán ag Ask 1. I gcomhthéacs is léir gur mar phointe tagartha don reilig réamhstairiúil é, a rinneadh d'aon turas suíomh an ghalláin, a thugann aghaidh don reilig agus a thugann léargas an-chruinn ar an topagrafaíocht thart timpeall ag baint úsáide as dathanna ar dhóigh an-suimiúil. Chomh maith leis sin seachnaíonn an reilig réamhstairiúil an gallán. Léiríonn an pictiúr seo den dóigh ar ardaíodh an gallán, gur cuireadh cruth air (ag coinneáil d'aon turas an fhéith gheal bhán d'fheinicriost) agus an dóigh ar cuireadh é chomh beacht sin in áit, leibhéal pleanála cruinnis agus saineolais i saoirseacht chloiche nach mbaineann go minic le galláin. Cinnte, is féidir go spreagfaidh an fhionnachtain nua seo níos mó ceisteanna maidir le ciall agus tábhacht na ngallán mar seo san am a chuaigh thart. Ón taobh ailtireachta de, taispeánann úsáid na heochrach clisteacht theicniúil a chuireann i gcuimhne na séadchomharthaí casta meigiliteacha ó aimsir i bhfad níos luaithe sa tírdhreach seandálaíoch.



Amharc ardaithe ar na tochaltáin ag an Easc, Contae Loch Garman, ag léiriú ne reilige le díog fháinneach circa 55 m thiar theas ón ghallán ag Ask 1. (Grianghraf: John Sunderland)

Liosta ábhar

# Cill Dara faoin talamh



An dreapa ag an bhealach isteach chuig an uaimh thalún ag Baile Halbhaí, Contae Chill Dara, ag amharc aneas. (Grianghraf: Irish Archaeological Consultancy Teo)



An chuid le haghaidh siar trí sheomra an uaimh thalún ag Baile Halbhaí. (Grianghraf: Irish Archaeological Consultancy Teo)



An seomra agus an bealach isteach thoir theas thoir i ndiaidh laghdú dhromchla na talún. Mar gheall ar dhoimhneacht an uaimh thalún laghdúadh leibhéal na talún chun tochailt shábháilte na leibhéal íochtarach a ligean. (Grianghraf: Irish Archaeological Consultancy Teo)

## Is féidir le struchtúir faoin talamh darb ainm uaimheanna talún a lán léargas a thabhairt dúinn ar an saol ag tús na Meánaoise.

*Le Noel Dunne (ÚBN), Tim Coughlan (Irish Archaeological Consultancy Teo) agus Tara Doyle (Rubicon Heritage Services Teo)*

Fuarthas dhá uaimh thalún thochailte ar chuid den mhótarbhealach M9, Chill Chuillinn go Ceatharlach i mbaile fearainn Baile Halbhaí, thart fá 4 ciliméadar ag gluaiseacht ó dheas ó Chill Chuillinn, Contae Chill Dara. Mar chomhtharlú, tá an láthair seirbhísithe ar dhiméin Theach Bhaile Halbhaí, áit ar stiúir clann Puirséil seirbhís cóiste bhabhtaí ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh.Thug an roth an cúrsa ar fad toisc go dtógfar láthair seirbhísithe mhótarbhealaigh ar an talamh sin—alt suimiúil do *Seanda* gan amhras!

### An Uaimh thalún ag Baile Halbhaí

Seomra fodhronuilleogach ailínithe siar anoir le bealach isteach ar an taobh thiar a bhí in uaimh thalún Bhaile Halbhaí. Bhí taobhanna beagnach ingearacha ag an seomra agus bonn réidh. Bhí sé 6.8 m ar fad, 4.7 m de leithead agus 2.35 m ar airde. Bhí an bealach isteach 8.9 m ar fad, ailínithe aneas ó thuaidh le fán agus ag éirí níos doimhne ag dul ó dheas sular thiontaigh sé go dronuilleach le dul isteach sa seomra ar leibhéal an urláir ag an cheann theas den taobh thiar. Bhí an t-urlár 0.85–1.1 m de leithead.

Fuair díon an tseomra tacaíocht le cuaillí móra ag an tús (0.2 m trasna ar an mheán) i ngach coirnéal, chomh maith le cuaillí lárnacha ar na taobhanna thuaidh agus theas agus ag an cheann thoir, le cuaillí eile i lár an tseomra. Baineadh úsáid as an chuaille sa choirnéal thiar theas mar ursain don bhealach isteach, le cuaille breise ar an taobh eile den doras. Bhí cuaille eile ar an taobh theas, leath bealaigh idir an chuaille lárnach agus an choirnéal thiar theas. Fuarthas fianaise leis na cuaillí ó cheapa cuaille, gnéithe tanaí fochiorclacha, le taobhanna ingearacha gairide agus bonn réidh—rud a léirigh gur sheas na cuaillí ar dhromchla na talún agus nach raibh siad tacaithe le slocáin pholl cuaille. Bhí na cuaillí ar na taobhanna thuaidh agus theas 0.3 m trasna, agus bhí an cuaille lárnach 0.35 m trasna, ag léiriú go raibh ualach níos mó le hiompar i lár an tseomra.

Bhí cuid mhór pholl cuaille ag an phasáiste ag an bhealach isteach. Bhí dhá cheann i dtreo an chinn thuaidh, ceithre cinn ar an taobh theas roimh an tiontú soir, ceann ag an uillinn thiar theas agus dhá cheann eile ar an dá thaobh den bhealach isteach, agus bhí ceann amháin acu siúd ag cur taca sa choirnéal thiar theas fosta. Crainn taca dín a bhí sna cuaillí seo agus gnéithe dorais agus gnéithe coisctheacha chomh maith. Bhí siad níos lú ná na cinn sa seomra, rud a léiríonn go raibh ualach i bhfad níos éadroime le hiompar anseo.

Bhí líontaí le cré bholláin ghreamaitheach agus bhí adhmad taca an dín le feiceáil mar chuasa ingearacha taobh istigh. Bhí barr na bhfolús seo ar an taobh thoir den seomra 0.55 m agus méadar amháin faoin leibhéal ar a tochlaíodh an uaimh thalún. Síltear gur lobh na cuaillí struchtúracha *in situ* nuair a tréigeadh an uaimh thalún agus gur cúl-líonadh iad go nádúrtha.



Amharc ardaithe ar an chlós agus ar an uaimh thalún ag Baile an Bhásaigh ón treo aniar aneas aneas. (Grianghraf: AirShots Teo)

Liosta ábhar



An chuid thuaidh thiar den díog imfhálaithe, anoir aduaidh. (Grianghraf: Rubicon Heritage Services Teo)

Bheadh gearradh ag barr an bhalla thoir den seomra mar ghaothaire, agus lig sé beagán solais isteach chomh maith.

Sa leath thoir den seomra, bhí poill chuaille bheaga agus trinsí sliotáin thart timpeall an imill, idir na madaí struchtúracha. Creidtear go dtugann siad fianaise le painéil bhalla adhmaid, nó le ciumhais cosúil le clár sciorta feadh an bhalla. Bhí fianaise le ciumhais mar sin i gcuid den leath thoir den bhalla theas. Ní raibh painéil/ciumhais le feiceáil sa leath thiar den seomra, rud a léiríonn, b'fhéidir, go raibh an seomra roinnte in dhá achar nó in dhá sheomra ar leith. Bhí dromchla urláir le haolchlocha duirlinge le feiceáil go soiléir i lár leath theas an tseomra. Taifeadadh cuas beag agus dromchla gairbhéil i lár an urláir ar an leath thoir. Is dócha go raibh an cuas ann siocair gur ghlan na háitritheoirí an t-urlár amach ó am go ham agus ansin gur chuir siad gairbhéal isteach chun dromchla glan tirim a dhéanamh.

Aimsíodh an uaimh thalún taobh istigh de chuid chúng barrchaol den suíomh, agus mar sin, bhí iniúchadh an achair máguaird teoranta. Níl fianaise ann, áfach, go raibh an uaimh thalún suite taobh istigh de chlós cosúil le lios. Creidtear faoi láthair go bhfuil comhchruinniú gnéithe (mar shampla poill phoist, poill chuaille, claiseanna, díoga) ar an taobh thuaidh comhaimseartha a bheag nó a mhór, mar go bhfuil anailís iarthochailte ag dul ar aghaidh go fóill. I measc na ndéantúsán sna gnéithe seo tá dhá iarsma de phionna chóimhiotal copair agus diosca bróchloiche rothlach.



Gearradh an uaimh thalún ag Baile an Bhásaigh, ag amharc anoir aneas. (Grianghraf: Rubicon Heritage Services Teo)

## An uaimh thalún ag Baile an Bhásaigh

Fuarthas uaimh thalún eile ar an M9 ag an bhaile fearainn, Baile an Bhásaigh thart fá 2 ciliméadar thiar thuaidh ó Dhíseart Diarmada. D'aithnigh suirbhé geoifisiciúil ar dtús clós cuarlíneach ar dhroim ghairbhéil, le gné rud beag níos leithne agus níos doimhne (an uaimh thalún). Shín an dá ghné amach taobh thiar de chonair an bhóthair. D'aithnigh tochaltán níos déanaí díog an chlóis, gearradh taobh istigh den uaimh thalún agus dhá áith le cruth pholl eochrach taobh amuigh den chlós (féach l. 39). Nocht an tochaltán iomlán an leath thiar thuaidh de chlós bainteach le lios le díog V-chruthaithe, mar theorainn. Tugadh dátú radacharbóin AD 660–810 do líonadh amháin ag bun na díge seo. Bhí an uaimh thalún ar an taobh thiar theas den taobh istigh. Bhí sí dronuilleogach agus ailínithe aniar ó thuaidh–anoir aneas. Bhí fad tochailte 10.75 m aici agus bhí sí 3.2 m ar leithead agus 3.6 m ar doimhne. Bhí taobhanna ingearacha aici, bonn míchothrom agus gearradh isteach i bhfosuithe gairbhéil í.

Tógadh na huaimheanna talún ag Baile Halbhaí agus Baile an Bhásaigh ag baint úsáide as an mhodh tógála trinse oscailte, le hadhmad chun na taobhanna, an díon agus na tacaí a líneáil, is dócha. Bheadh sé furasta go leor an talamh gairbhéil ag Baile an Bhásaigh a thochailt, ach bheadh tacaí de dhíth láithreach; mura gcuirfí iad ina n-áit thabharfadh siad uatha ar an toirt. Léirigh iarsmaí de shraodbhalla nó líneáil adhmaid féideartha línte tanaí ingearacha de dhatha tréigthe feadh na dtaobhanna thoir thuaidh agus thiar theas den uaimh thalún. Is féidir go raibh adhmad struchtúrach ag trí



Liosta ábhar

sháinn fhodhronuilleogacha ingearacha ar leibhéal uachtarach na dtaobhanna. Bhí ceann amháin suite go lárnach ag an deireadh thiar thuaidh, agus bhí na cinn eile ar na taobhanna thoir thuaidh agus thiar theas. Aithníodh sáinneacha le huillinneacha difriúla ar na leibhéil íochtaracha agus léiríonn seo agus doimhneacht ghinearálta an ghearrtha go raibh dhá urlár ag an uaimh thalún ag an tús, b'fhéidir.



An chuid le haghaidh siar ó thuaidh tríd an uaimh thalún ag Baile an Bhásaigh, ag taispeáint roinnt de na claiseanna bruscair agus fosuithe (ithreacha de dhath dorcha) in aice leis an dromchla. (Grianghraf: Rubicon Heritage Services Teo)

Is dócha gur baineadh úsáid as an ghné ghearrtha dhronuilleogach taobh istigh den chlós mar uaimh thalún. Tamall gairid i ndiaidh thús áitiú an leasa, áfach, tréigeadh an uaimh thalún de réir cosúlachta agus ligeadh di líonadh le glár; baineadh úsáid aisti arís le triomú arbhair. Aithníodh iarsmaí áith adhmaid le cruth píopa tabac ag ceann thiar thuaidh na huaimhe, tógtha i gcoinne taobh an trinse a bhí ann. Léiríonn iarsmaí dúloiscthe go raibh tine thubaisteach b'fhéidir ag an áith. Taispeánann smólachán teicstíle a fuarthas ó bhun na háithe go raibh raca chun éadaí a thriomú ann, b'fhéidir. Tugadh dátú radacharbóin AD 690–890 do mhogall collchnó ón bhonn.

Bhí am ann ansin, de réir dealraimh, nuair a cruinníodh glár go nádúrtha agus ansin tháinig an tríú tréimhse, an tréimhse dheiridh d'úsáid na huaimhe talún – do dheascán bruscair orgánaigh i gclaiseanna, a d'ardaigh an trinse oscailte go leibhéal na talún. Ba áit áisiúil le fáil réidh de dhríodar oibre é trinse na huaimhe talún, agus tháinig fianaise le hábhar ón timpeallacht, ábhar ainmhíoch agus déantúsáin ó na deascáin. I measc na ndéantúsán bhí tairní agus sceanna, rinn saighde iarainn le soicéad, teanntóir fiadóra, bile buicéid copair, claibín




Bun chorn cré-umha ó chlais bruscair taobh istigh de thrinse an uaimh thalún ag Baile an Bhásaigh. (Grianghraif: John Sunderland)

*Tógadh na huaimheanna talún ag Baile Halbhaí agus Baile an Bhásaigh ag baint úsáide as an mhodh tógála trinse oscailte, le hadhmad chun na taobhanna, an díon agus na tacaí a líneáil, is dócha.*

lámh buicéid copair, fáinne de shreang chopair, biorán bróiste muileatach le lúdrach, iarsmaí chóimhiotal copair, slinnte dín, bráisléad lignite, clocha faobhair, clocha casúir, fuíoll breochloiche ó tháirgeadh uirlise, scríobán dronnach, cíora cnáimhe, sorcóir cnáimhe agus slaig ó cheárta.

Fuarthas déantúsán an-suntasach ó chlais sna líontaí uachtaracha ag an cheann theas thoir den uaimh thalún—bonn corn cré-umha le cruth cheann madra. An rud atá sa saothar ealaíne fíorálainn seo ná soicéad barrchaol le cuar ó bhun go barr cosúil leis chuar ar an chorn. Bhí sé teilgthe i bpíosa amháin agus cuireadh stán ar a dhromchla le cuma airgid a thabhairt dó (féach *Seanda* Eagrán 3 [2008], l. 14–15). Tugadh dáta AD 770–980 do smólachán ó líonadh na claise.

Léiríonn na huaimheanna talún ag Baile Halbhaí agus ag Baile an Bhásaigh cosúlachtaí mar gur gearradh isteach iad ar an dromchla agus is dócha go raibh baint acu le lonnaíocht, le húsáid maidir le sábháilteacht, dídean agus stóráil a bhí de dhíth. Léirítear difríochtaí suntasacha, áfach, maidir le cineál agus stádas na n-áiteanna lonnaithe gaolmhara. Mar shampla, bhí stádas níos airde ag an suíomh le himfhálú ag Baile an Bhásaigh is dócha toisc go raibh sé gar do Dhíseart Diarmada agus níos cóngaraí fós don suíomh eaglasta ag Cnoc an Teampaill.




Imprisean ealaíontóra de chorn, ag léiriú an áit a raibh an gréasú ag an bhun ó Bhaile an Bhásaigh greamaithe. (Líníocht: Sarah Nylund)

Liosta ábhar

**Is iarsmaí fhorbairt bóthair an chontae iad na stórais cloiche 19ú haoise i bPort Láirge agus is fiú iad a thaifeadadh.**

*Le Bernice Kelly, Seandálaí Cúnta ÚBN leis an fhoireann theas*




Mír de léarscáil Phort Láirge William Larkin (circa 1818) ag léiriú ghréasán na mbóithre i gceantar Dhún Garbhán, Contae Phort Láirge.

# Oidhreacht oibre




Stóras cloiche ón 19ú haois ar an R676 idir Léim Uí Bhriain agus Carraig an tSiúir, Contae Phort Láirge. (Grianghraf: Bernice Kelly)


Chomh fada is a bhí daoine ina gcónaí in Éirinn, ceanglaíonn cosáin agus raonta áiteannna lonnaithe le ceantair iargúlta. Taispeánann fianaise sheandálaíoch go bhfuil bóithre in Éirinn ón réamhstair luath, agus taispeánann rothaí blocán adhmaid as Dúdhoire Mór, Contae Ros Comáin, Tigh Mochua Thoir, Contae Chill Dara, agus Eadarchluain, an Longfort, gur baineadh úsáid as iompar rothach níos déanaí sa réamhstair. Léiríonn na fionnachtana seo fosta go raibh se riachtanach bealaí níos réidhe a thógáil le feithiclí rothacha a bhogadh orthu. Déanann *Cormac's Glossary* circa AD 900 idirdhealú idir sheacht sórt bóthair, ó chosáin bó go bealach mór, agus déanann foinsí liteartha eile



Liosta ábhar


At a Meeting of the Trustees of the Turnpike
Road from Waterford to the bounds of the County
Cork held this day pursuant to advertisement in
the Waterford newspapers, 19 July 1838
Present H. V. Stuart Esq.
W. V. Stuart
Sir Richd Keane
Robert Uniacke
John Kiely
Geo Meara. Edward Roberts –
Resolved that a Sum of fifty pounds be granted for
making Depots at the Sides of the Road in such
places as shall be most necessary and useful.

Iontráil ó leabhar miontuairiscí Bhord na mBóithre Paidhce (Cartlann Contae Phort Láirge tag. IE/WCA/GJ/32) dáta 19 Iúil 1838: 'Caoga punt le bronnadh le stórais a dhéanamh ar thaobh an bhóthair in áiteanna a bhfuil siad níos mó de dhíth agus a mbeidh siad níos úsáidí.' (Grianghraf: Cartlann Contae Phort Láirge)


Resolved that Mr Kearney the
Contractor be authorised to build on the Road
43 Depots pursuant to his Specification at
such places as the mile posts should be erected
and that all the mile posts shall be accurately
placed, that he shall account for the expenditure
upon oath; and be allowed Eight ~~10~~ percent on the
Expenditure for his Superintendance

Iontráil ó leabhar miontuairiscí Bhord na mBóithre Paidhce dáta 28 Deireadh Fómhair 1840, ag moladh go dtabharfaí cead don chonraitheoir, James Kearney, tógáil ar an bhóthar 43 stóras de réir a shonraí. (Grianghraf: Cartlann Contae Phort Láirge)

tagairt do na bealaí móra eaglasta den Mheánaois, mar shampla, Rian Bó Phádraig, ag ceangal Caiseal, Contae Thiobraid Árann le Lios Mór, Contae Phort Láirge. Luathaíodh forbairt chumarsáide sa chéad leath den 18ú haois nuair a tógadh bóithre dola agus nuair a thosaigh seirbhísí cóiste babhtaí. Fad a bhí an trácht easpórtála ag fás sa dara leath den chéad sin, tugadh im iomarcach agus earraí curaíochta go lárionaid tradála, Corcaigh, cuir i gcás, ar na 'bóithre ime'. Chinntigh forbairt na tionsclaíochta agus teacht an chóiste poist fás ghreasán na mbóithre san am céanna, agus in aimsear an Tí Mhóir forbraíodh na bóithre mar chleas caoithiúlachta polaitiúil nó chun stádas sóisialta a choinneáil.

Ach cad faoi chúram na mbóithre seo? Sa Mheánaois, ba dhualgas poiblí é cúram na mbóithre agus de réir téacsanna dlí, cuireadh tochailt díog ar thaobh an bhóthair, líonadh linntreog, agus gearradh tor san áireamh. Ritheadh reachtaíocht i 1613, ag iarraidh ar úinéirí talún, tionóntaí, coiteoirí agus sclábhaithe sé lá oibre a thabhairt saor in aisce chun bóithre a thógáil agus a dheisiú. I 1634, tháinig 'cess' isteach (focal ársa fá choinne 'cáin') agus gearradh é ar áitiitheoirí de thalamh taobh istigh de dhlínse na gcontaetha agus na mbarúntachtaí chun tógáil bóithre agus droichead agus oibreacha poiblí eile a mhaoiniú.

Is próiseas níos caighdeánaí cúram ghréasán bóithre poiblí nua-aimseartha na tíre, ina bhfuil pleanáil leanúnach, dearadh, bainistíocht tionscnamh, as a bhfuil an ÚBN agus na húdarais áitiúla freagrach. Measúnaíonn an ÚBN staid an ghréasán boithre, ag déanamh suirbhéireachta ar staid na mbóithre gach bliain. Ag baint usáide as an eolas seo, aithníonn cigirí na tosaíochtaí do mhaoiniú cúraim, agus forscaoileann siad an t-eolas seo chuig údaráis bóithre le ligean dóibh cláir chomhála a phleanáil. Fuarthas na dualgais seo mar oidhreacht ó eagraíochtaí leithéidí iontaobhais bhóithre paidhce, (circa 1730–1855) An Coimisiún um Shráideanna Leathana (circa 1758–1849) agus an Bord Pabhála (circa 1773–1840). Meastar, áfach, gurb é an tArdghiúiré réamhtheachtaire an údaráis áitiúil nua-aimseartha é. Ón 17ú haois go dtí gur cuireadh deireadh leis, i 1898, nuair a ritheadh an tAcht i dtaca le rialtais aitiúil, thug an eagraíocht seo a bhí faoi stiúr na dtiarnaí talún freagraíocht as cúram agus as tógáil na mbóithre, chomh maith le seirbhísí poiblí eile. Maoiníodh na seirbhísí seo le bronntaí nó le deontais a tháinig ó 'cess' an chontae, ar an dóigh a dtacaíonn cuid den airgead a chruinnítear mar cháin ghluaisteán le cláir do dheisiú agus do bhonneagar na mbóithre inniu. Nuair a bhí Seoirse III ina rí (1769–1820), bhí ar dhuine ar mhaith leis bóthar a dheisiú suirbhéireacht a fháil ar an obair le beirt innealtóirí agus na sonraí a thabhairt os comhair giúistís faoi mhionn. Nuair a ceadaíodh an obair, d'íoc an tionscnaí aisti, agus bhí sé ábalta an costas a fháil ón Ardghiúiré.

Feictear iarsmaí áirithe de riarachán an Ardghiúiré i bPort Láirge inniu mar stórais cloiche suite ar imill ghréasá bóithre náisiúnta agus réigiúnach an chontae. Bhí cairn de chlocha sna sáinneacha cloiche seo—mar a bhí na bristeoirí cloch a fostaíodh le brablach a dhéanamh de na clocha a bhí le scaipeadh ar dhromchla na mbóithre. Choimhisinigh an tArdghiúiré na húinéirí talún áitiúla clocha a chur ar fáil do na tógálaithe bóthair ó na goirt thart timpeall. Tógadh na clocha ar ais chuig an stóras agus fostaíodh beirt bhristeoirí cloch chun iad a bhrú, ag baint úsáide as oird, dingeacha, agus casúir garbhóg. Thug mná páirt san obair chrua seo fosta, de réir cosúlachta. D'iniúch maor an Ardghiuiré caighdeán

*Sa Mheánaois, ba dhualgas poiblí é cúram na mbóithre.*



Stóras cloiche nach bhfuil caomhnaithe go maith ar an R676. (Grianghraf: Bernice Kelly)

na hoibre, agus bhain seisean úsáid as fáinne chun na clocha brúite a thomhas. Tá cineál agus méid na gcloch tábhachtach sa phróiseas seo. Sa bhliain 1818, d'fhoilsigh James Clarke, suirbhéir talún, *Practical Suggestions for Laying – Out and Making Roads*. Mhol sé 'aolchloch chrua shobhriste' nó 'an chloch is láidre ar fáil' a úsáid, ag rá chomh maith gur chóir go gcuirfí síos 'ciseal de chlocha chomh mór le ceann fir beagnach' mar bhonn, clúdaithe le dhá nó trí orlach de chinn níos lú'.Thug Clarke faoi deara go ndéanadh rothaí na gcoistí canach de na clocha dá mbeadh siad róbheag. Leanadh ar aghaidh le briseadh cloch le láimh go dtí tús na fichiú haoise, nuair a baineadh úsáid as galinnill chun ábhar bóthair a bhrú, agus chun trealamh a tharraingt nuair a bhí bóthar á thógáil.

Tógadh na stórais seo le staid (¹/₈ mile) eatarthu feadh bóithre a tógadh nó a uasghrádaíodh i gContae Phort Láirge sa 19ú haois. Tá tagairtí dóibh i leabhar miontuairiscí Bhord na mBóithre Paidhce (aistríodh



Stóras cloiche ar an N72 in aice le Ceapach Choinn. (Ghrianghraf: Bernice Kelly)



Sonra den déanamh balla de cheann de na stórais cloiche ar an R676. (Grianghraf: Bernice Kelly)

dualgais an Bhoird go dtí an tArdghiúiré níos déanaí) coimeádaithe i gCartlann Contae Phort Láirge. Beartaíonn iontráil ar an 19ú Iúil 1838 go mbronnfaí suim caoga punt le stórais a dhéanamh ar thaobh na mbóithre in áiteanna a mbeadh siad de dhíth agus níos úsáidí. Ar an 28ú Deireadh Fómhair 1840 moladh go dtabharfaí cead do chonraitheoir, James Kearney 'tógáil ar an bhóthar 43 stóras de réir a shainchuntais' agus ansin 'go míneoidh sé an caiteachas faoi mhionn agus go gceadódh ocht faoin gcéad ar an chaiteachas mar gheall ar a mhaoirseacht'.

Bíonn sé doiligh go minic na struchtúir seo a aimsiú ar thaobh an bhóthair toisc go mbíonn siad gan choimeád, foircthe le fásra. Tá siad le feiceáil go háirithe feadh an N72 idir Dún Garbhán agus Ceapach Choinn agus ar an R676 idir Léim Uí Bhriain agus Carraig an tSiúir. Tá na samplaí deireanacha uilig ar an imeall thiar den bhóthar seo ailínithe anoir ó thuaidh–soir ó dheas, agus tá na stórais N72 ar na himill thuaidh den bhóthar seo ailínilte siar anoir. Tá clocha míle ardaithe taobh istigh dena lán stórais N72, ag léiriú go raibh feidhmiú eile ag na clocha seo, is é sin na críochadóirí a chosaint agus le tacú leo. Maidir leis an dá bhealach níl siad le feiceáil ar léarscálaíocht stairiúil an tSuirbhé Ordanáis sé orlach, léirítear prochóga dronuilleogacha ar an tsraith 25 orlach níos déanaí, rud a thaispeánann, b'fhéidir gur tógadh iad am éigin i ndiaidh 1840 nuair a scríobhadh síos taifid ar Leabhar na Miontuairiscí.

Tar éis suirbhéireacht a dhéanamh ar chuid de na stórais ar an N72 agus an R676 taifeadadh buntomhais mheánacha mar 10 m ar fad agus 2.4 m ar leithead, le tiús balla 0.5 m. Tá sé deacair a rá cé chomh hard is a bhí na ballaí ag an tús mar gheall ar an méid míchúraim i ngach ceann, áfach, ba é 1.45 m an uasairde a taifeadadh. Tá spallaí leagtha amach go cothrománach, sioctha le moirtéal aoil, agus tá cóipeáil ingearach ar chuid acu. Tá a lán samplaí ar an R676 cóirithe ag Comhairle Contae Phort Láirge agus Grúpa Forbartha Pobail an Chomharaigh, a rinne feachtas ar éirigh leis chun na stórais a chaomhnú agus a bheith curtha isteach i dTaifead Struchtúir Chosanta an Chontae.

Tá le fiosrú an bhfuil na gnéithe ar fáil i bPort Láirge amháin. Tá 'Specification for Keeping Roads in Repair by Contract for Years' curtha i gcló ag deireadh leabhar deontais an Ardghiúiré 1888, atá i gCartlann Chontae Loch Garman. Déanann an sainchuntas tagairt dó 'stórais…le líonadh in áiteanna áisiúla ar thaobh an bhóthair, ag seachaint an bhealaigh go hiomlán chun nach gcuireann siad isteach ar na maoschláir.' Tugann doiciméid tairiscintí ar dheisithe bóthair sa chontae ag tús na 20ú haoise sonraí ar dhualgais an chonaitheora maidir le tógáil stóras. Lig síos cáipéis amháin mar seo le dáta 25 Feabhra 1938, bainteach le cúram an bhóthair idir Baile Chnocáin agus Baile an Chiochtaigh, gur cheart go mbeadh 'stórais d'ábhar' a bheadh den 'méid céanna' le'hurláir leagtha síos go mín réidh' le 'cúl ingearach'. Is é an bóthar atá i gceist ná seanbhóthar Bhaile Átha Cliath ag dul ó thuaidh ó Bhaile Loch Garman.

Thug an seandálaí tionsclaíochta Colin Rynne faoi deara 'stórais bhristeoirí cloiche' in aice le 'ballaí taobh an bhóthair' i gContae Thiobraid Árann agus Contae na Gaillimhe. Taispeánann an méid mór atá ann feadh ghréasán bóithre Phort Láirge, áfach, cé chomh héifeachtach is a bhí an tArdghiúiré taobh istigh den chontae agus an dúthracht a bhí aige do chúram bhóithre an chontae. Tá stórais cloiche Phort Láirge ann go fóill, tar éis níos mó ná 150 bliain de dhul chun cinn sa bhonneagar agus cuireann siad i gcuimhne am ar tógadh na bóithre le hobair láimhe. Toisc gur ceapadh gur chóir iad a bheith sa taifead struchtúr cosanta mar go bhfuil suim ag daoine iontu ón taobh sóisialta de agus ó thaobh na staire de, beidh siad mar oidhreacht ó fhorbairt na mbóithre taobh istigh den chontae.

Liosta ábhar



Athdhéanamh den áit lonnaithe ag Fochaird Íochtarach le reilg taobh istigh thart fá aimsir na Lochlannach. (Líníocht: Niall Roycroft)



Tá meáchan 105 g ag an phíosa airgid teilgthe. (Grianghraf: Archaeological Development Services Teo)



Múnla cloiche do phíosa miotail 120 mm ar fad. Léiríonn an múnla seo go ndearnadh píosaí miotail mar seo ar an suíomh d'fhoghail leáite nó ó earraí tradála. (Grianghraf: Archaeological Development Services Teo)

# Lochlannaigh ag Fochaird Íochtarach

**D'aimsigh anailís déantúsán a rinne Jörn Schuster agus Grace Perpetua Jones (Wessex Archaeology) gur bhain Uigingigh fúthu i gContae Lú thuaidh, is dócha.**

*Le Niall Roycroft, Seandálaí ÚBN leis an Fhoireann Thoir*

I rith na 9ú haoise AD ní raibh na Lochlannaigh ábalta Dún Dealgan cumhachtach i dtuaisceart Chontae Lú a chreachadh. Bhí muintir Dhún Dealgan ina gcónaí i gcroílár dúiche láidre ársa agus d'fhan siad san áit a raibh siad. Ar an ábhar sin, sháinnigh na Lochlannaigh iad ag bunadh áiteanna lonnaithe taobh le Loch Cairlinn agus Áth na gCasán. Feictear sampla de chogaíocht na naoú haoise ag an suíomh eaglasta Cill Chuan Snamh Aigheannach ag Ó Méith. Is baile fearainn Corr na Muclach é seo anois ag Caol Uisce, chan i bhfad ó Fhochaird Íochtarach ar Leithnis Loch Cairlinn. Scrios na Lochlannaigh mainistir Chill Chuan Snamh Aigheannach sa bhliain 841 agus rinneadh ár ar an phobal ar fad ach ar an ab a bhí as láthair ag an am. Bhí tradáil ar siúl in áit cogaíochta agus creacha na naoú haoise agus, faoi dheireadh, díshealbhaíodh na Lochlannaigh áitiúla i rith na deichiú haoise.

Mar chosaint ón chontúirt seo thóg muintir Lú a lán uaimheanna talún ollmhóra (gailearaithe agus seomraí faoi thalamh). Ach tá sé i bhfad níos deacra fianaise leis na Lochlannaigh a fháil ná mar a smaointear de gnáth. Bíonn sé dodhéanta iarsmaí ó chreach gasta a fheiceáil agus bhí cúrsaí ag tarlú chomh gasta sin go bhfuil sé an-doiligh fianaise a iniúchadh ag amharc siar air inniu. Is iad na rudaí atá de dhíth ná déantúsáin a bhfuil feidhmiú soiléir acu le baint le tuaisceart na hEorpa nó leis na Lochlannaigh nó a tháinig go simplí ó na háiteanna sin. Fiú ansin, níl a fhios againn de gnáth an bhfuarthas na rudaí seo trí thradáil nó ar cailleadh iad i rith ionraidh. Má bhí ionradh i gceist, is féidir gur fhan an duine a chaill an rud lá nó deich mbliana san áit. Léiríonn rogha fionnachtana ó Fhochaird Íochtarach, suíomh le reilig a thochail an seandálaí Peter Bowen



Liosta ábhar





Soc céachta iarainn agus iarann (roimh chaomhnú) a fuarthas i bhfolach in uaimh thalún ag Fochaird Íochtarach. (Grianghraf: Archaeological Development Services Teo)

ar an A1/N1 (féach *Seanda* Eagrán 3 [2008], lch. 9–11), suíomh neamhghnách Éireannach le níos mó ná teagmháil neamhbhuan leis na Lochlannaigh. I measc fionnachtana eile tá miotalóireacht ard-stádais (airgead ach go háirithe), ina measc arm, céachta le hiarann agus iolar aisteach le dhá cheann.

*Léiríonn rogha fionnachtana ó Fhochaird Íochtarach, suíomh le reilig—áit lonnaithe, suíomh neamhghnách Éireannach le níos mó ná teagmháil neamhbhuan leis na Lochlannaigh.*

I measc na bhfionnachtana miotail bhí píosa airgid teilgthe, 106 mm ar fad, meáchan 105 g. Bhain na Lochlannaigh úsáid as airgead ina mboinn. Chomh maith leis sin bhí múnla cloiche de phíosa airgid 120mm ar fad den chruth céanna is a bhí ag an phíosa airgid a fuarthas. Léirigh trí bhreogán bheaga, ceann amháin triantánach agus lándéanta, miotalóireacht luachmhar. B'fhéidir go dtéann na fionnachtana seo le lastóir iarainn agus lucet de stíl Lochlannach déanta de chnámh shrón eallaigh. An rud atá i lucet ná uirlis le cordaí do ghúna nó bréad a dhéanamh agus ceaptar go minic gur tháinig sé ó na Loclannaigh nó ó thuaisceart na hEorpa. Tá an soc chéachta iarainn agus an t-iarann a fuarthas ó uaimh thalún chúl-líonta an-tábhachtach. (Is é lann cosúil le scian curtha suas go hingearach é iarann céachta a ghearrann tríd an ithir roimh an soc chéachta, ag bogadh na hithreach agus ag ligean don chéachta gearradh faoin iomaire a rinne an t-iarann.) De réir cosúlachta, tháinig an t-iarann céachta go dtí an Bhreatain i dtréimhse dhéanach na Romhánach ach creidtear anois gur tháinig an céachta iarainn go hÉirinn in aimsir na Lochlannach. Níl sé cinnte an raibh an céacht ag Fochaird Íochtarach déanta go háitiúil faoi thionchar na Lochlannach nó ar tugadh isteach é ón taobh amuigh. B'fhéidir gur tháinig an soc chéachta agus an t-iarann isteach in aimsir na Lochlannach mar chomhtharlú.

Tháinig an t-aon arm a fuarthas i gceantar Dhún Dealgan i rith tochaltán ar an M1 nó an A1/N1 ó Fhocaird Íochtarach: scian le lann thriantánach 195 mm ar fad (agus luiseag 83 mm). De réir dealraimh is arm de shórt Éireannach é mar bhí sé iontach cosúil le claíomh i bhfad níos mó le faobhar amháin ó Loch Gabhar, Contae na Mí. Is féidir a rá gurbh é an rud ba shuimiúla a fuarthas ar an suíomh ar fad ná ornáid bhuaice iarainn le gabhlú le dhá cheann éin tiontaithe i dtreonna éagsúla a fuarthas ó líonadh uaighe. Tá inleagadh chóimhmhiotal copair de dhath buí-órga, prás is dócha, ag na súile agus rinneadh na goba den ábhar céanna le caipín ag na deiridh. Tá mantóga triantánacha ag an bhonn. Comharthaíonn na frithghoba go léiríonn na 'protomes' seo (bustaí maisithe d'ainmhí nó de dhuine) éin chreiche, iolair is dócha. Tá seam idir dhá shlat bhriste a choinníonn an bonn neamhiomlán le chéile ar an dá thaobh. Bhí an seam agus dhá mhillín inleagtha le cóimhiotal copair sna cuaillí doiléir de bharr creimithe agus is féidir iad a fheiceáil in íomhanna X-ghathacha amháin. Tá an rud cosúil le crann teallaigh Iarnaoiseach (gléas ar baineadh úsáid as chun lomáin a choinneáil os cionn an teallaigh nó le briogúin bhia os cionn na lasracha do chócaireacht), ach ní gá go gciallódh sin gurb ionann cosúlacht le húsáid agus cosúlacht le cruth.




Breogán triantánach ó Fhochaird Íochtarach. Léiríonn iarmhar gur baineadh úsáid as chun cóimhmhiotal copair a leá. (Líníocht: Archaeological Development Services Teo)




Ornáid bhuaice 'iolar dhá cheann'. (Grianghraf: Archaeological Development Services Teo)

Liosta ábhar

Ag tochailt an láithreán campála Luath Chré-Umhaoiseach ag barr an droimnín ag Pottlebane 1. (Grianghraif: Archaeological Consultancy Services Teo)



# An tSeandálaíocht ó dheireadh an bhóthair




An áith do thriomú arbhair ó thús na Meánaoise ag Pottlebane 2.

**Tugadh aird go leor don ábhar seandálaíochta a fuarthas feadh an M3 le blianta beaga anuas ach níor cuireadh an spotsolas ar a lán suíomh níos lú go dtí seo.**

*Le Stuart Rathbone, seandálaí neamhspleách*

I rith na mblianta rinne na seandálaithe ag obair ar son an ÚBN roinnt tochaltán ollmhór ar tugadh aird thar cuimse orthu. Mar chodarsnacht, tá suímh ann ina bhfuil grúpaí beaga nó samplaí ar leith de chlaiseanna, áitheanna nó teallaigh. Ní thugtar aird go minic ar na gnéithe coitianta seo nuair atá suímh sheadálaíocha i bhfad níos suntasaí le plé. Anseo amharcaimid go mion ar an taobh thiar thuaidh den mhótarbhealach M3, áit nach bhfuil ach na suímh bheaga seo iontu feadh roinnt mhaith ciliméadar. Sa cheantar seo rith an bóthar taobh leis an Abhainn Dubh sular lean sé ar aghaidh suas taobhanna géara an ghleanna. Tírdhreach an-difriúil atá ann ina bhfuil an bhainistíocht níos deacra ná mar atá sí in áiteanna eile ar an M3, áit a raibh cuid mhaith suíomh níos mó. Thochail an t-údar agus Derek Gallagher deich suíomh i mbailte fearainn i gContae na Mí, Dairbhre agus Potáil Bhán atá in aice le chéile. D'aithnigh clár ollmhór de dhátú radacharbóin aois a lán gnéithe a tochlaíodh agus anois táimid in ann amharc ar sheandálaíocht an cheantair seo go mion.

## Potáil Bhán


Bhí na chéad suímh ar an tuilemhá ag Potáil Bhán. Ag Pottlebane 3A bhí dumha cloiche dóite agus fuarthas dáta ón tréimhse Neoiliteach luath (circa 4000–3500 RCh). Bhí cúig chlais leathmhóra timpeall na cloiche dóite, agus bhí ceann acu ón Iarnaois Mheánach (circa 500 RCh–AD 1). Ag Pottlebane 3B bhí dhá áith do thriomú arbhair ó thús na Meánaoise agus bhí dhá chlais ann nach bhfuil dáta leo. Bhí trí chlais gan dáta ag Pottlebane 2 agus aon áith do thriomú arbhair amháin ón Luath Mheánaois. Bhí roinnt bheag de chnámha créamtha daonna sa chlais ba lú.

Ag Pottlebane 1 fuarthas naoi ngné ar bharr agus ar fhánaí droimnín i lár na tuilemhá. Cnoc an-suntasach a bhí ann agus le log ubhchruthach ag a bharr, níos mó ná 5 m ar fad agus beagnach leathmhéadar ar dhoimhne mar a ghné ba shuimiúla. Ag an lár bhí teallach measartha mór le líon áirithe de bhollàin chearnógacha mhóra, ar baineadh úsáid astu mar shuíocháin cois tine. Láithreán campála a bhí sa suíomh seo de réir cosúlachta i rith na Luath Chré-Umhaoise (circa 2400–1600 RCh). Tá radhairc iontacha le fáil ón áit agus b'fhéidir gur baineadh úsáid as an áit mar phost faire, le fanacht le hainmhithe nó le daoine ag dul tríd an ghleann. Fuarthas píosa amháin de chriadóireacht chré-umhaoiseach agus dhá bhlúire seirte ó na líonta sa log.

Aithníodh dhá chlais bheaga díreach ar an taobh thoir den log mór agus fuarthas blúire eile de chriadóireacht chré-umhaoiseach i gceann acu. Aimsíodh criadóireacht chré-umhaoiseach i gclais eile achar beag ag dul soir ón áit. Fuarthas claiseanna ar leith le dáta ón Luath Mheánaois ag bun an droimnín ag dul ó thuaidh agus siar aneas. Fuarthas grúpa de thrí chlais le líonta ina raibh a lán gualaigh agus sraitheanna cloch nach raibh dóite ag a mbonn ar fhánaí thoir theas an droimnín, agus bhí dáta sa Luath Cré-Umhaois ag ceann acu.

## Dairbhre

Bhí ceithre chlais leathmhóra ina raibh cloch dhóite agus sraith spréite ar leith de chlocha dóite ag Derver 5. Bhí spás beag idir thrí cinn agus bhí dáta ag ceann amháin sa Chré-Umhaois Mheánach (circa 1600–1100 RCh).




Clais na hIarnaoise Meánaí, aimsithe cúpla méadar ón dumha cloiche dóite ón tréimhse Neoiliteach luath.

Liosta ábhar

Bhí an ceathrú clais achar beag ar shiúl agus fuarthas amach go raibh dáta ón Iarnaois Mheánach aici. Bhí clais leathmhór (gan dáta) líonta le cloch dhóite ag Derver 6.

Ba é Derver 4 an ceann ba shubstaintiúla de na suímh thochailte. Bhí sraith claiseanna leathmhóra líonta le cloch dhóite agus codanna beaga de chlocha dóite spréite ann. Tugadh dátú radacharbóin ón Iarnaois Luath (circa 600–400 RCh). Fuarthas teach ciorclach a raibh leathchiorcal de 38 poll cuaille mar theorainn i lár na gclaiseanna seo agus tugadh dáta ón Iarnaois Luath dó, rud a chiallaíonn gur fionnachtain an-annamh é. Is dócha nach raibh daoine ina gcónaí san fhoirgneamh seo mar gheall ar an áit a bhfuil sé mar go raibh seans maith ann i gcónaí go mbeadh tuilte ann. Is é an míniú a thugtar ar an fháth go bhfuil dumhaí cloch ann ná gur baineadh úsáid as clocha téite le gal a dhéanamh do shaunaí nó tithe allais agus bheadh an foirgneamh ag Derver 4 iontach fóirsteanach do ról den chinéal sin. Bhí na trí shuíomh uilig ar an taobh géar thuaidh thoir den ghleann. Clais mhór thanaí le líonadh dubh smúrach ina luí ar bhonn dearg ó thine a ba í agus is féidir a rá go raibh teallach ann gan amhras. Bhí dhá theallach ag Derver 2 le cruth an-chosúil leis an cheann ag Derver 3. Ag Derver 1 bhí cnuasach de shé chlais ann le cruthanna agus toirteanna éagsúla le spré de chriadóireacht ó aois an Aos Eascra nó ón Luath Chré-Umhaois ar dhromchla na talún in aice leis. Bhí clocha dóite i sé cinn de na claiseanna agus bhí cnámha caorach in dhá cheann acu. Toisc go bhfuil ithir ghainmheach agus fána géar ag Derver 1 ní dócha de réir dealraimh go raibh uisce iontu agus níor tugadh leid dá laghad go raibh líneáil uiscedhíonach ann. De réir cosúlachta, ní ceart Derver 1 a aithint mar shuíomh dhumha cloiche dóite, cé gur léir gur dódh clocha ag an ionad seo.

### Nochtar an stair

Go ginearálta, tá scéal measartha suimiúil ag na claiseanna seo. Baineadh úsáid as an ghleann ó am go ham ón tréimhse Neoiliteach Luath tríd an Chré-Umhaois, an Iarnaois agus ar aghaidh go dtí an Mheánaois Luath. Tá sé suntasach gur léiríodh níos moille gur tháinig gnéithe áirithe a fuarthas iontach dá chéile ó thréimhsí an-difriúla, ag taispeáint go raibh gníomhmhaíocht ar achar an-leathan ann. Léirigh anailís sa timpeallacht gur baineadh úsáid as réimse i bhfad níos leithne de chinéalacha adhmaid san Iarnaois ná mar a bhí sa Chré-Umhaois. Taispeánann seo, b'fhéidir, athrú mór ar an dóigh ar bainistíodh an timpeallacht nó an talamh ón Chré-Umhaois nuair nach bhfaightear ach réimse theoranta adhmaid i líonta sna claiseanna. Is féidir feidhmiú láithreán campála Pottlebane 1, na háitheanna, agus na teallaigh a aithint le muinín. Is féidir ceithre shuíomh a aithint mar dhumha cloiche dóite, cé go bhfuil toirteanna agus dátaí éagsúla acu, agus cé nach bhfuil dumha suntasach i dtrí cinn acu tá cuid mhaith claiseanna beaga ar an chuid seo den M3 nach bhfuil muid ábalta a bhfeidhmiú a chinntiú go fóill.

*Tá sé suntasach gur léiríodh níos moille gur tháinig gnéithe áirithe a fuarthas iontach dá chéile ó thréimhsí an-difriúla, ag taispeáint go raibh gníomhmhaíocht ar achar an-leathan ann.*

Cé nach bhfuarthas suíomh mór ar bith taobh istigh de chonair an bhóthair, tá a fhios againn go bhfuil cuid acu sa cheantar seo i nGleann na hAbhann Duibhe. Fuarthas dhá lios luathmheánaoiseacha thoir agus theas ó na suímh eg Potáil Bhán. Faightear áitheanna agus claiseanna ón dáta seo mar gheall ar an fheirmeoireacht atá bainteach leis na háiteanna lonnaithe seo. Tá móta Angla-Normannach réasúnta mór taobh thiar de na suímh ag Dairbhre. Tógadh mótaí de ghnáth in ionaid straitéiseacha le súil a choinneáil ar an trácht ar na bealaí, rud a thaispeánann go raibh



An foirgneamh iarnaoiseach le claiseanna agus clocha dóite spréite thart timpeall.



Leath-theascán den teallach ag Derver 3.

bealach daingean sa ghleann seo roimh an ionradh Angla-Normannach. Tá sé suimiúil tabhairt faoi deara go raibh ról cosúil leis seo ag láithreán campála na Cré-Umhaoise Luath ag Pottlebane 1.

Tá an tréimhse réamhstairiúil níos deacra toisc nár aithníodh suímh mhóra sa cheantar. Tuairimítear go minic go raibh cnuasaigh de chlaiseanna in aice ionad lonnaithe nuair a ghlactar leis nár fhág na háitribh féin iarsmaí seandálaíocha a aithneofaí go soiléir. Sa chás seo tá na claiseanna scaipthe barraíocht agus tá an méid atá ann chomh beag sin nach bhfuil an míniú seo sásúil, is dócha. B'fhéidir gur baineadh úsáid as na claiseanna le fáil réidh de bhruscar ach chiallódh sin go rabhthas ag tabhairt bruscair go háiteanna scaipthe ar an tírdhreach ó áiteanna lonnaithe i bhfad i gcéin, nó go raibh an próiseas céanna ar siúl i bhfad ó áit lonnaithe a chruthaigh go leor bruscair go raibh sé de dhíth é a chur i dtalamh. Chomh maith leis sin, ní thaispeánann an sórt ábhair a bhí ann go rabhthas ag caitheamh amach bruscair; bheifí ag súil le níos mó ná corrphíosa cnáimhe, blúire amháin criadóireachta nó dúradán gualaigh. Ní móide gur baineadh úsáid as na claiseanna do stóráil ach oiread toisc go raibh siad i bhfad ó áit lonnaithe ar bith, de réir dealraimh, agus go raibh an talamh fliuch sa cheantar an t-am ar fad. Más mian linn an míniú seo a thabhairt bheadh orainn ceisteanna deacra a fhreagairt, mar shampla, cad chuige gur stóráladh earraí in ionaid iargúlta, cén dóigh a bhfaighfí ar ais iad, agus an dóigh gur fágadh an sórt líonta a taifeadadh trí stóráil agus athfháil.

Faoi dheireadh, caithfidh muid smaoineamh ar úsáid na gclaiseanna i ndeasghnátha. Sa chás seo, is feidir go léiríonn na líonta sna claiseanna gur cuireadh ábhar deasghnách de shórt éigin i gclaiseanna tochailte ar leith. B'fhéidir gur fágadh píosaí beaga de bhlúirí pota agus de chnámha mar pháirt de dheasghnáth éigin agus gur tháinig na dúradáin gualaigh in amanna ó na tinte in aice leis na claiseanna ach nach raibh sna claiseanna féin. Míníonn seo an chlais bheag ina raibh an chnámh dhaonna créamaithe ag Pottlebane 2 agus is féidir gur tháinig an spré criadóireachta ar dhromchla na talún ag Derver 1 ó bhriseadh pota d'aon turas i searmanas. B'fhéidir go léiríonn na clocha nach raibh dóite a fágadh faoi líonta ina raibh a lán gualaigh sna claiseanna ag Pottlebane 1 go raibh deasghnáth ar siúl. Ach níl fianaise sna claiseanna gur fágadh ábhar bainteach le híobairtí deasghnáthacha go casta agus go slachtmhar, áfach, agus ní raibh déantúsáin ardstádais ann ar shuímh mar seo.

Faoi láthair caithfidh muid ceisteanna tábhachtacha a fhágáil gan freagra, ach bhí an cinneadh samplaí na timpeallachta a phróiseáil agus an méid dátaí radacharbóin agus ab fhéidir a fháil ó na suímh seo suntasach. Bhí muid ábalta dul chun cinn a dhéanamh i dtuiscint luathfhorbairt na hÉireann. Ar an taobh eile léiríonn an cineál tionscnaimh seo go bhfuil cuid mhaith den tírdhreach nach bhfuil a fhios againn cad é a bhí ar siúl ag na hÉireannaigh ann. Trí níos mó oibre allamuigh chomh maith le hanailís iarthochaltáin chuimsitheach den sórt céanna amháin, beidh muid ábalta na gnéithe seo de sheandálaíocht na hÉireann a thuiscint níos fearr.

Liosta ábhar

# Ag cur droichid thar stair na Mí



Cuid níos sine de Dhroichead Shláine, Contae na Mí, ar an taobh a théann le sruth. (Grianghraif: Rob Goodbody)

**Léirigh staidéar ar na mallaibh ar Dhroichead Bhaile Shláine le Irish Archaeological Consultancy Teo agus obair dheisithe agus chothaithe leis an ÚBN, eolas nua ar an droichead tábhachtach meánaoiseach seo.**

*Le Rob Goodbody, Historic Building Consultants*

Trasnaíonn droichead Bhaile Shláine stair iompair, mhíleata agus thionsclaíochta Contae na Mí. Is séadchomhartha taifeadta meánaoiseach é (Taifead Séadchomharthaí agus Suíomh Uimh. ME019-024), a iompraíonn príomhbhóthar náisiúnta an N2 thar na Bóinne, díreach ó dheas ó Bhaile Shláine. Tá dáta ón 14ú aois AD ag an droichead ach is mór an t-athrú atá air ó shin. De réir cuntais chomhaimseartha amháin scriosadh na droichid ar fad ar an Bhóinn seachas ceann amháin le tuile i 1330, rud a léiríonn nach ann don droichead ag Baile Shláine roimh an dáta sin. Is samplaí iad ó thréimhse na Meánaoise na háirsí le reanna sa droichead agus tá cuma ar an scéal gur tógadh an droichead tamall i ndiaidh 1330.

## Ag leathnú an droichid

Bhí an chéad droichead cúng, cosúil le mórchuid na ndroichead meánaoiseacha, agus bhí leithead 4 m ar an bhóthar a thrasnaigh é. Ba leor seo do vaigín le dul trasna an droichid, agus glacadh leis a fhad is a bhí leibhéal na tráchta le rothaí íseal, as siocair nach dtiocfadh le dhá vaigín dul thar a chéile ar an droichead. Tá fad 200 m beagnach ag an bhóthar trasna an droichid agus ghlacfadh sé am suntasach ar vaigín dul



Liosta ábhar




trasna. Chuirfeadh sé seo bac mór ar ábaltacht an droichid le glacadh le trácht le rothaí. Ar an ábhar seo leathnaíodh an droichead de réir mar a mhéadaigh méid na tráchta.

Ba é an dóigh ba choitianta le droichead a leathnú ná droichead eile a thógáil taobh leis, as siocair go raibh sé seo measartha éasca agus saor le déanamh. Ba mhinic stíl éagsúil áirse a bheith ag an droichead nua ná mar a bhí ag an bhundroichead agus i mBaile Shláine b'shin an dóigh a raibh sé mar go bhfuil cruth leathchiorclach ar na háirsí uilig ar an taobh atá in aghaidh srutha. Tá an ceangail idir an bhundroichead ar an taobh a théann le sruth agus a sheacht n-áirse de theascáin le reanna agus an obair nua atá le feiceáil go furasta faoi na háirsí.

Is é an cheist atá ann ná cén uair a leathnaíodh an droichead? De réir béaloideas na háite críochnaíodh an obair i dtrátha 1812. De réir foinse eile ní raibh an obair liostaithe sna taifid a mhaireann de chuid an Ardgiúiré, Contae na Mí, a raibh freagracht na mbóithre agus na ndroichead aige agus, mar sin de, caithfidh go raibh sé déanta ag iontaobhas bóithre paidhce a ghlac seilbh ar bhóthar Shláine i 1828. (Ba eagraíochtaí iad na hiontaobhais bóithre paidhce a bunaíodh ag Achtanna Pairliminte ar leith sa 18ú–19ú haois, a raibh an chumhacht acu le dolaí bóithre a bhailiú ar mhaithe le cothú na bpríomhbhóithre.). Déanta na fírinne, níl an gabhal idir cuid nua agus shean an droichid le fáil in dhá áirse canála agus as siocair gur tógadh an chanáil sna 1760í caithfidh gur rinneadh an leathnú roimhe seo. Ní théann taifid an Ardgiúiré, Contae na Mí siar ach go dtí 1760 agus is dócha nach bhfuil an droichead luaite mar nár leathnaíodh é roimhe seo.

*Tá cuma ar an scéal gur tógadh an droichead tamall i ndiaidh 1330.*





Áirsí ciorclacha ón 18ú aois ar an taobh in aghaidh srutha.



Áirse mheánaoiseach le rinn, le háirse chiorclach ar chúl.

## An méid a léiríonn na háirsí

Tá 13 áirse ag Droichead Shláine sa lá atá inniu ann agus tá éagsúlacht leitheid agus stíle iontu siúd ar an taobh a théann le sruth. Tá ocht n-áirse i bpríomhchaol na habhann, is áirsí canála iad dhá cheann acu, áirse shruth muilinn ceann amháin eile agus is áirsí tuile iad dhá cheann eile.

### Na háirsí tuile

Is nós coitianta é in áit a dtrasnaíonn droichead gleann leathan ina bhfuil talamh íseal taobh le habhainn, áirsí a bheith ann a bhíonn tirim de ghnáth ach gur féidir leo glacadh le huisce i rith tuilte. Tá rinn ag na háirsí tuile agus ag cúig áirse eile atá san abhainn ag Baile Shláine, áit a n-éiríonn taobhanna na háirse mar stuanna a thagann le chéile mar rinn ag an bharr.

### An áirse shruth muilinn

Tá muileann ar bhruach na Bóinne ag Baile Shláine ó thréimhse luath agus is dócha go raibh áirse ann don tsruth muilinn ó am tógála an droichid. Tá cora ann, a sholáthraigh an t-arduisce leis na rothaí muilinn a thiontú, taobh leis an droichead ar an taobh a théann in aghaidh srutha agus téann an sruth muilinn faoin droichead. Léiríonn déantús an obair chloiche go bhfuil dáta meánaoiseach nó luath nua-aoiseach ag an áirse, nó muna fíorghné é tá dáta luath aige go fóill. B'fhéidir gur áirse droichid é ón tús in áit áirse shruth muilinn. Tá foirgneamh an mhuilinn mar atá inniu suntasach. Tá dáta aige ón 18ú haois agus tógadh é do pháirtíocht d'úinéirí talún agus David Jebb, an muilleoir.



Taobh meánaoiseach na n-áirsí tuile.

### Na háirsí canála

Bhí baint ag David Jebb fosta le tionscnamh chun córas canála a sholáthar taobh na Bóinne chun é a dhéanamh inseolta agus bhí an

chanáil seo ríthábhachtach don phlean le muileann mór a thógáil ag Baile Shláine. Leis an chanáil a thógáil bhí an taobh theas de dheireadh an droichid le leagadh agus áirse mhór éilipseach a thógáil le dul trasna na canála. Tharla an rud céanna ag an taobh ó thuaidh le gabhal na canála a thógáil le tabhairt chuig an mhuileann.

Nuair a bhí na báid canála á dtabhairt tríd an áirse a chuaigh chuig am mhuileann chuaigh siad taobh leis an chora agus bheadh siad tarraingthe chuig sruth an uisce ag dul thar an chora. I rith oibreacha ar an droichead ar na mallaibh fuarthas loirg chlaise sna clocha vuinsciú ar an uchtbhalla ar thaobh an bhóthair ag dul ó thuaidh ón droichead. (Is barrchúrsa an bhalla é vuinsciú, déanta de chlocha móra mín ar fána.) Tarlaíonn seo de réir cosúlachta mar gheall ar scríobadh na rópaí a mbaintear úsáid astu leis na báid a choinneáil ar shiúl ón chora, agus atá cosúil le loirg rópa atá le fáil ar dhroichid canála ar fud na tíre.



Claisí gearrtha in uchtbhalla ag rópaí in úsáid le báid canála a stiúradh.

## Droichead Shláine sa stair

B’ann do dhroichead na Bóinne ag Cath na Bóinne i 1690. Is cosúil go raibh sé ar intinn ag Rí Liam Oráisteach cuid shunstasach d’arm s’aige a chur siar le Droichead Shláine a thrasnú agus teacht aniar aduaidh ar arm Shéamais. Deirtear gur thrasnaigh meitheal s’aige ag Baile Shláine ach glactar leis anois gur thrasnaigh siad ar áth ag dul le sruth ó Bhaile Shláine ag Ros na Rí. Tá fianaise chomhaimseartha ann gur leag arm Shéamais dhá áirse de chuid an droichid sa dóigh is nach dtiocfadh le trúpaí Liam é a úsáid agus tá cuma ar an scéal gur fíor é seo.

As siocair gur atógadh dhá cheann an droichid don chanáil níl sé cinnte an ann don dá áirse a atógadh i ndiaidh Chath na Bóinne. Tá an fhéidearthacht ann, áfach, gurb iad an ceathrú agus an cúigiú áirse ó thuaidh iad siúd a scriosadh roimh an chath. Níl an dá cheann seo cosúil leis an chuid is mó de na háirsí san abhainn agus de na háirsí tuile sa dóigh is go bhfuil cruth leathchiorclach orthu. Tá eochracha triantánacha acu agus níl clocha íochtaracha na háirse fáinní, líne clocha a dhéanann faobhar na háirse, ailínithe ar lár chuar na háirse ach luíonn siad giota beag níos cóngaraí don líne láir chothrománach. Tá an dá ghné seo coitianta in áirsí droichid de thréimhse na Meánaoise agus luath Nua-aoise, agus ní bheadh siad as áit in áirse tógtha go mall sa 17ú aois.

Tharla eachtra le déanaí i stair an droichid i lár an 20ú aois nuair a rinneadh na fothaobhanna a spré le coincréit leachta i bpróiseas darbh ainm ‘gunniting’. Caithfidh go raibh lorg na staire leis na fir a rinne an obair seo, mar faoi cheann d’áirsí chaol na habhann scríobh siad an bhliain sa choincréit fhliuch ‘1957’.



Áirse chanála a tógadh sna 1760í.

Liosta ábhar

# GLUAIS

## Anailís fhosfáite

Cineál anailíse ceimicí as a mbaintear úsáid le hiarmhair fhosfáite a shainaithint, gur féidir leo léiriú gur ann do loirg orgánacha a tháinig ó ghníomhmhaíocht dhaonna san am a chuaigh thart.

## Angla-Normannach

Ba shliocht na Normannach a rialaigh Sasana tar éis choncas Liam na Normlainne sa bhliain 1066 AD a bhí sna hAngla-Éireannaigh. Ba thiar sa bhliain AD 1169 a rinne na hAngla-Normannaigh ionradh ar Éirinn.

## Aonad Tomhas Táimhe

Gléas leictreonach a thomhasann agus a thugann tuairisc ar luas, treo agus forsaí imtharraingteacha eitleáin.

## Babhla cairíonach

Cineál soithigh criadóireachta ón Aois Neoiliteach Luath le gualainn faoi leith , scrogall mín cuasach agus bile iompaithe amach.

## Breochlaoch

Cloch chrua shobhriste shiliceach le tréithe briste sliogán atá an-fhóirsteanach do shaothrú uirlisí le faobhar.

## Bró

Cloch mhór ar baineadh leas aisti chun grán a mheilt ina phlúr. Ba iad na ceithre phríomhchatagóir brónna a fuarthas in Éirinn, de réir an dáta: an bhró dhiallaite, an bhró choirceoige, an bhró rothlach agus an bhró chorcáin.

## Córas Suite Domhanda

Cuireann Córas Suite Domhanda (CSD) domhanfhad agus domhanleithead do shuí ar an talamh ar fáil, ag déanamh tagartha do shatailítí. Mar sin, ceadaíonn sé suirbhéireacht chruinn agus ghasta agus mapáil gnéithe ar an dhromchla.

## Créamadh

Nós corpáin a dhó atá sa chréamadh. Ba ghnách sa réamhstair go gcuirfí an luaithreach isteach i soitheach potadóireachta agus go gcuirfí i gclais í.

## Cré-úmhaois

An ré (c. 2400–600 RCh) a tháinig i ndiaidh na tréimhse Neoilití ar tugadh isteach cré-umha le haghaidh uirlisí agus arm.

## Cur i dTalamh gan chumhdach

An nós corpáin na marbh a leagan in uaigh.

## Dátú radacarbóin

Modh eolaíochta do dhátú ídiú an iseatóip radaighníomhaigh Carbón 14, atá le fáil i ngach aon ábhar orgánach.

## Déantán

Aon ní inghluaiste arna úsáid, arna mhodhnú nó arna dhéanamh ag daoine.

## Díog fháinneach

Imfhálú beag ciorclach arna shainiú le díog ar dhéanamh fáinne ar minic a bhfuil baint aige le hadhlacadh réamhstairiúil. Fuarthas amach gur feart fáinneach treafa a bhí in go leor acu.

## Faience

Ábhar glas le cuma ghorm air déanta ó chré shileacáin bácáilte.

## Feart Fáinneach

Is dumha adhlactha é feart arna dhátú go ginearálta ón gCré-umhaois agus ón Iarannaois. Is é an feart fáinneach an fhoirm is coitianta agus is éard atá ann dumha cré íseal ciorclach, 15–20 m ar trastomhas, imfhálaithe le díog móide mhúr seachtrach.

## Fulacht fiadh

Suíomh, ón Chré-Umhaois de ghnáth, ina bhfaightear dumha crú-chruthach de chlocha dóite, tinteá(i)n agus trach(anna). Baineadh leas as na suímh sin d'fhonn uisce a théamh i gcomhair éagsúlacht cuspóirí féideartha. Ionaid chócaireachta ársa a bhí iontu freisin.

## Gné sheandálaíoch

Aon chuid de shuíomh seandálaíoch a leithéid poll cuaille, clais, balla, díog nó aon screamh a d'fhéadfadh bheith carntha ar an suíomh.

## Iarmheánaoiseach

An tréimhse i ndiaidh na tréimhse meánaoisí, ar minic a fheictear í mar an ré i ndiaidh dhíscaoileadh na mainistreacha i lár an 16ú haois.

## Iarnaois

Tréimhse dheireanach na réamhstaire, ag tosú ó 800 RCh. Ba sa tréimhse sin a fuair an t-iarann an lámh in uachtar ar an gcré-umha do dhéanamh uirlisí agus arm.

## *In situ*

Deirtear go bhfuil déantáin sheandálaíocha in situ nuair a fhaightear iad san áit ar cuireadh iad ar deireadh thiar (i.e. gan chorraí gan tochailt).

## Lignit

Gual bog scothdhonn/dhubh ina bhfuil an t-athrú ó ábhar glasra imithe níos faide ar aghaidh ná mar is amhlaidh i gcás móna ach nach bhfuil sé imithe chomh fada is atá sé i gcás guail bhiotúmanaigh. Baineadh úsáid go minic as lignít snasaithe nó gaing chun bráisléid a dhéanamh sa Luath-mheánaois.

## Líonadh

Téarma a mbaintear úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar shraith(eanna) aonair ábhair laistigh de ghnéithe seandálaíochta a leithéidí poll cuaille, clais nó díog.

Liosta ábhar

## Lios/Ráth

Áitreabh feirme ón luath-mheánaois lena mbaineann cuibhreann ciorclach arna sainiú ag múr cré agus díog sheachtrach. Féadann dhá nó trí mhúr bheith sna créfoirt ardstádais.

## Meánaoiseach

An tréimhse i ndiaidh na hIarnaoise, a tharlaíonn in Éirinn ó thús na Críostaíochta sa chúigiú haois AD anuas go dtí an 16ú haois.

## Méisiliteach

An Mheán-Chlochaois, c. 8000–4000 RCh, nuair a chéadlonnaigh na sealgairí agus soláthraithe luatha in Éirinn.

## Móta agus bábhún

Daingean cré Angla-Normannach lena mbaineann dumha mór géarthaobhach, réidh ar barr, agus timpeallaithe ag díog, le clós dronuilleogach nó ubhchruthach in aice leis, ar ar tugadh bábhún, arna shainiú ag dumha agus díog sheachtrach.

## Neoiliteach

Tháinig an Chlochaois Nua, c. 4000–2400 RCh roimh thabhairt isteach na miotalóireachta agus feictear tús na feirmeoireachta lena linn.

## Seirt

Cloch ar dhéanamh breochloiche, ar dath liath, dubh nó gorm de ghnáth.

## Slaig

Fuíoll agus ábhar dramhaíola neamh-mhiotalach ar chosúlacht ghloine a fhágtar ar leataobh i ndiaidh bruithniú miotail.

## Suirbhé geofisiceach

Modh eolaíochta chun taiscéaladh faoi bhun dhromchla na talún trí éagsúlachtaí nó 'aimhrialtachtaí' a thomhas in airíonna maighnéadacha, leictreacha agus eile de chuid na hithreach ar féidir ionstraimí suirbhéireachta iad a bhrath.

## Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna

Liosta de shuímh sheandálaíochta agus na mapaí a ghabhann leis arna thaifeadadh ar bhonn contae ag an Stát. Tá cosaint áirithe dlí ag suímh sheandálaíochta atá cuimsithe sa liosta.

## Uaimh thalún

Struchtúr fothalún ón Luath-mheánaois lenar bhain dorchla agus seomra amháin nó ní ba mhó, agus slí isteach i bhfolach ag leibhéal na talún. Bhí feidhm acu mar thearmainn shealadacha agus mar stórlanna.

## Vigingeach

Focal Lochlannach a chiallaíonn ruathairí farraige ón Iorua, an tSualainn agus ón Danmhairg a rinne slad ar chóstaí na hEorpa ón seachtú aois AD ar aghaidh.

Liosta ábhar


# Buíochas

Ba mhaith leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta buíochas a ghabháil leis na daoine agus na heagrais seo a leanas as rannchur leis an irisleabhar agus as a mbaint leis na scéimeanna bóthair faoi thrácht:

Thaddeus Breen, Tim Coughlan, Stephen Davis, Mary Deevy, Shane Delaney, Tara Doyle, Noel Dunne, Orlaith Egan, James Eogan, Rob Goodbody, Liam Hackett, Ken Hanley, Bernice Kelly, Colm Moloney, Dermot Mulligan, Richard O'Brien, Paul O'Keeffe, Milica Rajic, Stuart Rathbone Niall Roycroft, Michael Stanley, Farina Sternke, Paul Stevens, Rónán Swan, Archaeological Consultancy Services Teo, Comhairle Contae Cheatharlaigh, Comhairle Contae Chorcaigh, Roinn Seandálaíochta, Coláiste Ollscoile, Corcaigh, Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin, Eachtra Archaeological Projects, Irish Archaeological Consultancy Teo, Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Contae Luimnigh, Comhairle Contae Lú, Comhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh, Comhairle Contae Uí bhFáilí, Rubicon Heritage Services Teo, TVAS (Ireland) Teo, Valerie J Keeley Teo, Comhairle Contae Phort Láirge, Comhairle Contae na hIarmhí, Comhairle Contae Loch Garman.

Atáirgtear an t-ábhar ó Shuibhéireacht Ordanáis na hÉireann le caoinchead Rialtas na hÉireann agus Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann faoi uimh. cheadúnais EN0045206

# Leabhair nua ó ÚBN





## *Borderlands*

Iniúchtaí seandálaíocha fad bealach scéim bóthair an M18 Gort go Cróisín
**Monagraif Scéim ÚBN 9**

Le Shane Delaney, David Bayley, Ed Lyne, Siobhán McNamara, Joe Nunan agus Karen Molloy

Le foilsiú i Meán Fómhair 2012
ISBN 978-0-9564180-6-7
€25





## *Beneath the Banner*

Seandálaíocht an M18 Seachród Inis agus N85 Bóthar Faoisimh Thiar, Contae an Chláir
**Monagraif Scéim ÚBN 10**

Le Nóra Bermingham, Graham Hull and Kate Taylor

Le foilsiú i Meán Fómhair 2012
ISBN 978-0-9564180-7-4
€25




## *Encounters between Peoples*

**Seandálaíocht agus an ÚBN**
**Monagraf sraith Uimh. 9**

Curtha in eagar ag Bernice Kelly, Niall Roycroft agus Michael Stanley

Le foilsiú i mí Lúnasa 2012
ISBN 978-0-9564180-8-1
€25

**Ar fáil sna siopaí leabhar, nó go díreach ó Wordwell Book Sales, Aonad 9, 78 Bóthar Furze, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18 (teil: +353 1 2947860; r-phost: office@wordwellbooks.com).**

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

Liosta ábhar